

SOMHAIRLE MAC GILL-ÉAIN AGUS SEÁN Ó RÍORDÁIN

Friotal, Creideamh, Moráltacht.

le

Pádraig Ó Fuaráin

Mionthráchtas a cuireadh faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge,
Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, mar chomhlíonadh ar chuid de
choinníollacha na Céime M. A. Fómhar 1994.

CLÁR

Tagairtí:		ii
Focal Buíochais:		iii
Réamhrá		1
	Beatha agus Saothar Shomhairle Mhic Gill-Éain.	4
	Beatha agus Saothar Sheáin Uí Ríordáin.	14
	Nótaí.	25
Caibidil a hAon:	Teangacha Príobháideacha.	29
	Conclúidí.	57
	Nótaí.	58
Caibidil a Dó:	Reiligiún.	61
	Conclúidí.	108
	Nótaí.	109
Caibidil a Trí:	Moráltacht.	112
	Conclúidí	145
	Nótaí.	146
Tátaí.		149
	Nótaí.	153
Leabharliosta:		154

TAGAIRTÍ

Tagraíonn na figiúirí i lúibíní m.sh. (1) (2) agus rl. do na nótaí ag deireadh gach caibidile.

Bhaineas téacs dánta Shomhairle Mhic Gill-Éain as O Choille gu Bearradh / From Wood to Ridge: Collected Poems in Gaelic and English, (London: Vintage, 1991) ach amháin téacs an dáin A' Ghort Mhòir' a bhaineas as Somhairle: Dàin is Deilbh in eag., Angus Peter Campbell, (Stornoway. Acair, 1991).

Bhaineas téacs dánta Sheáin Uí Ríordáin as na cnuasaigh seo leanas:

Eireaball Spideoige (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, An Seachtú Cló, 1976).

Brosna (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, An Ceathrú Cló, 1979).

Linte Limbó (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, An Dara Cló, 1974).

Tar Éis Mo Bháis (Baile Átha Cliath: Sáirséal. Ó Marcaigh, An Tríú Cló, 1986).

Bhaineas na sléachta ón Scríptúr as An Bíobla Naofa (Maigh Nuad: An Sagart, 1981).

Noda:

E.S. -Eireaball Spideoige

B. -Brosna

LL -Línte Limbó

T.E.B. -Tar Éis Mo Bháis

FOCAL BUÍOCHAIS

Gabhaim buíochas ó chroí le mo stiúrthóir, Máire Ní Annracháin, as ucht a comhairle agus a moltaí agus as ucht dréacht den aiste seo a léamh. Táim fíorbhuíoch d'fhoirne na leabharlann seo leanas:

Leabharlann Choláiste Phádraig, Maigh Nuad:

Leabharlann Choláiste Teicniúil Réigiúnach, Sligeach:

Leabharlann an Chontae, Sligeach.

Gabhaim buíochas le Máirín Puirséal a chlóbhuail an aiste.

RÉAMHRÁ

Ní léir, ar an gcéad amharc, go bhfuil mórán cosúlachta idir filíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain agus saothar Sheáin Uí Ríordáin. Is file próbháideach é an Ríordánach. Baineann a chuid filíochta le coimhlint inmheánach an duine idir bás is beatha, idir creideamh is ainchreideamh, idir saoirse is daoirse. Tarlaíonn an choimhlint seo i gcroí an duine féin. Níl cabhair le fáil ó éinne. Caithfidh sé an 'mise ceart' (ES. 84) a aimsiú sula bhféadfaidh sé an 'gníomh oiriúnach' (ES.13) a dhéanamh.

Each mortal thing does one thing and the same:
Deals out that being indoors each one dwells;
Selves - goes itself; *myself* it speaks and spells,
Crying *What I do is me: for that I came.* (1)

Siad na coimhiintí céanna atá faoi chaibidil ag Somhairle Mac Gill-Éain ina chuid filíochta ach go bhfuil siad ar siúl, ní i gcroí an duine ach ar dhromchla an domhain. Is filíocht phoiblí cuid mhór dá shaothar agus fiú ina chuid filíochta grá, briseann an *condition humaine* isteach ar a choimhneas pearsanta. Is as an teannas idir slánú pearsanta agus slánú an domhain a eascraíonn cuid de na dánta is cumhachtaí in Dàin do Eimhir.

Cé go raibh an bheirt fhile seo ag plé le nithe uilíochta, ba ina n-eispéireas agus ina ndúchas féin a fuair siad amhábhbar a gcuid filíochta. Bhí seo le rá ag Seán Ó Ríordáin:

Má labhrann tú ar an Ego agus gurb é atá i gceist agat ná an Duine agus an sampla is giorra duitse don duine: táim ag féachaint ar an duine... Nílím ag cuimhniú ar Sheán Ó Ríordáin, orm féin go pearsanta, bím ag cuimhniú ar an duine, ar an aigne sin: deinim amach go bhfuil an sórt sin filíochta ar an Ego sláintiúil. (2)

Agus i litir a scríobh sé chuig Hugh MacDiarmid sa bhliain 1942 dúirt Somhairle Mac Gill-Éain:

But of course, all art is subjective; the problem is to camouflage the subjectivity so that it doesn't offend others, to become universal or apparently universal in one's subjectivity.... (3)

Ba mhór na difríochtaí a bhí idir saoil agus eispéireas na beirte. Bhí Mac Gill-Éain láidir, sláintiúil, cuideachtúil. Bhí sé ina scoláire Ollscoile, ina mhúinteoir, ina shaighdiúir. Bhí sé gníomhach i gcúis na Gàidhlig agus i gcúrsaí polaitíochta. Bhí Ó Ríordáin aonaránach, leochaileach, á oiliúint féin ina sheomra beag in Inis Cara, nó ina othar oispidéil. Bhí Mac Gill-Éain muiníneach as a chumas teanga féin agus socair ina dhúchas. Bhraith Ó Ríordáin scoilt ann féin idir Gaeilge a mháthar agus Béarla a athar, idir Baile Bhúirne agus Inis Cara, idir é féin agus an saol amuigh.

Fáisceadh Mac Gill-Éain agus Ó Ríordáin as pobail ina raibh traidisiúin shaibhre léinn agus litríochta. Ach bhí na traidisiúin sin ag éirí spíonta neamhthorthúil. Bhí an domhan inar fhás siad ag dul in éag agus ní raibh ann do na filí agus na scéalaithe ach a bheith de shíor ag féachaint siar. Chuaigh an bheirt fhile i dteangmháil le domhan nua - domhan corraithe anbhuaín an fichiú haois. Sé an t-éacht a rinne siad ná gur éirigh leo friotal na seanteangacha a athnuachan i dtreo is go raibh siad in ann corraíl agus anbhuaíne na haoise seo a chur in iúl.

Beidh mé ag baint úsáide as an bhfocal 'dúchas' go minic san aiste seo. Séard a chiallaím le dúchas ná an t-eolas agus na réamhchlaonta, na traidisiúin agus na tuairimí a fhaigheann pobal mar oidhreacht óna shinnsir agus a bhíonn ionchollaithe i dteanga agus reiligiún, i stair agus seanchas, i mbéaloideas agus i litríocht an phobail agus a chuireann ar chumas duine é féin a aithint mar bhall den phobal sin.

Séard atá rómham a dhéanamh ná filíocht na beirte a iniúchadh féachaint an féidir liom cuntas éigin a thabhairt ar na tionchair a mhúnlaigh a gcuid filíochta, ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí atá san fhilíocht sin agus ar an saoldearcadh a léirítear i saothar na beirte

faoi seach. Beidh mé ag glacadh leis gur filíocht fhaoistiniúil cuid mhór dá saothar agus mar sin beidh mé ag tagairt do shaoil na bhfilí chun cuidiú liom léas a chaitheamh ar an bhfilíocht.

Beidh mé ag féachaint go háirithe ar:

1. Conas a d'éirigh leo friotal a chruthú a bhí dílis dá dteangacha dúchais agus a bhí inniúil ar chúraimí a linne a chur in iúl.
2. Conas a chuaigh an reiligiún i gcion ar a gcuid filíochta.
3. An dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht na beirte faoi seach.

BEATHA AGUS SAOTHAR SHOMHAIRLE MHC GILL-ÉAIN.

Ríomhann Joy Hendry príomhimeachtaí bheatha Shomhairle Mhic Gill-Éain ina haiste 'Sorley MacLean: The Man and his Work' (4).

Tugann an t-údar féin tuilleadh eolais ina aiste:

'My relationship with the Muse' (5) agus ins na hagallaimh a bhí aige le Donald Archie MacDonald (6), INNTI 10 (7) agus Joy Hendry (8). Ina theannta sin, tá mionphointí suimiúla faoina shaol le fáil sa leabhrán a foilsíodh mar chatalóg don taispeántas a cuireadh suas i Leabharlann Náisiúnta na hAlban nuair a bhí an file seachtó bliain d'aois. (9)

Rugadh Somhairle Mac Gill-Éain ar Oileán Ratharsair, oileán beag idir an t-Oileán Sgitheanach agus móirthír na hAlban. Ba de bhunadh Ratharsair muintir a athar le sé ghlúin anuas cé gur dócha gur tháinig siad ó dhúiche Chlann Mhic Gill-Éain ar Oileán Mhuile ó thús. Ba de chlann Mhathain máthair a athar. Díbríodh a sinsir óna dtailte ar an móirthír agus cuireadh iad go dtí an tOileán Sgitheanach. Ba de Chlann Mhic Neacail a mháthair agus rugadh í ar an Oileán Sgitheanach. Táilliúr ba ea a athair agus bhí croit bheag aige. Dhíol sé an chroit nuair a bhí an chlann óg agus as sin amach bhí an líon tí i muinín an ghnó tháilliúireachta.

Cúigear mhac agus beirt iníon a bhí sa chlann agus ba é Somhairle an dara mac ba shine. Fuair sé a bhunoideachas ar Oileán Ratharsair agus sa bhliain 1924 chuaigh sé go dtí an mheánscoil i bPort Rìgh ar an Oileán Sgitheanach. Chruthaigh sé go maith ar scoil go mór mhór sa Stair, sa Laidin, sa Ghàidhlig agus sa Bhéarla.

Sa bhliain 1929 chuaigh sé go hOllscoil Dhún Éideann. Ba mhaith leis céim a bhaint amach sa Ghàidhlig ach b'fhacthas dó gur bheag an seans a bheadh aige post a fháil leis an gcéim sin. Chomh maith leis sin bhí an cúrsa sa Ghàidhlig an-acadúil agus ba sa litríocht ba mhó a bhí a dhúil. Bhí an-chuid filíochta léite aige cheana féin idir

fhilíocht na Gàidhlig agus an Bhéarla chomh maith le roinnt mhaith sa Fhraincís agus sa Laidin. Bhí an-mheas aige ar fhilíocht Wordsworth agus Shelley, go mór mhór ar 'Prometheus' Shelley. Mar sin shocraigh sé ar chéim onóracha a dhéanamh sa Bhéarla.

Sula ndeachaigh sé go dtí an Ollscoil ní raibh mórán nuafhilíocht Bhéarla léite aige. San Ollscoil chuir sé aithne ar shaothar Eliot, Pound, Hopkins agus Yeats. Ina theannta sin rinne sé dianstaidéar ar obair na bhfilí meitifisiciúla ó ba rud é go raibh an t-Ollamh le Béarla, Herbert Grierson, ina mhórúdar ar fhilíocht John Donne. Tá tionchar na bhfilí meitifisiciúla le haireachtáil ar dhánta mar 'An Sgian' agus 'A Chiall 's a Ghrádh'.

Bhí sé ag scríobh filíochta i mBéarla agus i nGàidhlig ó bhí sé sé bhliana déag d'aois. Lean sé leis an scríbhneoireacht nuair a bhí sé san Ollscoil ach d'eirigh sé mí-shásta lena iarrachtaí í mBéarla.

I came to realise that my English verse, which was mostly imitative of Eliot and Pound, was over-sophisticated, over selfconscious, and that what I had written in Gaelic was better in the sense that it was more myself. (10)

Sa bhliain 1931 scríobh sé 'A' Chorra-ghridheach' agus,

Thuigeas láithreach gurbh fhearr go mór é
ná aon rud dá raibh scríofa i mBéarla agam.... (11)

Sa bhliain 1933 bhain sé a chéim amach le Céad Onóracha agus bheartaigh sé dul le múinteoireacht. Chaith sé bliain sa choláiste traenála, Moray House, i nDún Éideann. Sa bhliain 1934 fuair sé post mar mhúinteoir Bhéarla ina shean scoil i bPort Rìgh agus d'fhan sé ansin go deireadh 1937.

Ó bhí sé an-óg bhí sé tógtha le cúrsaí sóisialta agus le cúrsaí polaitíochta. Bhí a bhá go mór leis an sóisialachas agus leis an náisiúnachas agus nuair a bhí sé san Ollscoil chláraigh sé i gcaobh na hollscoile de Pháirtí an Lucht Oibre. Bhí an faisisteachas ag

borradh ar fud na hEorpa i rith na bhficheadaí agus na dtríochadaí. Bhí Mussolini i gcumhacht san Iodáil ó 1922 agus tháinig Hitler i gceannas sa Ghearmáin i 1933. Nuair a d'ionsaigh Franco rialtas na Poblachta sa Spáinn i 1936 tháinig an Iodáil agus an Ghearmáin i gcabhair air. B'fhacthas do lucht na heite clé ar fud an domhain go raibh na faisistigh ar tí an Eoraip a chur faoi chois. Bunaíodh an Bhriogáid Idirnáisiúnta chun tacaíocht a thabhairt don Phoblacht agus tháinig na céadta daoine ón Eoraip agus ó Mheiriceá chun troid in aghaidh na bhFaisisteach. Ina measc bhí an-chuid intleachtóirí, ealaíontóirí agus filí mar Auden, Spender agus John Cornford ó Shasana, Hugh MacDiarmid ó Albain agus Charles Donnelly ó Éirinn. Ba gheall le crosáid ar son na saoirse acusan an cogadh sa Spáinn.

Bhí Somhairle Mac Gill-Éain ar aon intinn leis na daoine sin faoi thábhacht na coimhlinte ach, nuair a d'iarr cara leis, Jack Stewart, air dul leis go dtí an Spáinn, chinn sé gan dul. Bhí ag teip ar ghnó tháilliúireachta a athar agus i 1936 d'éirigh a mháthair go dona tinn agus mheas sé go raibh sé de dhualgas air cabhair a thabhairt don dream ab óige ná é ina chlann.

Ní raibh aon bhaint ag cúrsaí grá leis an gcinneadh a rinne sé gan dul go dtí an Spáinn. Sa bhliain 1934 casadh cailín air ar an Oileán Sgitheanach agus thug sé taitneamh dí. Sa bhliain 1937 casadh cailín Éireannach air agus thit sé go mór i ngrá léi.

Ó a Dhia, má thit éinne i ngrá riamh thit mise i ngrá léise....(12)

Níor luaigh sé a rún le ceachtar den bheirt acu, áfach, agus níor cheachtar acu ba chúis leis fanacht sa bhaile ón Spáinn.

In 1936-37 a woman did not stop me from Spain, but I realised that if it were pure choice between the woman and Spain, I would choose the woman. (13)

Pléann sé an rogha mhorálta seo idir an mhian phearsanta agus an dualgas poiblí i gcuid de na dánta in Dáin do Éimhir.

Chaith sé an bhliain 1938 ag múineadh i meánscoil Tobar Mhoire ar Oileán Mhuile. Ba í seo dúiche Chlann Mhic Gill-Éain agus cuireadh i gcuimhne go láidir dó an bhrúidiúlacht a imríodh ar a shinnsir.

I think Mull had much to do with my poetry: it's physical beauty, so different from Skye's with the terrible imprint of the clearances everywhere on it, made it almost intolerable for a Gael, especially for one with the proud name of MacLean...(14)

Scríobh sé roinnt dánta , 'Ban-Ghàidheal' ina measc, i rith na bliana a chaith sé ar Oileán Mhuile. Ba ag an am seo freisin a smaoinigh sé ar 'An Cuilithionn' a scríobh cé nár thosaigh sé air go dtí an bhliain dar gcionn.

It was in Mull in 1938 that I conceived the idea of writing a very long poem, 10,000 words or so, on the human condition, radiating from the history of Skye and the west Highlands to Europe and what I knew of the rest of the world. (15)

I dtosach na bliana 1939 fuair sé post mar mhúinteoir i nDún Éideann agus i mí Mheán Fómhair na bliana sin bhí sé ina chogadh san Eoraip. Bhí sé ar intinn aige dul isteach san airm agus d'éirigh sé as a phost ach níor liostáil sé go dtí gur conscríobhadh é isteach sa 'Signal Corps' i mí Mheán Fómhar 1940. Idir an dá linn bhí sé ag múineadh páistí a aslonnaíodh de bharr an Chogaidh.

Sa bhliain 1939 casadh bean Albanach air a raibh aithne aige uirthi na blianta roimhe sin. Thit sé go mór i ngrá léi ach nuair a nocht sé a ghrá di dúirt sí go raibh éalaing choirp uirthi a chuirfeadh bac uirthí gnáthshaol pósta a bheith aici. Chorraigh riocht na mná agus a ghrá di go mór é agus idir Mí na Nollag 1939 agus Mí Iúil 1941 scríobh sé sraith dánta a bhfuil an grá ciaptha gan dóchas mar ábhar acu. Deir sé féin faoi na dánta sin:

Sílim go mbrúnn na dánta sin an grá rómánsúil chomh fada sin nach grá rómánsúil níos mó é. (16)

I Mí Mheán Fómhair chuaigh sé isteach san airm agus i Mí na Nollag 1941 cuireadh go dtí an Éigipt é. Gortaíodh go dona é ag cath El Alamein i Mí na Samhna 1942. Chaith sé naoi mí san ospidéal dá bharr sin. Nuair a ligeadh as an airm é chuaigh sé ar ais ag múineadh i nDún Éideann. Phós sé Renee Cameron sa bhliain 1946 agus sa bhliain 1956 ceapadh é mar phríomhoide sa mheánscoil i bPoc Loch Ailse in Iarthar Rois. D'fhan sé ansin go dtí gur éirigh sé as an múinteoireacht sa bhliain 1972. D'fhill sé ar an Oileán Sgitheanach mar a bhfuil cónaí air ó shoin i dteach a shean seanmháthar.

Bronnadh céimeanna onóracha ar Shomhairle Mac Gill-Éain ó Ollscoil Dhun-deagh (1972), ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (1979), agus ó Ollscoil Dhúin Éideann (1980). Tá go leor taistil déanta aige in Éirinn, i Meiriceá agus ar mhór-roinn na hEorpa ag léamh a chuid filíochta.

An Fhilíocht.

Bhí Mac Gill-Éain ag fáil aitheantais mar fhile óna chomhfhilí le linn na dtríochadaí. Mhol Edwin Muir aistriúchán de 'A' Chorra-ghridheach' go hard. Bhí sé an-cháirdiúil le Hugh MacDiarmid agus bhí ard-mheas ag an mbeirt acu ar fhilíocht a chéile. Bhí a dhánta á bhfoilsíú in irisí éagsúla ach níor cuireadh i leabhar iad go dtí 1940 nuair a d'fhoilsigh Robert Garioch Seventeen Poems for Sixpence (17). Bhí ocht ndán de chuid Mhic Gill-Éain sa chnuasach maille le hocht gcinn le Garioch agus aistriúchán a rinne Garioch ar 'Am Buaireadh'.

Sa bhliain 1943 foilsíodh Dàin do Eimhir agus Dàin Eile (18). Ocht ndán is dhá scór de dhánta grá a bhí sa leabhar chomh maith le roinnt dánta eile. Scríobh Tomás de Bhaldraithe léirmheas ar an leabhar. In Comhar dúirt sé:

Ní gnáth-dhánta grádha iad seo. An chuid is fearr acu, is léiriú iad ar an síor choimhlint ag an bhfile idir an claonadh chun a dhualgais dá chomhdhaoine agus a ghrá do spéirbhean

'a dh'fhiairich mo shlighe
bho shireadh mo thoracht'.

Agus dúirt sé freisin:

..... tasbáineann Somhairle Mac Gill-Éain go bhfuil cumas aige ar an teanga, go bhfuil an bua sin atá riachtanach don fhile aige, sé sin a bheith in-ann focla neartmhara agus torthacha a fhighhe le chéile agus é a chur i n-a luighe ar an léighthoír gur aige fhéin atá an leagan is fearr a bhfuil le inseacht aige (19).

Breis agus tríocha bliain ina dhiadh sin, ní raibh na criticeóirí chomh tomhaiste sin ina gcuid moltaí. Seo tuairim Dhomhnaill Mhic Amhlaigh:

Saoilidh mi nach b'urrainn do'n bhàrdachd Ghàidhlig a bhith a riamh mar a bha roimhe an déidh do'n leabhar sin a thighinn am follais.

Aig an am, bha e a' choimhead annasach ùr agus, gu ìre tha an t-athnuadhas sin a' leantainn ris; ach a nise thathar nas dualtaiche fhaicinn 'na athchruthachadh agus 'na athleasachadh, a' cur anail ùr ann an sean ealain na bàrdachd Ghàidhlig. An déidh so chithear e, 's docha, mar an ceangal bèò gun choimeas eadar an sean shnas agus an snas ùr.....Tha an saoghal Gàidhealach ar a mhìneachadh ann an dòigh ùr, agus an t-slighe air a fosgladh gus cuspairean ùra a thogail, agus gus dòighean ùra air an toirt am follais a ghnàthachadh (20).

Bhí seo le rá ag Douglas Sealy:

In 'Dàin do Eimhir agus Dàin Eile', nearly a hundred pages of poetry burst out of the restrictions imposed by two centuries of inbreeding, and the energies that had lain dormant in the Gaelic Language for so long arose like 'ròs geal bristeadh faire'. (21)

Agus scríobh Máire Ní Anracháin:

Is cuid de bhéaloideas na hAlban é go gcuimhníonn léitheoirí i gcónaí ar an gcéad uair a tháinig siad ar 'Dàin do Eimhir' le Somairle Mac Gill-Éain. Is iad liriciúlacht, paisiún, agus blas ciaptha a chuid filíochta a scallan an léitheoir i dtosach agus a spreagann a ómós dá réir. (22)

Thosaigh sé ag scríobh 'An Cuilithionn' i 1939. Bhí sé ag iarraidh stair na hAlban a cheangal le stair na hEorpa agus le stair an domhain agus bhí muinín aige as na Cumannaigh agus as airm na Rúise mar chosantóirí in aghaidh an fhaisisteachais.

'S gus an tig an t-Arm Dearg còmhla
Le caismeachd tarsainn na Roinn-Eòrpa,
Drùidhidh iorram na truaighe
Air mo chridhe 's air mo bhuadhan.

Ach chuir brúidiúlacht na Rúiseach sa Phólainn i 1944 díomá air agus níor chríochnaigh sé an dán. Foilsíodh codanna de ó am go chéile ins na hirísí agus chuir sé an méid de a raibh sé sásta leis - breis agus míle líne - in O Choille qu Bearnadh (1989).

Scríobh sé 'Coilltean Ratharsair' i 1940 agus foilsíodh é in Gairm '72 (1970). Sa dán fada seo téann sé i muinín na miotaseolaíochta chun aghaidh a thábhairt ar cheisteanna meitifisiciúla an Oilc agus an Bháis. Pléann sé na ceisteanna céanna in 'Hallaig' (Gairm 8, 1954) atá bunaithe ar na díbirtí a tharla in Oileán Ratharsair sa 19ú haois agus in 'Uamha 'n Oir' (Chapman 15, 1976) atá bunaithe ar an mbéaloideas.

In 1970 foilsíodh Four Points of a Saltire (23) ina bhfuil dánta le Mac Gill Éain agus triúr file eile. I 1971 d'fhoilsigh Iain Crichton Smith Poems to Eimhir (24), aistriúcháin ar bheagnach daichead de na dánta grá. I 1973 rinne Céirníní Cladaigh taifeadadh de bhreis agus tríocha de na dánta á léamh ag an bhfile féin.

In 1977 foilsíodh Reothairt is Contraigh (25). Ba é seo an chéad mhórchnuasach de na dánta a tháinig amach ó 1943. Chomh maith le daichead dán as 'Dàin do Eimhir' tá timpeall tríocha dán eile sa leabhar a foilsíodh in irisí éagsúla ó 1943 anuas. Tá dhá dhán nár foilsíodh cheana ann freisin, 'Dol an Iar' agus 'Soluis'. Míúin ar a eispéireas mar Albanach in airm na Breataine san fhásach i 1941-42 is ea 'Dol an Iar'. Léiríonn sé ann a chomhbhá leis na saighdiúirí eile, fiú amháin le saighdiúirí an namhad.

Chan eil gamhlas 'na mo chridhe
ri saighdearan calma 'n Nàmhaid
ach an càirdeas a tha eadar
fir am prìosan air sgeir-thràghad'

Agus léiríonn sé ann freisin a mhórtas cine.

Agus biodh na bha mar bha e,
Tha mi de dh'fhir mhór' a' Bhràighe,
de Chloinn Mhic Ghille Chaluim threubhaich,
de Mhatanaich Loch Aills nan geurlann,
agus fir m' ainme - có bu tréine
nuair dh'fhàdadh uabhar an léirchreach

Dán grá dá bheanchéile, Renee, is ea 'Soluis'.

Sa léirmheas a scríobh Denis Donoghue don Times Literary Supplement ar Reothairt is Contraigh bhí seo le rá aige:

Remorse is his true vocation; a feeling, aroused and exacerbated by the rift between love and reason, between the claims of love and those of political commitment. (26)

Sé O Choille gu Bearradh (27) an cnuasach is cuimsíthí d'fhillíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain a foilsíodh. Tá breis agus céad dán ann ar fad. Tá furmhór na ndánta as 'Dàin do Eimhir' ann chomh maith leis na dánta fada, 'Coilltean Ratharsair', 'Hallaig' agus 'Uamha 'n Oir' agus an méid de 'An Cuilithionn' arbh bhfiú dó a fhoilsiú. Tá 'Cumha Chaluum Iain Mhic Gill-Éain', an marbhna a scríobh an file ar bhás a dhearthár, ann freisin agus 'Screapadal', dán ina cheanglaíonn sé an scrios a rinneadh ar Oileán Ratharsair ins na díbirtí leis an scrios atá in ndán don domhan ó na buamaí núicléacha atá ins na báid fo thuinn timpeall ar chósta na hAlban.

In 1991 bhí an file ochtó bliain d'aois agus foilsíodh Somhairle: Dàin is Deilbh (28) ina onóir. Tá dhá dhán le Somhairle féin ann, 'Uamha 'n Oir' agus dán nár foilsíodh cheana, 'A Ghort Mhóir'. Sa dara dán díobh seo filleann sé ar théama atá ag rith tréna shaothar go léir, sé sin dothuigtheacht na hainnise agus na fulaingte atá mar dhán ag cuid mhór den chine daonna.

Ne 'm peacadh a rinn an sgrios seo,....
Bheil nàdur coma co-dhiù
'S an Taghadh fuar-chridheach borb?

Mar a deir eagarthóir Somhairle: 'Dàin is Deilbh :

'A Ghort Mhóir' shows that his views have not changed. (29)

Tá roinnt mhaith anailíse déanta ar shaothar Shomhairle

Mhic Gill-Éain ag criticeoirí mar John MacInnes (30), Iain Crichton Smith (31), Breandán Ó Doibhlin (32), Denis Donoghue (33), John Montague (34). Tá sraith d'aistí criticiúla in eagar ag Ross and Hendry (35). Ach sé Aisling agus Toir (36), le Máire Ní Annracháin an saothar criticiúil is mó agus is doimhne atá déanta ar an bhfilíocht go nuige seo. Sa leabhar seo baineann an túdair úsáid as uirlisí an struchtúrachais agus na sicanailíse chun anailís a dhéanamh ar na dánta fada agus ar chuid mhaith de na dánta grá chun an pátrún samhlaíoch atá, dar léi, bunúsach sa saothar, a aimsiú agus a léiriú.

BEATHA AGUS SAOTHAR SHEÁIN UÍ RÍORDÁIN.

Rugadh Seán Ó Ríordáin ar an 3ú lá de Mhí na Nollag, 1916 i mBaile Bhúirne, Co.Chorcaí. Gréasaí ab ea a athair, fear a raibh an Ghaeilge ón gcliabhán aige. Bhí a mháthair ar bheagán Ghaeilge ach, bhí a sheanmháthair, máthair a athar, agus a aintín ina gcónaí i ngar dóibh agus ba as Gaeilge a labhraíodh siad lena chéile. Ceantar Breac-Ghaeltachta a bhí i mBaile Bhúirne ag an am. Bhí an Ghaeilge ag an sean dream agus bhíodh Seán ag éisteacht leo agus ag piocadh na teanga uathú. Bhí seanbhean mar chomharsa bhéal dorais acu, a raibh togha na Gaeilge aici agus bhíodh sé isteach is amach chuici ag éisteacht lena seanchas agus ag breacadh síos scéalta béaloideas uathí. Ina theannta sin thagadh a uncail, deartháir a athar, ar cuairt go minic agus théadh na leanaí ar cuairt chuige agus ba as Gaeilge a labhraíodh sé leo.

Tadhg Ó Duinnín, file agus ball de Dhámhscoil Mhúscraí, a bhí mar mhúinteoir aige. An Ghaeilge a bhí mar ghnáththeanga caidrimh sa scoil agus is léir gur múineadh raidhse Gaeilge ann. D'fhoghlaim sé 'Caoineadh Airt Uí Laoire' ar scoil agus mhúineadh Tadhg Ó Duinnín cuid de na dánta a bhíodh á gcumadh sa Dámhscoil do na leanaí. Bhí cuid mhaith de dhánta Aogáin Uí Rathaille léite aige sul ar fhág sé an bhunscoil.

Fuair a athair bás sa bhliain 1926 agus fágadh an líon tí i muinín an tsiopa bhig a bhí ag a mháthair. D'éirigh Seán féin go dona tinn leis an niúmóine nuair a bhí sé trí bhliana déag d'aois agus b'éigin dó fanacht sa bhaile ón scoil ar feadh i bhfad. 'Sin é an uair a thosnaigh an t-aonaránachas seo, b'fhéidir', a deir sé féin. (37)

Sa bhliain 1932 d'aistrigh an líon tí ó Bhaile Bhúirne go dtí Inis Cara, gar do Chathair Chorcaí. Cúigear ar fad a chuaigh ina gcónaí sa teach in Inis Cara, Seán féin, a dheartháir agus a dheirfiúir, a mháthair agus a aintín. A bheirt aintín Máire agus Gobnait, a cheannaigh an teach agus an sé acra go leith talún a bhí ag gabháil

leis. Chuir sé isteach ar Sheán, go mór mhór nuair a theip ar a shláinte, é féin agus a chlann a bheith faoi chomaoin ag na haintíní in áit dó féin a bheith ag soláthar dóibh.

Cuireadh é féin agus a dheartháir ar scoil go dtí an Mhainistir Thuaidh i gCorcaigh. Ba bheag an tionchar a bhí ag muintir na scoile, oidí ná mic léinn air. Cadhain aonair ba ea é ina measc. Bhí buachaill amháin ann, áfach, a chuaigh i gcionn go mór air ní toisc go raibh sé cáirdiúil leis ach toisc a dhifriúla leis is a bhí sé. Leo Skentlebery ab ainm don bhuachaill agus chuir Seán síos air in alt a scríobh sé san Irish Times.

Fear grinn ab ea é ach bhí a chuid grinn léannta fiú ag an am sin agus gan é ach ina mhac léinn meánscoile 'Sí canúint gradamúil an Bhéarla a labhradh sé. B'í a bhí ó dhúchais aige. Is dóigh liom go raibh mianach Sasanach ann Fear ab ea é go raibh acadúlacht agus oibiachtúlacht ag marcaócht ar an ngreann léannta a bhí ginnte ann. (38)

Bhí Skentlebery istigh leis féin agus leis an saol. Bhí iomláine agus aontacht ag baint leis. Bhí fios a áite aige. Ní hé gur shanntuigh Seán an áit sin ach gur mhothaigh sé nach raibh áit ar bith aige sa saol. Bhí sé deighilte idir saol an Bhéarla agus saol na Gaeilge, idir saol na tuaithe agus saol na cathrach, idir saol léannta na scol agus saol tuatach a mhuintire. Tá an coimthíos seo agus an tóir ar an mbarantúlacht ina mhórhéama ina chuid filíochta.

Le linn dó a bheith sa Mhainistir Thuaidh thosaigh sé ag cur suime sa drámaíocht. Bhunaigh sé cumann drámaíochta in Inis Cara agus dhéanadh siad cleachtadh i sean-seid ar chúl an tí. Is léir go raibh cumas eagraithe thar an gnáth aige nuair ab fhéidir leis an cumann a bhunú, drámaí - a bhfurmhór as Gaeilge - a léiriú i gceantar sa Ghalltacht agus áiteamh ar mhuintir na háite halla a thógáil i gcóir na ndrámáí agus imeachtaí sóisialta eile. Ba eisean a bhíodh mar stiúrthóir ar an gcuid ba mhó de na drámaí, ghlacadh sé páirt i gcuid acu agus dhéanadh sé an radharcra a phéinteáil. Bhí éirim na líníochta agus na péintéireachta ann agus chleacht sé an líníocht i rith

a shaoil.

Rinne sé dul chun cinn réasúnta maith ar scoil agus tar éis dó torthaí na hArd Teistiméireachta a fháil chuir sé isteach ar phost faoi Bhardas Chorcaí. Ceapadh é ina oifigeach cléireachais in oifig na mótarachánach agus chuaigh sé i mbun oibre i Mí Eanáir 1937. Choimeád sé an post sin go dtí go ndeachaigh sé amach ar phinsean sa bhliain 1966.

Buaileadh go dona tinn é leis an eitinn i mí an Mhárta 1938 agus cuireadh go dtí an sanatorium don chéad uair é ar an gcéad lá de mhí Aibreáin. As sin amach go dtí deireadh a shaoil bhí sé cráite ag an easláinte. Chaith sé tréimhsí fada san ospidéal agus nuair a bhíodh sé sa bhaile bhíodh air tréimhsí fada eile a chaitheamh ina sheomra beag ar chúl an tí. Nuair a bhíodh sé ar fónamh théadh sé 'síos i measc na ndaoine' ag dul chuig damhsaí sa halla in Inis Cara, ag bualadh lena cháirde i gCathair Chorcaí nó ag freastal ar thaispeántais ealaíne agus ar an amharclann.

Sé an chéad phíosa scríbhneoireachta atá againn uaidh ná an cín lae a thosaigh sé á scríobh Oíche Lae Caille na bliana 1940, cé gur léir ón gcéad iontráil a rinne sé ann go raibh a leithéid á scríobh aige roimhe sin. Faoin am seo bhí an eitinn air le dhá bhliain anuas. Lean sé ar an gcuntas a scríobh i rith a shaoil. Bhí an dialann mar sciath chosanta aige ar an uaigneas agus ar an sceon.

Is mó seift ag daoine chun gleo na stoirme a chiúiniú - deoch, mná, caid, creideamh, obair, druganna etc. An leabhar so, de réir dealraimh, an bealach éalaithe atá agamsa (39).

Ach bhí níos mó ann ná bealach éalaithe ó ainnise an tsaoil. Ba sa dialann a chleacht sé ceird na scríbhneoireachta agus a chuir sé eagar agus cruinneas ar a smaointe. Taispeánann Seán Ó Coileáin conas a tháinig giotáí próis na dialainne chun aibíochta sna dánta agus sna haltanna a scríobh sé don 'Irish Times' níos faide anonn.

Ó d'fhág sé Baile Bhúirne bhí sé ina chónaí i ndomhan an Bhéarla. Ba é an Béarla teanga an bhaile, teanga na hoifige agus teanga furmhór na n-othar sna hospidéal. Rinne sé an Ghaeilge mar ábhar scoile sa Mhainistir Thuaidh agus ina dhiadh sin chuir sé aithne ar chuid mhór den litríocht siar go ré na Sean Ghaeilge. Ach rinne sé mórán léitheoireachta thar réimse leathan de litríocht na hEorpa freisin. Bhí an Laidin ar a thoil aige agus léadh sé Catullus agus an Bíobla sa teanga sin. D'fhoghlaim sé Spáinnis agus bhí ard-mheas aige ar fhilíocht Naomh Eoin na Croise agus Lorca. Bhí eolas maith aige ar scríbhneoirí móra na Rúise go mór mhór ar Chekov agus Dostoevsky. Léigh sé agus d'athléigh sé Peer Gynt. Nuair a bhí sé ar scoil léigh sé Belloc agus Chesterton agus chuir sé aithne ar Jacques agus Raissa Maritain agus ar Teilhard de Chardin ina dhiaidh sin. Tá cur síos déanta ag Eibhlín Nic Ghearralt (40) ar conas a chuaigh Yeats, Hopkins, Ibsen, Blake agus Beckett i gcion air. Cuireann sé féin a mheas ar James Joyce in iúl sa dán 'Joyce'. (T.E.B. 21).

Ba mhór an bhris air bás a mháthar. Cailleadh í ar an 21 Eanáir 1945. Ba ise a thugadh aire dó nuair a bhíodh sé tinn sa bhaile agus ba ise freisin a thógadh leabhair agus irisí chuige ó Chathair Chorcaí nuair nach mbíodh sé féin in ann dul ann. Chaitheadh siad oícheanta fada ag caint lena chéile nuair nach mbíodh sé ar fónamh.

Deir Seán Ó Coileáin:

Na trí ní ba thábhachtaí a bhain dó ina shaol ab ea Baile Bhúirne a fhágáil, an eitinn a theacht air, agus bás a mháthar. (41)

Agus deir Seán Ó Tuama:

Ní féidir..... gan bás a mháthar a lua i leith a fhorbairt fhileata. Is fforbheag an trácht ina shaothar trí chéile ar dhaoine eile ná ar a gcruachás. Lasmuigh de féin, d'fhéadfá a rá gurb í a mháthair an t-aon phearsa eile a bhfuil gradam tábhachtach aici ina chuid filíochta. (42)

De réir a chéile chuir sé aithne ar Ghaeilgeoirí na cathrach - feidhmeannaigh an Bhardais, múinteoirí, lucht ollscoile agus sagairt. Bhí idéalachas rómánsach an náisiúnachais chultúrtha in ard a réime agus bhí Dónall Ó Corcara mar dhuine de phríomh-fháithe an idéalachais sin. Bhí ard-mheas ag Seán ar Ó Corcara ach níorbh aon fhear eagraíochta é agus níor ghlac sé páirt ar bith i ngluaiseacht na Gaeilge ná níor ghlac sé go hiomlán le fealsúnacht Uí Chorcara ach an oiread.

Chuaigh sé go dtí Dún Chaoin don chéad uair i 1950. As sin amach, mar a deir Seán Ó Coileáin, ' b'ionann bóthar na Gaeilge agus an bóthar ó Dhaingean Uí Chúise siar go paróiste Dhún Chaoin'. (43) Chaitheadh sé cuid mhaith den samhradh ann gach bliain. Snaidhmeadh buancháirdeas idir é féin agus na daoine ann go háirithe Peig Sayers, a mac, Mícheál Ó Gaoithín (An File), agus Séamus (Pound) Ó Lúing. B'ann, dár leis a thiocfadh sé ar fhíorthobar na Gaeilge agus ar fhoinsé a dhúchais féin. Bhraith sé nach raibh truailliú ná spíonadh tagtha ar an nGaeilge ná ar an saol Gaelach ann fé mar a bhí tagtha i mBaile Bhúirne.

Sa bhliain 1967 thosaigh sé ag scríobh don Irish Times agus ó 1968 go dtí 1975 scríobh sé colún seachtainiúil don pháipéar sin. Cúrsaí polaitíochta ba mhó a bhíodh idir chamáin aige sna hait sin cé gur bheag rian den pholaitíocht a bhí ar a chuid filíochta riamh. Nuair a thosaigh an chior thuathail sa Tuaisceart i 1968 sheas sé go láidir ar son na gCaitliceach. Dhéanadh sé ionsaithe binbeacha ar pholaiteoirí mar Conor Cruise O'Brien, Jack Lynch agus Garret Fitzgerald. Thrácht sé freisin ar chúrsaí liteartha agus teanga agus ar chúrsaí fealsúnaíochta.

Sa bhliain 1969 ceapadh é mar léachtóir páirtaimseartha i Roinn na Gaeilge i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh. Bhíodh air a cúig nó a sé léacht a thabhairt in aghaidh na bliana agus bhíodh air a bheith i láthair ag amanna áirithe chun bualadh leis na micléinn. Bhain sé taitheamh as an bpost seo agus as an gcaidreamh a bhíodh aige

leis na scoláirí i Roinn na Gaeilge agus leis na micléinn.

I dtosach na bliana 1976 d'éirigh sé go dona tinn. Tógadh go dtí an tospidéal é agus chaith sé an chuid ba mhó den bhliain in ospidéal éagsúla. Bronnadh an chéim D. Litt. *honoris causa* ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann air i mí Aibreáin. Ag deireadh na bliana chuaigh sé isteach san ospidéal don uair dheireannach. D'éag sé Dé Luain 21 Feabhra 1977 agus cuireadh é i Reilig Ghobnatan i mBaile Bhúirne ar an 24 Feabhra.

An Fhilíocht.

Deir Séamus Ó Coigligh nach raibh Seán Ó Ríordáin thar chúig bliana déag d'aois nuair a thosaigh sé ar véarsaí a scríobh.

Thuig sé um an dtaca sin féin (é féin a dúirt) gur duine ar leith a bhí ann, duine a bheadh ar deighilt ó dhaoscar na céille....(44)

Scríobh sé roinnt dánta i mBéarla - luann Seán Ó Coileáin trí cinn ina leabhar - ach níorbh fhada gur iompaigh sé ar an nGaeilge go hiomlán. B'é an chéad dán leis a cuireadh i gcló ná 'An Dall sa Studio'. Scríobhadh é in ospidéal Heatherside agus foilsíodh é in Comhar Márta 1944. Ach bhí duaiseanna bainte amach aige roimhe sin i gcomórtais filíochta an Oireachtais le 'An Leigheas' (E.S. 29) i 1942 agus 'An Stoirm' (E.S. 43) i 1943.

Lean sé leis i rith na ndaicheadaí ag foilsiú filíochta in Comhar agus Feasta agus ag buachan duaiseanna san Oireachtas. De réir a chéile aithníodh mar fhile cumasach é. Scríobh Seán Ó Tuama aiste léirmheasta ar a chuid filíochta in An Síol 1949 -50 a foilsíodh ag an gCualacht Gaelach, Coláiste Ollscoile Chorcaí agus bhí léirmheas eile i Feasta Meán Fómhair 1950 ó Mháirín Ní Mhuiríosa.

I 1950 foilsíodh Nuabhéarsaíocht 1939 - 1949. Bhí deich gcinn de dhánta an Ríordánaigh sa chnuasach. Dúirt an t-eagarthóir, Seán Ó Tuama, ina réamhrá:

Liricí gairide is mó atá scríofa ag Seán Ó Ríordáin.....iad níos cumhachtaí ná aon ní a scríobhadh le fada de bhlianta.....Ina dhiaidh sin ní hiad an chuid is suaithinsí dá shaothar iad. Is ina dhánta fada is treise a bhraithimid an gheallúint thar meán atá ann.....filíocht láidir, filíocht thathagach atá iontu seo go léir, agus mianach litríochta níos saibhre iontu ná aon ní a scríobhadh ó aimsir athbheochan na Gaeilge i leith. (45)

Foilsíodh Eireaball Spideoige sa bhliain 1952. Ceithre dhán is caoga a bhí sa chnuasach agus bhí a bhfurmhór i gcló sna hirísí

cheana. Ní go ró-mhaith a thaitin an leabhar le cuid de na criticeoirí. Cháin Máire Mhac an tSaoi an tÚdar toisc, dar léi, nach raibh máistreacht ar an teanga ná tuiscint ar scóp mheadaracht na Gaeilge aige. (Feasta, Márta 1953). D'fhreagair Seán Ó Tuama agus Máirín Ní Mhuiríosa í (Feasta an Aibreáin). Scríobh Máirtín Ó Direáin litir fhada (Feasta na Bealtaine) ina raibh seo le rá aige:

'Sé bua an Ríordánaigh go léiríonn sé na smaointe casta a spreagann an aois seo ann go héifeachtach sa nGaeilge. Go gcruthaíonn sé gur féidir filíocht chruaidh inteannach a scríobh innti. (46)

Ceisteanna meadarachta chomh maith le ceisteanna teanga a bhí ag déanamh tinnis do Thomás Ó Floinn (Comhar, Bealtaine agus Meitheamh, 1953). D'aontaigh sé le Máire Mhac an tSaoi faoi mhíchruinneas na Gaeilge agus mhaígh sé freisin go raibh tionchar ag meadarachtaí an Bhéarla ar an bhfilíocht.

Scríobh Thomas Woods alt san Irish Times ar an 10 Eanáir inar admhaigh sé go raibh 'an interesting and sensitive mind' agus 'remarkable skill in rendering his poetic thought into a language of which he is not a native speaker', ag Ó Ríordáin. Ach toisc nach raibh an file, dár leis, ina chainteoir dúchais agus toisc nach raibh na dánta dírithe ar chainteoirí dúchais ' who would have difficulty in appreciating fully their import.....it is difficult to avoid the impression that what is going on is a highly ingenious but academic exercise which, whatever its charm, has really little to do with real poetry'.

Lean comhfhreagras fada an talt seo ina raibh Máirtín Ó Direáin, Seán Ó hÉigeartaigh (foilsitheoir ES.) agus Patrick Kavanagh páirteach. Bhí an focal scoir, beagnach, ag Breandan Behan.

I dont see, however, that Seán Ó Ríordáin, born in Baile Bhúirne, is not as well entitled to write in Irish as Samuel Beckett, born in Dublin is to write in French. (47)

An réamhrá do Eireaball Spideoige a bhí mar chrann spáirne sa

chomhfhreagras a thosaigh in Inniu ar an 30 Eanair. Ceisteanna fealsúnachta agus diagachta a bhí faoi chaibidil ag Ciarán Ó Nualláin ina léirmheas. Ní raibh sé sásta leis 'na barúla áiféiseacha fán anam, fán tsíoraíocht, fá Chorp Chríost' a nochtadh sa réamhrá nó leis an 'gciall íontach' a bhaineann Seán as "geit" agus "cimilt" agus as "paidir". Tháinig freagraí ó Sheán Ó Tuama agus ó Mháirtín Ó Direáin agus ó dhaoine nárbh iad. Luadh an Bíobla agus Naomh Tomás Acuin agus Naomh Pól agus fuarthas tuairimí ó shaineolaithe sa bhfealsúnacht agus sa diagacht. Ní nach íonadh, níor thángthas ar aon réiteach ar an scéal agus chríochnaigh an comhfhreagras ar an 20 Márta.

Níor ghlac Ó Ríordáin aon pháirt sa chonspóid phoiblí ag an am ach ghoin cuid den cháineadh go mór é go háirithe an cáineadh a rinneadh ar a chuid Gaeilge. Laghdaíodh ar an méid filíochta a bhí á scríobh aige cé gurb é tuairim Sheáin Uí Choileáin nárbh iad na léirmheastóirí ba mhó ba chúis leis seo.

Lean sé air ag foilsiú filíochta sna hirísí i rith na gcaogadaí ach níor cuireadh leabhar leis i gcló arís go dtí 1964 nuair a tháinig Brosna amach. Naoi ndán is fiche a bhí sa chnuasach seo agus nuair a chuir Seán Ó Mórdha ceist air faoin difríocht idir Eireaball Spideóige agus Brosna bhí seo le rá aige:

Má tá difríocht, tá an difríocht so, ach go háirithe - do cáineadh mé go mór nuair tháinig Eireaball Spideóige amach mar gheall ar mo chuid Gaeilge nó mo chuid easpa Gaeilge agus do dhírigh sé sin m'aire ar an nGaeilge níos mó b'fhéidir agus b'fhéidir go bhfuil m'aire dírithe níos mó i mBrosna ar an bhfriotal ná mar a bhí in 'Eireaball Spideoige'. Nuair a thosnaíodh ag scríobh ar dtúis ní rabhas ag cuimhneamh ar an nGaeilge in aonchor, bhíos ag cuimhneamh ar an bhfilíocht. (48)

Sa bhliain chéanna inar foilsíodh Brosna tháinig Rí na nUile amach. Cnuasach atá ann de liricí diaga a cumadh idir an 9ú agus an 12ú céad. Seán S. Ó Conghaile, C.S.S.R. a rinne eagarthóireacht ar na bun dánta agus rinne an Ríordánach leaganacha nua-Ghaeilge díobh. I 1969 rinne Gael Linn taifeadadh d'fhilíocht agus de phrós an

Ríordánaigh, á léamh ag an bhfile féin.

B'é Línte Limbo (1971) an leabhar deireannach dá chuid a foilsíodh i rith a shaoil. Sa léirmheas léanta a scríobh Breandán Ó Conaire ar an leabhar in Comhar, Eanáir 1972, shuimigh sé príomhábhair na ndánta - 'nádúr is eisint an duine; cion agus caidreamh idir daoine; an duine agus an Bheatha Chruthaithe; nóiméad an bháis; an tsíoraíocht; an t-uaigneas; ceol na hurlabharáobhta.' Críochnaíonn sé an talt leis an bhfainic 'An bhfuil diasa den chogal céanna (.i. *cogal na teagascaíochta*) le feiscint ag borradh aníos trín mbarr filíochta i ndánta mar "Cló", "Toil", "Dom cháirde", "Mise"?'

I 1978 d'eagraigh Seán Ó Coileáin Tar Éis mo Bháis. Tá dhá roinn sa leabhar. I roinn (a) tá na dánta sin a foilsíodh de dheoin an fhile féin. Bhí an chuid is mó díobh seo i gcló san iris Scríobh cheana. I roinn (b) tá dánta a fuarthas imeasc páipéirí an fhile tar éis a bháis.

Is mar seo a chuirtear síos ar Sheán Ó Ríordáin in Traidisiún Liteartha na nGael:

I dtuairim a lán léarmheastóirí is é Seán Ó Ríordáin mórfhile Gaeilge na linne; tá cuid acu a dhearbhaíonn gurb eisean is fearr ó aimsir Uí Bhruadair i leith. Ach ceapann léirmheastóirí eile gur máchail ar a shaothar an mheadaracht ghliogarach, an rithim neamhdhúchasach atá, dar leo, i gcuid dá dhréachtaí. Cibé áit a thabharfar dó san am atá le teacht, tá rud amháin cinnte faoi, is é sin, gurb eisean is mó a spreag caint agus díospóireacht i dtaobh na filíochta i measc phobal léite na Gaeilge, ní amháin lena chuid dánta ach leis an réamhrá a scríobh sé do Eireaball Spideoige, réamhrá inar léirigh sé nádúr agus brí na filíochta de réir mar a tuigeadh dó iad. (49)

Níl amhras ná go bhfuil an-chuid scríbhneoireachta criticiúla déanta ar shaothar an Ríordánaigh ní amháin ins na hirisí liteartha ach i saothair níos toirtiúla agus níos buaine ná iad. Déanann Frank O' Brien mionscagadh ar chuid de na dánta in Eireaball Spideoige ina leabhar Filíocht Ghaeilge na Linne Seo. (50)

Maíonn sé gurb é is cúis le filíocht an Ríordánaigh ná an choimhlint idir eros, 'an cúram a dhéanann an duine féin dó féin amháin', agus caritas, 'an claonadh a bhíonn sa duine briseadh amach as na creapail a chuireann eros air'. Ní aontaíonn Breandán Ó Doibhlin leis an anailís seo ar chor ar bith agus ina aiste fhada 'Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach' (51) maíonn sé gurb é an caitheamh i ndiaidh na barantúlachta is príomhthéama na filíochta.

Cnuasach d'aistí critice agus d'aistí bheatháisnéise is ea An Duine is Dual. In aiste amháin sa leabhar sin, 'File Angla-Éireannach', deir Declan Kiberd go raibh Ó Ríordáin ag scríobh faoi anál an Bhéarla sa chaoi chéanna is a scríobh Synge faoi anál na Gaeilge.

Tá saothar Eibhlín Nic Ghearralt, Seán Ó Ríordáin agus an Striapach Allúrach luaite cheana. In Paidir File (52) cuireann Tadhg Ó Dúshláine roimhe:

- (i) aeistéitic an fhile a dhréachtadh agus a bheachtú, agus an saothar a shuíomh ina chomhthéacs meitifisiciúil liteartha;
- (ii) ciútaí machnaimh agus reitriche an fhile a shoiléiriú le cabhair samplaí comparáide agus
- (iii) tuairimí agus teoiricí an Ríordánaigh i dtaobh na filíochta ina chuid altanna iomadúla próis a cheadú, a scagadh agus a thagairt don fhilíocht féin.

Siad an dá phríomh-shaothar léirmheastóireachta atá déanta ar fhilíocht Uí Ríordáin, áfach, ná an chéad leath de Filí Faoi Sceimle le Seán Ó Tuama agus Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar le Seán Ó Coileáin. Suíonn Ó Tuama filíocht an Ríordánaigh i gcomhthéacs fhilíocht nua-aimseartha na hEorpa. Lorgaíonn Ó Coileáin bunús agus brí na filíochta i mbeatha an fhile féin.

NÓTAÍ

1. Gerard Manley Hopkins, "As Kingfishers Catch Fire, Dragonflies draw flame" in Poems and Prose of Gerard Manley Hopkins, in eag., W.H.Gardner (Harmondsworth: Penguin, 1963), 51.
2. Seán Ó Ríordáin, "Seán Ó Ríordáin ag Caint," agallamh le Seán Ó Mórdha, Scríobh. 3 (1978), 168 - 9.
3. Sorley MacLean, "Letter to Hugh MacDiarmid, 30.3.42," luaite in Joy Hendry "Sorley MacLean: The Man and His Work," in Sorley MacLean: Critical Essays, in eag., Raymond J. Ross and Joy Hendry (Edinburgh: Scottish Academic Press, 1986), 31.
4. Joy Hendry, "Sorley MacLean: The Man and His Work," in Ross and Hendry, Critical Essays.
5. Somhairle Mac Gill-Éain, "My Relationship with the Muse," in Ris a' Bhruthaich: Criticism and Prose Writings, in eag., William Gillies (Stornoway: Acair, 1985).
6. Sorley MacLean, "Some Aspects of Family and local Background: an Interview with Sorley MacLean," agallamh le Donald Archie MacDonald, in Ross and Hendry, Critical Essays.
7. Somhairle Mac Gill-Éain, "Scots Steel Tempered wi' Irish Fire: Comhrá le Somhairle Mac Gill-Éain," Innti 10 (Nollaig 1986).
8. Sorley MacLean, "An Interview with Sorley MacLean," agallamh le Joy Hendry, Chapman 66 (Autumn 1991).
9. Somhairle Mac Gill-Éain - Sorley MacLean, (Edinburgh: National Library of Scotland, 1981).
10. ibid., 14.
11. Somhairle Mac Gill-Éain, "Scots Steel Tempered wi' Irish Fire" 33.
12. ibid., 35.
13. Sorley MacLean, "An Interview with Sorley MacLean," agallamh le Joy Hendry, Chapman 66.3.

14. Somhairle Mac Gill-Éain, "My Relationship with the Muse," in Ris a'Bhruthaich, 12.
15. *ibid.*
16. Somhairle Mac Gill-Éain, "Scots Steel Tempered wi' Irish Fire," Innti 10, 37.
17. Somhairle Mac Gill-Éain and Robert Garioch, 17 Poems for 6d (Edinburgh: Chalmers Press, 1940).
18. Somhairle Mac Gill-Éain, Dàin do Eimhir agus Dàin Eile (Glaschu: William MacLellan, 1943).
19. Tomás De Bháldraithe, "File Nua Albanach," Comhar (Iúil 1944).
20. Domhnall MacAmhlaigh, in eag., Nua-Bhàrdachd Gàidhlig - Modern Scottish Gaelic Poems: a Bilingual Anthology (Edinburgh: Canongate, 1987), 28 - 29.
21. Douglas Sealy, "Out from Skye to the World: Literature, History and the Poet," in Ross and Hendry, Critical Essays, 53.
22. Máire Ní Anracháin, Aisling agus Tóir: an Slánú i bhFilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain (Máigh Nuad: An Sagart, 1992), 13.
23. Sorley MacLean, et al., Four Points of a Saltire: The Poetry of Sorley MacLean, George Campbell Hay, William Neill, Stuart MacGregor (Edinburgh: Reprographie, 1970).
24. Sorley MacLean, Poems to Eimhir, trans. Iain Crichton Smith, (Newcastle on Tyne: Northern House, 1971).
25. Somhairle Mac Gill-Éain, Reothairt is Contraigh - Spring Tide and Neap Tide: Selected Poems 1932 - 72 (Dún Éideann: Canongate, 1977).
26. Denis Donoghue, "A Vocation for Remorse," léirmheas ar Reothairt is Contraigh, Times Literary Supplement, 9 Sept. 1977.
27. Somhairle MacGill-Éain, O Choille gu Berradh - From Wood to Ridge: Collected Poems in Gaelic and English, (London: Vintage, 1991).

28. Angus Peter Campbell, ead., Somhairle: Dàin is Deilbh: a Celebration on the 80th Birthday of Sorley MacLean (Stornaway: Acair, 1991).
29. Campbell, Somhairle: Dàin is Deilbh, 3.
30. John MacInnes, "Sorley MacLean's 'Hallaig': a note," Calgacus 2 (1975); "A Radically Traditional Voice: Sorley MacLean and the Evangelical Background," Cenrastus 7 (1981); "Language, Metre and Diction in the Poetry of Sorley MacLean," in Ross and Hendry, Critical Essays.
31. Iain Crichton Smith, "The Poetry of Sorley MacLean," The Glasgow Review IV no 3 (1973).
32. Breandán Ó Doibhlin, "Mórfhile Ghael Alban," in Aistí Critice agus Cultúir (Baile Átha Cliath: FNT, n.d); "In Spite of Sea and Centuries," in Ross and Hendry, Critical Essays.
33. Donoghue, "A Vocation for Remorse". in Times Literary Supplement 9 Sept. 1977.
34. John Montague, "A Northern Vision," in The Pleasures of Gaelic Poetry, in ead., Seán Mac Réamoinn (London: Allen Lane, 1982).
35. Ross and Hendry, Critical Essays.
36. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir.
37. Seán Ó Ríordáin, "Seán Ó Ríordáin ag Caint", agallamh le Seán Ó Mórdha, Scríobh 3 (1978), 170.
38. Seán Ó Ríordáin, "Chesterton", Irish Times, 3 Feabhra 1973; luaite in Ó Coileáin, Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar, 51.
39. Seán Ó Ríordáin, "Dialann: 7 Deireadh Fómhair 1956," Luaite in Ó Coileáin, 12.
40. Eibhlín Nic Ghearrailt, Seán Ó Ríordáin agus 'An Striapach Allúrach' (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1988).
41. Seán Ó Coileáin, Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982), 4.
42. Seán Ó Tuama, Filí Faoi Sceimhle (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978), 4.

43. Seán Ó Mórdha, "An Púca Léannta," in An Duine is Dual, eag., Eoghan Ó hAnluain, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1980), 15.
44. Séamus Ó Coigligh, "Shaun agus Shem," in An Duine is Dual, 32.
45. Seán Ó Tuama, eag., Nuabhéarsaíocht (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1950), 12.
46. Máirtín Ó Direáin, Litir i Feasta (Bealtaine 1953), 15.
47. Brendan Behan, Litir in Irish Times 28 Eanáir.1953, luaite in Ó Coileáin, Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar, 248.
48. Seán Ó Ríordáin, "Seán Ó Ríordáin ag Caint," in Scríobh, 3. 174.
49. J.E. Caerwyn Williams agus Máirín Ní Mhuiríosa, Traidisiún Líteartha na nGael (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1979), 382.
50. Frank O'Brien, Filíocht Ghaeilge na Linne Seo (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1968).
51. Breandán Ó Doibhlin, "Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach," in Aistí Critice agus Cultúir.
52. Tadhg Ó Dushláine, Paidir File: Filíocht Sheáin Uí Ríordáin (Indreabhán, Conamara: Cló Iar - Chonnachta, 1993).

CAIBIDIL 1.

TEANGACHA PRÍOBHÁIDEACHA

San aiste 'Teangacha Príobháideacha' scríobh Seán Ó Ríordáin:

Tá cead ag gach scríbhneoir a theanga phearsanta féin a mhúnlú as teanga a chine. Sin é a chúram. Níl dul as aige. Beidh an teanga seo préamhaithe i gcaint a mhuintire, i litríocht na teangan agus in aigne agus i bpearsantacht an scríbhneora féin. (1)

Sa chaibidil seo scrúdóidh mé filíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain agus filíocht Sheáin Uí Ríordáin féachaint conas a d'éirigh leo friotal a chruthú a bhí dílis dá dteangacha dúchais agus a bhí inniúil ar chúraimí a linne a chur in iúl go héifeachtach agus go healaíonta.

Beidh mé ag rá:

1. Go raibh teanga aibí, shaibhir, sholúbtha ar láimh ag Somhairle Mac Gill-Éain nuair a thosaigh sé ag scríobh filíochta.
2. Gur bhain sé úsáid as ciútaí teanga fhilíocht na Gàidhlig chun snas a chur ar a chuid filíochta.
3. Gur bhain sé úsáid as logainmneacha a áite dúchais mar shiombailí uilíocha agus sa chaoi sin gur shaibhrigh sé an teanga agus a chuid filíochta araon.
4. Gur lean sé traidisiún fhilíocht na nGael san úsáid a bhain sé as gnéithe den dúlra chun a smaointe a chur in iúl.
5. Gur chuir a eolas ar stair, ar litríocht agus ar bhéaloideas a chine ar a chumas cúraimí mhuintir na hEorpa agus mhuintir an domhain a phlé.

Maidir le Seán Ó Ríordáin déarfadh mé:

1. Nach raibh sé muiníneach as a chumas teanga cé gurbh í an Ghaeilge teanga a athar, teanga na scoile agus teanga liteartha na háite inar tógadh é, toisc gurbh é an Béarla teanga a mháthar agus gnáth - theanga a chomhaoiseacha agus toisc gur chaith sé an chuid ba mhó dá shaol i ndomhan an Bhéarla.
2. Gur airigh sé scoilt ann féin idir saol dúchasach na Gaeilge agus an saol nua-aimseartha ina raibh sé ina chónaí agus gur thuig sé go gcaithfeadh sé comhréiteach a dhéanamh idir an dá thraidisiún dá mb'áil leis an scoilt a chneasú agus filíocht fiúntach a chumadh.
3. Gur aimsigh sé teicníochtaí a bhí in úsáid i bhfilíocht an Bhéarla agus i bhfilíocht na hEorpa agus gur bhain sé úsáid as na teicníochtaí sin ina chuid filíochta.
4. Gur éirigh leis na teicníochtaí nua a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge i dtreo is go bhfuil a chuid filíochta dúchasach agus nua-aimseartha ag an am céanna.
5. Go bhfuil an greann ina ghné shuntasach dá chuid filíochta agus go mbaineann sé úsáid as traidisiún scéalaíochta na Gaeilge inti.

Bhí an líon tí inar tógadh Somhairle Mac Gill-Eain ar maos i gceol agus in amhránaíocht agus i saoihiúlacht na Gàidhlig.

My Matheson grandmother, my father's mother, lived with us until she died, when I was between 11 and 12..... Although in her seventies when I first remember her, she had still a fine voice, and early collectors of traditional songs used to come to her for old songs..... I think that the first great 'artistic' impact on me was my father's mother singing some of the very greatest Gaelic songs, all in her own versions..... My father's voice was good and in some ways his timing and weight was such that I now find it difficult to listen

to those songs from anyone else. Both my father's sisters were unusually good singers. (2)

Tháinig an ceol agus an amhránaíocht chuige freisin ó mhuintir a mháthar.

Of my mother's seven brothers and two sisters, two brothers were pipers, two were singers, one a bard, and one sister was a very good singer. (3)

Ní raibh cluas do cheol ag Somhairle ach bhí an-chuimhne aige do na focail agus an-mhothú aige ar rithimí an cheoil agus na véarsaíochta.

..... until fairly recently I could not forget the words of any Gaelic song I liked even if I heard it only once. My ear's defect in pitch seems to me now to have been compensated for by a painful sensitivity to what I felt faults of rhythms and time. (4)

Mar sin fuair sé eolas ar chuid mhaith d'fhillíocht na Gàidhlig cois teallaigh. Chuir sé aithne ar litríocht eile le linn a óige freisin - litríocht an Bhíobla agus litríocht na hEaglaise Saor-Phreibeitírí. D'fhóglaim sé an Teagasc Críostaí, léigh sé an Bíobla agus d'fhreastalaíodh sé ar sheirbhísí na hEaglaise, go háirithe ar na tionóil mhóra a bhíodh san Eaglais uair nó dhó sa bhliain. Bhíodh na tionóil seo ar siúl ar feadh cúig lá, ón Déardaoin go dtí an Luan. Thagadh seanóirí na hEaglaise ó chian is ó chónagar agus ar an Aoine bhíodh díospóireacht ann ar cheist éigin diagachta a bhíodh ar siúl óna leath uair tar éis a haondéag ar maidin go dtí a ceathair a chlog tráthnóna. Ní hamháin gur leathnaigh seo a shamhlaíocht agus gur thug sé tuiscint dó ar stíleanna éagsúla friotail agus reitriche, ach chuir sé go mór lena stór focal.

And I think as far as vocabulary went, I was in a particularly favourable position because I was brought up in a Free Presbyterian environment with an awful lot of Gaelic preaching and, also, that my family, in such an environment, were unusual tradition bearers, especially of song, and to a certain extent of tales too. (5)

Ba é an toradh a bhí ar an méid seo go léir, go raibh uirlisí na filíochta, idir íogaireacht don litríocht agus stór focal, aige agus é ina bhuachaill óg. Nuair a bhí sé sa mheánscoil agus san ollscoil, léigh sé an-chuid filíochta idir fhilíocht sa Ghàidhlig agus fhilíocht Bhéarla. Nuair a thosaigh sé ag scríobh, agus nuair a roghnaigh sé scríobh sa Ghàidhlig, bhí teanga shaibhir, aibí, sholúbtha ar láimh aige. Bhí teanga an teallaigh a bhain le gnáthchúrsaí an tsaoil aige, bhí réimse mór filíochta a bhain le stair agus le traidisiúin a mhuintire aige agus bhí teanga na hEaglaise aige, teanga a raibh plé agus díospóireacht ann faoi choincheapa teibí intleachtúla. Ina theannta sin bhí suim ag a mhuintir sa pholaitíocht agus i gcúrsaí sóisialta agus bhí taithí aige ó bhí sé óg ar na nithe sin a phlé. Mar sin, nuair a chuir sé chuige a 'theanga phríobháideach' fhileata a cheapadh níor ghá dó focail nua a chumadh. Bhí riar a cháis aige.

I would say that the great bulk of it (.i. an teanga a d'úsáid sé) I knew naturally. Perhaps there is a word here and there that I actually picked up in my teens from the reading of Gaelic poetry or from hearing it. But I would say the great bulk, almost without exception, comes naturally. I've invented a neologism once or twice but very few. (6)

Tugann John MacInnes tacaíocht don ráiteas seo:

.....So far as I am aware, there is not a single neologism, strictly speaking, in the whole of his poetry..... An English reader, finding the word 'synthesis' in the translation, might well suspect that the original is a modern coinage. But 'co-chur'..... is a well established item in the vocabulary of Presbyterian theology and preaching.....The fact that a poet can find what he needs in the working vocabulary of the language is a comment on the extraordinary wealth of Gaelic and its capacity for survival.....Mac Gill-Éain draws on every area of Scots Gaelic, sometimes using obscure and little-known words, whether from literature or from the living language. (7)

Uaireanta, mar a thaispeánann MacInnes, úsáideann sé focal a bhí imithe as gnáthúsáid na cainte agus na litríochta mar shampla 'drithleann' (sparkle) atá le fáil in 'A' Chorradh - ghrideach', nó 'leug, leugach' (jewel, jewelled) in 'Craobh nan Teud', 'An t-Eilean',

'Fuaran' agus 'Latha Foghair'. Bhain Uilleam Ros úsáid as an bhfocal 'leug' in 'Oran Gaoil' - 'Cha robh Bhenus am measg leugaibh'. (8) agus in 'Oran Anns Am Bheil Am Bard A' Moladh A Leannain Agus A Dhuthaigh Fein',

Bu tu mo chruit, mo cheòl, 's mo tháileasg,
'S mo leug phrìseil, rìmheach, àghmhor (9)

Uaireanta, eile déanann Mac Gill-Éain a chuid féin d'fhocal agus tugann sé a chiall shainiúil féin dó, mar shampla 'li' (sheen, tinge) a mbíonn an chiall 'loinnir na háilleachta' nó 'áilleacht' aige ina chuid filíochta.

Tugann MacInnes samplaí freisin den chaoi a mbaineann sé úsáid as focal amháin a bhfuil an dá chiall aige nuair is mian leis an dá chiall a chur in iúl.

Tógann sé sampla amháin as an dán 'Aithreachas'.

A Dhia, 'se bòidche a' ghàrraidh...
nach fhan ri buidheachas an fhaghair'

Aistríonn an file féin 'buidheachas' mar 'yellow gratitude'.
Sa chaoi chéanna, in 'Am Mùr Gorm', tá na línte,

Mar b'e thusa bhiodh a Cuilithionn
'na mhùr eagarra gorm'

Tá dhá fhocal i gceist anseo, 'eagarra' (exact, precise) agus 'eag' (notch). Sé an t-aistriúchán a chuireann sé ar 'eagarra' ná 'exact and serrated'

Is sampla de na 'teangacha príobháideacha' a dtagraíonn Seán Ó Ríordáin dóibh, an úsáid shainiúil seo den teanga. Ní chuireann sé an bhunteanga as a riocht agus ní sháraíonn sé bundéanamh na teanga.

Saibhríonn an bhunteanga iad agus saibhríonn siad an bhunteanga thar



n-ais. (10)

Nó mar a deir John MacInnes:

When an author... succeeds in transmitting his individual perception of a word.... or a latent meaning, to the public context of his work, a hitherto unrealised potential is made available. (11)

Slí eile ina shaibhríonn Somhairle Mac Gill-Éain an bhunteanga is ea an fheidhm a bhaineann sé as logainmneacha. Is iomaí ciall a bhíonn le logainm. Tógaimís, mar shampla, an focal 'Glencar'. Ó thaobh na tíreolaíochta de, is ainm áite é atá suite ar an teorainn idir Co. Shligigh agus Co. Liatroma. Don iascaire, is ainm locha é a mbíonn bric agus bradáin le fáil ann. Do dhuine eile b'fhéidir, is é ainm na háite é inar thit sé i ngrá nó ina bhfuil a aintín ina cónaí. Ach don léitheoir Seapánach, nach raibh in Éirinn riamh agus nach bhfaca pictiúr den áit riamh; ach a léann dán Yeats 'The Stolen Child', is é Glencar ainm na háite 'Where the wandering water gushes'. Braitheann brí an fhocail ar an gcomhthéacs. Tá brí an fhocail leathnaithe agus saibhrithe ag Yeats agus fiú dá n-athrófaí ainm na háite ar an léarscáil agus dá ndéanfaí an loch a thaoscadh agus an gleann a líonadh agus dá bhfaigheadh gach duine a raibh eolas aige ar an ainm bás, bheadh cuimhne ar an bhfocal Glencar a fhad is a léifí 'The Stolen Child'.

.... is trí dhán a chumadh faoin áit a troidtear in aghaidh an dearmaid agus is beag nach cuma faoi ábhar an dáin. (12)

Is mar an gcéanna leis na logainmneacha i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain. Is féidir An Cuilithionn nó Screapadal nó Talasgar a fháil mar ainmneacha ar léarscáileanna nó i leabhair staire; is féidir dul ag féachaint ar choill ghiúise Ratharsair nó ar choill bheithe Hallaig. Ach i gcomhthéacs na filíochta is é An Cuilithionn an

....múr eagarra gorm
ag crioslachadh le bhalla-chrìche
na tha 'nam chridhe borb. (Am Mur Gorm)

Nó

an teathar mór ud air an fhàire (Uamha 'n Oir)

Is é Talasgar

clár biothbhuan do mo dhúilean (Am Mùr Gorm)

Is áit álainn shíochánta í Screapadal inar tharla tubaist fadó nuair a dhíbir Réanaidh na daoine chun féarach a fháil do na caoirigh.

Tosaíonn an dán mar dhán liriciúil molta don dúiche:

Screapadal anns a' mhaduinn
Ris a 'Chomraich 's ris a ghréin,
Screapadal a tha cho bòidheach,
A cheart cho bòidheach ri Hallaig.
Cha chuirear briathran air bòidhche
Cha deanar dealbh no ceól no dàn dhi.

Screapadal anns a' chéitean
Nuair nach eil an fhraonaich óg
Ach mu leth troigh a dh 'àirde
Cha mhór os cionn an fheòir.

Cuirtear síos ansin ar dhíbirt na ndaoine:

Dh'fhàg Réanaidh Screapadal gun daoine
Gun taighean, gun chrodh ach caoraich
Ach dh'fhàg e Screapadal bòidheach;

Anois tá contúirt ag bagairt ar Screapadal atá i bhfad níos measa ná Réanaidh.

Thoghadh ròn a cheann
Agus cearban a sheòl
Ach an diugh anns an linnidh
Togaidh long-fo-thuinn a turraid
Agus a druim dhubh shliom
A' maoidheadh an ní a dheanadh
Smùr de choille, de lianagan 's de chreagan
A dh'fhàgadh Screapadal gun bhòidhche
Mar dh'fhàgadh e gun daoine.

Tá Screapadal anois ar tí a mhillte ag

.....an léirsgrios obann
A thuiteas as an iarmailt.

Tá Screapadal ceangailte feasta le Hiroshima agus Nagasaki agus leis an ollscrios apacailipteach atá le teacht. Tá ceangal idir stair thubaisteach na hAlban agus stair thubaisteach an domhain. Ní féidir linn cuimhneamh ar Screapadal gan cuimhneamh ar an uafás. Tréna úsáid sa gcómhthéacs seo tá ciall bhreise tugtha ag an bhfile don logainm. Ag an am céanna, toisc gurb áit beag le rá Screapadal, áit nach bhfuil eolas ag daoine taobh amuigh den Oileán Sgitheanach uirthí, tá an léirscrios níos gaire dúinn agus caithfidimid smaoineamh air.

Ní file dúlra é Mac Gill-Éain. Is beag dán dá chuid a dhéanann ceiliúradh ar an dúlra ná ar an tírdhreach ar a son féin. Ach is dlúthchuid dá chúlra iad na sléibhte agus na gleannta, na crainn agus na bláthanna, na hainmithe agus na héin agus is dlúthchuid dá chuid filíochta é an mion cur síos a dhéanann sé ar na nithe seo. Tá siad ann mar shuíomh nó mar chúlra nó mar shiombailí nó mar mheafair ina chuid dánta.

.....and my symbols came mostly from my immediate physical environment, because in many ways my immediate environment was very varied. The Cullens naturally became a symbol of difficulty, hardship and heroic qualities as against, as it were, the softness and relative luxury of the woods of Raasay with all their own contradictions. (13).

Bhí an dúlra ina ghné thábhachtach d'fhilíocht na nGael riamh.
Dúirt Kuno Meyer:

To seek out and watch and love Nature, in its tiniest phenomena as in its grandest, was given to no people so early and so fully as to the Celt..... It is a characteristic of these poems that in none of them do we get an elaborate or sustained description of any

scene or scenery, but rather a succession of pictures and images which the poet, like an impressionist, calls up before us by light and skilful touches; (14)

Tá filíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain breactha le pictiúir agus le híomhánna den sórt dá dtagraíonn Meyer.

Gealach fhann bhuide air faire.....

Thàinig corra-ghridheach ghiùigeach.
sheas i ar uachdar tìùrra,
phaisg i a sgiathan dlùth rith

ag éisdeachd ris an t-slugadh-mhara
is sàl a' suathadh air na clachan

(A Corra-ghridheach)

Is thigeadh gealag is bradan tàrr-gheal
a bhlaiseadh uisge nan àrd-bheann ·
ri làn an Inbhir Aoighre.

(Gleann Aoighre)

In 'Coin is Madaidhean-Allaidh' cruthaíonn sé síoraíocht reoite osréalach ina bhfuil 'mo dhàin neo-dheachdte' de shíor sa tóir ar 'fiadh do bhòidche ciúine gaolaich'. Glacaimid leis an osréalachas mar

chì mi lorgan an spòg a' breacadh
gile shuaimhneach an t-sneachda.

Creidimid an fhís atá aige in 'Hallaig' mar tá an cur síos ar na crainn chomh gléineach cruinn sin.

na h-igheanan 'nan coille bheithe
dìreach an druim, crom an ceann.

Tá grástúlacht na gcaillíní ionchollaithe i ngrástúlacht na gcrann beithe.

In 'Coilltean Ratharsair' cruthaíonn sé Parthas miotasach atá cosúil le gáirdín an aoibhnis i Genesis.

Ach ní hamháin gur gáirdín é mar a luaitear sa Bhíobla. Tá cáilíochtaí breise aige a thagann le dhá ghné den saoldearcadh Gaelach; go bhfuil Párthas áirithe le fáil in aoibhneas an nádúir faoi bhláth agus go bhfuil baint ar leith ag féile agus críonnacht an taoisigh, ar leis an dún, le leas an phobail. (15)

Cuireann sé áilleacht agus torthúlacht an gháirdín in iúl tré mionsonraí a luann sé leis; na dathanna 'ruadh, uaine', 'buidhe is uaine', 'trom dhathe le suaimhneas'; na bláthanna 'mith chuachan na sóbhraig / bileag bhuidhe air uaine', 'a choille bà-ghùcach / le ùrachadh falbhach'; na fuaimeanna atá le cloisteáil, 'a choille ioma ghaothach', 'coille a' chrònan / 's òranach luinneagach', 'òrain nad fhardaich', 'doireachan smeòrach', 'sruthanach crònan'. Tá damhaíreacht na bhfianna le cloisteáil ann - 'a choille le langanaich / brùchtadh gu tabhanaich' - rud a chuireann i gcuimhne dúinn ré an laochais agus aoibhneas na seilge ach a thugann leide dúinn go bhfuil an fhoréigean agus an t-olc folaithe sa Phárthas seo.

Sna dánta grá, is minic a bhaineann sé úsáid as gnéithe den dúlra chun cur síos ar áilleacht na mná.

Ba tu camhanaich air a' Chuilithionn
's latha suilbhir air a' Chlàraich,
grian air a h-uilinn anns an òr-shruth
agus ròs geal bristeadh faire

(Camhanaich)

Do m' dhùr amharc bha thu 'nad reul
's tu leat fhéin san iarmailt

(Trì Ledis)

Is iondúil go bhfeiceann sé an bhean nó go mbíonn dáil aige léi in áit álainn amuigh faoin aer.

Do m' shùilean-sa bu tu Deirdre
's i bòidheach 's a' bhuaile ghréine (A' Bhuaile Gréine)

Ta cluaineag ann an iomall sléibh
far an ith na féidh lus biolaire.....

Air latha thàinig mi le m' ghaol
gu taobh a' chaochain iomallaich (Fuaran)

Cha chuimhne liom do bhriathran
eadhon nì a thubhairt thu,
ach Abhainn Arois an àileadh iadhshlait
is àileadh roid air Shuidhisnis (Abhainn Arois)

Ba mhinic, ins na sean-amhráin Ghaeilge, a dhéantaí comparáid idir an bhean agus gné éigin den dúlra.

'S go bhfuil mo ghrádh-sa mar bhláth an áirne
ar an droighneán donn (An Droighneán Donn) (16)

A Úna Bhán, mar rós i ngáirdín thú (Úna Bhán) (17)

Ba mhinic, freisin, a chasadh an fear ar a leannán amuigh faoin spéir :

An cuimhin leat an oíche úd
a bhí tusa agus mise
ag bun an chrainn chaorthainn
's an oíche ag cur cuisne (18)

nó shamhlaíodh sé iad a bheith le chéile :

is é mo mhíle creach gan mé is tú, a shearc
faoi choillte glasa an Triucha (19)

Tá an méid seo le rá ag Derrick Thomson faoi amhráin ghrá na hAlban :

As might be expected in the thoroughly rural and pastoral society of earlier centuries, outdoor courting and mating is celebrated in the songs.
(20)

Fear tuaithe is ea Somhairle Mac Gill-Eain. Rugadh agus tógadh é in áit agus in am ina raibh an 'thoroughly rural and pastoral society' fós beo. Tá doimhin-eolas aige ar an saol nádúrtha agus bá aige léi. Tá an t-eolas agus an bhá sin le feiceáil ina chuid filíochta. Tá an cur síos ar an nádúr cruinn agus fíor ann féin ach cruthaíonn sé fírinne nua

nuair a úsáideann sé é, chun léas a chaitheamh ar chúraimí a linne féin. Eascraíonn a chuid filíochta dúlra as traidisiún a théann i bhfad siar i litríocht na nGael ach, mar a deir Breandán Ó Doibhlin i gcomthéacs eile, tá sí sníofa 'ina greasán úr ar sheol ár n-aimsire féin'. (21)

Bhain cuid mhór de na hamhráin agus de na scéalta a chuala sé le linn a óige le stair na hAlban agus, go háirithe, le fulaingt na ndaoine san 18ú agus sa 19ú haois. Dá bharr sin chuaigh an stair go mór i hbféidhm air. Bhí na Díbirtí agus an imirce ina chneá angaidh ag muintir na n-oileán agus ag muintir na Gaeltachta i gcoitinne. Bhí beo-chuimhne ag a mhuintir féin ar an drochaimsir mar díbríodh a shinsir, ar an dá thaobh, óna dtailte. Ba é a sheanathair, Ian Mac Gill-Éain, an t-aon duine dá chlann narbh' éigean dó dul ar imirce. B'éigean do sheanathair a mháthar Oileán Ratharsair a fhágáil agus dul go dtí an Braighe ar an Oileán Sgiathanach. Díbríodh muintir mháthair a athar as Loch Ailis ar an móirthír. Chuaigh siad go dtí an Stamhainn ar an Oileán Sgitheannach. Ina dhiaidh sin bhí siad ina gcónaí ag Port Rìgh agus, faoi dheireadh, ag Braighe Trondarnais. Nuair a tháinig an Land League go dtí an t-Oileán Sgitheannach bhí a mhuintir gafa ann.

Bhí an Land League san fhuil ag mo mháthair agus ag máthair m'athar (22).

Ní hionadh mar sin go raibh suim mhór aige sa pholaitíocht agus i gcúrsaí sóisialta, agus go raibh a bhá go mór leis na gnáth-dhaoine.

...Bhí mo choinsias polaitiúil á forbairt fiú sular bhaineas na déaga amach. (23)

Tá seo le rá ag Douglas Sealy:

History and Scottish history in particular is never far away, even in the love poems (24),

Agus arís deir an túdar céanna:

Viewing the poetry as a whole, it would seem that the great burst of love poetry found in 'Dàin do Eimhir' was an accidental deflection of the poet's talents and that the more enduring passion was the cause of justice and equality among men (25).

Is deacair aontú go hiomlán leis an ráiteas gurbh "accidental deflection of the poets talents" é Dàin do Eimhir'. Tá an pholaitíocht agus an grá araon mar ábhar i gcuid mhaith de na dánta agus an teannas atá iontu idir ' an tslighe chrion bheag iosal thioram thlath' agus 'an éiginn chruaidh na Spàinn' (An Roghainn), tá sé le feiceáil i ndánta mar 'Gleann Aoighre' agus 'Uamha 'n Oir' agus fiú sa chéad dán Gàidhilig a foilsíodh leis, 'A' Chorra-ghridheach'.

I bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain, feicimid na Díbirtí agus an imirce, ní hamháin mar eachtraí stairiúla a tharla in áit áirithe ag am áirithe. Tá siad ann freisin ina siombail den bhrúidiúlacht uilíoch atá ar siúl ó thús ama. Ceanglaíonn sé géarchéim a chine le cás gach duine agus gach cine a d'fhulaing tiorántacht riamh.

Dé gach cuach de d'chual òr-bhuidh
ris gach bochdainn, àmhghar 's dórainn
a thig 's a thàinig air sluagh na h-Eòrpa
bho Long nan Daoine gu daors' a' mhór-shluaigh?
(Gaoir na h-Eòrpa)

Tá,

... na seann siùrsaichean beaga breòite
a chunnaic Baudelaire 'na ònrachd

le feiceáil faoi scáth 'Craobh nan Teud' i gcuideachta

...gach mith-shluagh mór a'falbh an doille,
an duine truagh fo sprochd mi- choibhneil,
an truaighe, bhochdainn 's an sprochd fo bhoillsgeadh.
(Craobh nan Teud)

Tá an t-olc agus an tiorántacht uilíoch do-roinnte.

Chrochadh Crìosda air crois-ceusaidh
agus Spartacus le cheudan;

bha ioma biatach dé am Breatainn
a rinn an obair oillteil sgreadaidh,
agus cheusadh ioma Criosda
an uiridh agus am bliadhna.

(An Cuilithionn vii)

Bhí baint ag múineadh na hEaglaise Saor-Phreisbitéirí lena
dhearcadh polaitiúil freisin. Ní fhéadfadh sé a chreidiúint go raibh
furmhór na ndaoine gnaíula a raibh aithne aige orthu daortha go
hlfreann dá n-ainneoin féin . Ní raibh slánú le fáil dar leis sa
chreideamh sin.

Chan fhaca Tu i , Mhic an t-saoir,
ri 'n abrar Rìgh na Glòir,
a miosg nan cladach carrach siar,
fo fhallus cliabh a lòn...

Agus labhair T' eaglais chaomh
mu staid chaillte a h-anama thruaigh;
agus lag an cosnadh dian
a corp gu sàmhchair dhuibh an uaigh

(Ban-Ghàidheal)

I dtéarmaí na samhlaíochta agus na filíochta d'fhéadfaí an tOlc a chur
ar ceal agus slánú éigin a fháil trí mheán an ghrá.

's nuair theàrnas grian air cùl Dhùn Cana
thig peileir dian á gunna Ghaoil;

's buailear am fiadh a tha 'na thuaineal
a' snòtach nan làraichean fèidir;

(Hallaig)

I dtéarmaí polaitíochta b'fhacthas dó go raibh an slánú le fáil trí
mheán an tsóisialachais

'S gus an tig an t-Arm Dearg còmhla
Le caismeachd tarsainn na Roinn-Eòrpa,
Drùidhidh iorram na truaighe
Air mo chridhe 's air mo bhuidhean.

(An Cuilithionn 1)

Faoin am ar thág sé an mheánscoil, bhí saoldearcadh socair soiléir aige. Bhí a fhios aige cé dár díobh é agus cé dár leo é. Bhí a ghean leis an daoscarshlua agus is annamh a bhíonn moladh aige do na sean-taoisigh agus do na sean-uaisle. Ba iad sin a d'imir brúidiúlacht ar na gnáth dhaoine, ar a mhuintir féin. Ní mhaitheann sé dóibh fé mar a leath-mhaith Máirtín Ó Direáin do Ó Mórna. Níl an meas aige orthu a bhí ag Marí Mór na nÓran. Siad na laochra atá aige ná John MacLean agus Séamus Ó Conghaile agus Dimitriov. Nuair a thosaigh an faisisteachas ag borradh san Eoraip chonaic sé brúidiúlacht na nDíbirtí ag leathadh ar fud na hEorpa agus b'fhéidir ar fud an domhain. D'aithin sé leanúnachas agus ionannas idir fhulaingt a shinsir agus fhulaingt mhuintir na hEorpa faoin bhfaisisteachas. Dear John MacInnes:

His poetry is intensely Gaelic even when it's different
from anything else in Gaelic (26)

Tá a chuid filíochta Gaelach mar pléann sé rudaí a bhí á bplé i litríocht na nGael in Albain (agus in Éirinn freisin) leis na céadta bliain - dishealbhú agus díbirt agus imirce chomh maith le grá, mórtas cine agus laochas agus mar go n-eascraíonn an friotal ó thraidisiún liteartha a bhí seanbhunaithe imeasc na nGael. Tá sí difriúil mar cuireann a thuiscint ar eispéireas sainiúil a chine, den fhulaingt agus den bhrúidiúlacht, ar a chumas riocht mhuintir na hEorpa agus mhuintir an domhain a thuiscint agus toisc go n-éiríonn leis a 'Theanga Phríobháideach' a chruthú óna theanga dúchais atá inniúil ar chúraimí an fichiú haois a phlé. I bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain, saibhríonn an tsainiúlacht an t-uilíochas mar tarraingíonn sé é isteach i réimse ár dtuisceana; saibhríonn an t-uilíochas an tsainiúlacht mar maolaíonn sé, ar shlí éigin, ár gcoimthíos.

Má bhí Somhairle Mac Gill-Éain socair ina dhúchas agus lán-mhuiníneach as a chumas teanga, níorbh ionann cás do Sheán Ó Ríordáin é. Mheas sé go raibh Baile Bhúirne easnamhach ó thaobh dúchais agus teanga de. Pobal dátheangach a bhí ann le linn a óige agus cé gurbh é dúthaigh a athar agus a dhúthaigh féin é agus cé

ghurbh é 'bóthar na Gaeilge é bóthar Baile Bhúirne agus mé óg' (27), níor mheas sé go raibh iomlán an dúchais ná iomlán na teangan le fáil ann.

Tá an difríocht mhór seo eatarthu (.i. idir Dún Chaoin agus Baile Bhúirne) gur pobal neamhphollta gan pholl i labhairt Gaeilge, is ea Dún Chaoin agus fiú nuair a bhíos óg, pobal pollta do b'ea Baile Bhúirne agus d'éinne a bheadh ag iarraidh scríobh is difríocht tromchúiseach í sin dar liom. (28)

Bhí ard-mheas aige ar Dhónall Ó Corcora agus bhí tionchar nár bheag ag an gCorcorach air.

Do dhein dá anam cluas le héisteacht
Is d'éist gan trua
(Dó féin, ná d'éinne a mhúnlaigh véarsa).....

Braithim é gan sos ag éisteacht
Mar athchoinsias;
Tá smacht a chluaise ar lúth mo véarsa,
Trom an chuing

(Do Dhomhnall Ó Corcora, E.S. 51 - 52)

Chuaigh fealsúnacht an náisiúnachais chultúrtha agus fealsúnacht Uí Chorca i bhfeidhm ar Ó Ríordáin. Dar le Ó Corcora ba í an Ghaeilge an teanga ba dhual do mhuintir na hÉireann agus ní fhéadfadh an náisiún bheith slán iomlán dá huireasa. Bhí anam an náisiúin préamhaithe sa Ghaelachas, sa Chaitliceachas agus i saol simplí na tuaithe. Bhí saol an Bhéarla agus saol na cathrach truailithe, coimhthíoch agus ba sa Ghaeltacht amháin a bhí an fíor Éire le fáil.

Chuaigh Ó Ríordáin ag lorg 'croí cine' i simplíocht agus i neamhurchóideacht na hóige.

Is titim siar go leanbach
Im óige chlúracanach
Nuair déantar fuarchorpán dem chois
Le codladh grifín na snáthad.

Tá seanchas sa dúiseacht sin,
Sa ghigilteas uafásach,
Is púcaí na mbéaloideasáí
Mar shamhlaíos iad im pháiste.

(Cláirseach Sean na nGnáthrud, E.S. 48)

Mhol Ó Corcora dó 'gan aon líne a scríobh ná beadh bunaithe ar líne as an seanfhillíocht'. (29) Bhí an seanfhillíocht á léamh aige ó bhí sé ina ghasúr i mBaile Bhúirne. Cheap sé go bhfaigheadh sé eisiomláirí ansin.

Ghéilleas do thraidisiún na Gaeilge. D'umhlaíos agus dheineas comharthaí omóis. Scanraíodh an fhillíocht álainn a scrítí sa Ghaeilge mé. Ní bhfuairéas an blas ceart ach ar Dhámhscoil Mhúscraí. (30)

Tá aisling ann, is is eol dom í
Ag fiuchadh i mbroinn mo shamhlaíochta,
Lasair gheal gan chorp mar ghaoith,
is corp oiriúnach á impí aici,
Ábhar linbh í ag santú saoil,
Bean mé nach maighdean is nach máthair,
A sheanfhillí, múinidh dom glao,
A mheallfadh corp dom shamhailt gharlach.

(A Sheanfhillí, Múinidh dom Glao, E.S. 36)

Ach cé gur éist sé le 'croí cine' agus go raibh caitheamh aige i ndiaidh na simplíochta agus na neamhurchóideachta, bhí cónaí air i ndomhan truailithe an Bhéarla agus na cathrach agus bhí sé ag fáil lón intinne agus lón samhlaíochta ón 'striapach allúrach'

A Ghaeilge im pheannsa,
Do shinsear ar chaillis?
An teanga bhocht thabhartha
Gan sloinne tú, a theanga?.....
Do d'iompar atáimse,
Do mhalairt im chluasaih,
Ag súrac atáirse
Ón striapach allúrach,
Is sínim chugat smaointe

A ghoideas-sa uaihf,
Do dhealramhsa a chfmse,
Is do mhalairt im shúilibh.

(A Ghaeilge im Pheannsa, B. 9)

Bhraith sé scoilt ann féin.

An raibh aon duine riamh chomh scoilte? Scoilt is ea gach lá agam. Tá obair an lae difriúil le hobair na hoíche. Ansin tá scoilt teangan - Gaeilge agus Béarla.....Cathain a chuirfead na blúiríocha le chéile? Abair go gceasaítear agus go mbuanaítear agus go n-iomlánaítear an aigne le haimsir. (31)

Ní fhéadfadh sé filleadh ar shimplíocht Bhaile Bhúirne. Bhí suaitheadh agus míshuaimhneas aigne an domhain mhóir mar chuid de feasta agus níor leor Gaeilge' phollta a óige ná rannaireacht Thaidhg Uí Dhuinnín ná fiú Gaeilge na seanleabhar a thuilleadh. Ní fhéadfadh sé, ach oiread, droim láimhe a thabhairt don Ghaeilge ná do shaol na Gaeilge. Ba as an saol sin a fáisceadh é agus bhí sé mar chuid dá dhúchas. Chaithfeadh sé a 'theanga phríobháideach' a chumadh.

Tá scríbhneoirí na Gaeilge.... san am atá i láthair, dultha thar teorainn na Gaeilge amach..... Tá nithe lasmuigh de thraidisiún na Gaeilge ar chúlaibh a smaointe, agus tiocfaidh na nithe seo ar barra ar ball nuair a scríobhfar an teanga phríobháideach. Beidh na nithe deoranta ina gcuid den iomlán, mar leáfar agus claochlófar iad fé mar a chlaochlófar an teanga féin in intinn an scríbhneora. Beidh an scríbhneoir agus a theanga phríobháideach comhfheid comhleithead. Caihfídh an Ghaeilge é a thionlathan go ceann an bhóthair, pé anró a chaithfidh sé gabháil tríd ar an slí. (32)

Tá Seán Ó Ríordáin ina oidhre ar scríbhneoirí na hAthbheochana sa mhéid gur roghnaigh sé scríobh i nGaeilge agus gur chreid sé gurbh í an Ghaeilge an teanga in arbh fhearr a d'fhéadfadh Éireannach é féin a chur in iúl. Is geall le macalla theagasc Dhónaill Uí Chorca an méid seo a scríobh sé sa réamhrá do 'Eireaball Spideoige':

Tá daoine sa tír seo a deir ná fuil scríbhneoirí Gaeilge na linne seo traidisiúnta. Creidim go bhfuil dearmad orthu. Ag féachaint ón gclós atá na daoine seo. Laistigh den teanga atá na scríbhneoirí agus ní amuigh sa chlós. I dteampall na Gaeilge atá siad ag paidreoireacht agus má mhúsclaíonn siad paidir ar bith is í paidir na Gaeilge is éigean dóibh a mhúscailt. Ní féidir an teanga d'fheacadh as a dúchas. Ní féidir aon phaidir eile do theacht as teampall na Gaeilge ach a paidir féin. (E.S. 25)

Ainneoin go raibh sé,

..... iata in éisteacht chúng

I lár bodhaire Béarla istigh

(Éisteacht Chúng, B. 38)

agus ainneoin gur thuig sé gur bheag an lucht léitheoireachta a bheadh aige, bhí sé ar intinn aige cloí leis an nGaeilge.

Is mó éag a fuair an teanga seo againne,

Ach go brách ní bhfaighidh sí éag ionainne

(Éisteacht Chúng)

Ar an taobh eile dhe, áfach, ní fhéadfadh sé glacadh go hiomlán le comhairle an Chorcaigh.

Chomhairligh agus theagasc Ó Corcora do scríbhneoirí Éireannacha cuid mhór dá bpearsa agus dá mbraistint féin a mhúchadh agus a úmhlú do nósá agus gnása an phobail. (33)

Ní fhéadfadh an Ríordánach an t-úmhlú ná an múchadh sin a dhéanamh. Bhí Ó Corcora ina 'athchoinsias' aige ach bhí sé freagarthach dá choinsias féin mar fhile agus mar dhuine.

A dhuine atá i measc daoine,

Is file tú chomh maith,

Taoi thíos fé bhun do dhaoine,

Taoi os a gcionn ar fad,

Is nuair a bheir ag labhairt le daoine

Ní labharfar as a measc,

Ná ní tusa a labharfaidh puinn leo

Ach d'eaglais ionat.

(An Dá Ghuth, B. 35)

Scríobh sé i nGaeilge,

Mar creidim go raibh riamh agus go bhfuil fós agus go mbeidh an fhilíocht is doimhne ar chumas Éireannaigh lonnaithe sa Ghaeilge. (34)

Mar sin féin, ní fhéadfadh sé glacadh leis na seanfhilí mar eiseamláirí. Ní raibh an saol inar mhair siad ann a thuilleadh. Ní raibh a dteanga ná a bhfriotal i dtiúin le meon ná le cúraimí an fichiú haois. Agus furmhór na bhfilí a chuaigh díreach roimhe - filí na h-Athbheochana - bhí siad ag féachaint siar agus bhí siad ag athrá na rudaí a dúradh cheana. Ach bhí saol nua ann lena mheon féin agus lena chúraimí féin agus níorbh fholáir dul i ngleic leis.

Ní féidir véarsaíocht de chaighdeán na ndánta a chnuasaigh Tomás Ó Rathaille a chumadh anois. Bhí uirlis foirfe ar fáil an uair sin don fhile agus don rannaire; uirlis a bhí in ann gach ardú meanman a chur in iúl, láithreach. Saol aontaithe beag a bhí ann an uair sin. Saol scoiltithe dátheangach, ag ligean uaidh, agus siollaí idirnáisiúnta isteach air atá anois ann. Saol pobail ba ea é an uair úd. Saol an duine aonair is ea é anois. (35)

Dá mba mhian leis a bheith dílis dá choinsias féin, chaithfeadh sé comhréiteach a dhéanamh idir an dúchas agus an nuacht, idir an 'croí cine' agus na 'siollaí gaoithe idirnáisiúnta'. Chaithfeadh sé uirlis nua a chumadh as an uirlis neamhfoirfe a tugadh dó. Ba scanraítheach agus ba chontúirteach an tasc é. Ba cheannródaí é agus bheadh daoine ann a déarfadh gur thruailligh sé an teanga, gur mhill sé an uirlis. Bheadh daoine eile ann a chuirfeadh tréas in aghaidh na teanga ina leith. Ach ní raibh dul as aige. Chaithfeadh sé scríobh mar dhuine a síolraíodh as dúchas na Gaeilge ach, ag an am céanna, níorbh fholáir dó scríobh mar dhuine dá chomhaimsir a raibh cónaí air i ndomhan an Bhéarla agus a raibh cíor thuathail an fichiú haois ag goilliúint air. Bhí a réiteach féin ag daoine eile - scríbhneoirí Éireannacha an Bhéarla - mar shampla. Ach duine ann féin ba ea an Ríordánach.

Ní rabhas riamh im dheisceabal(36)

Sé an mórhéama atá i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin ná an tóir ar an mbarántúlacht, ar an 'mise ceart'. Tá an teannas idir 'mise' na Gaeilge agus 'mise' an Bhéarla ina ghné lárnach den téama seo. Tá an dá shaol ann, saol na Gaeilge as ar fáisceadh é agus saol an Bhéarla inar hoileadh é agus ina raibh cónaí aige. Is coimhtíoch é sa dá shaol.

Cé cheangail ceangal eadrainn
A theanga seo leath-liom?
Muran lán-liom tú cén tairbhe
Bheith easnamhach id bhun?
Tá teanga eile in aice leat
Is deir sí linn 'Bí liom',
Do ráinnig dúinn bheith eadraibh,
Is is deighilte sinn ó shoin.

(A Theanga Seo Leath-Liom, B. 25)

Is deacair dó fáil isteach i saol na Gaeilge.

Ní mheileann riamh leath-aighe.
Caithfeam dul ionat:
Cé nach bog féid chuid a bhraithim tú,
A theanga seo leath-liom.

Agus fiú dá mb'fhéidir leis dul isteach go hiomlán i saol agus i meon na Gaeilge, níorbh fhéidir leis cúl a thabhairt ar 'Gleann na nGealt Thoir' (Fill Áris, B. 41). B'ionann sin is cuid dá chomhfhios a mhúchadh.

Tá cur síos déanta ag Seán Ó Tuama i Filí Faoi Sceimhle ar chuid de na tréithe i bhfilíocht Uí Ríordáin a dhealaíonn é ó fhilí na Gaeilge a chuaigh roimhe.

Buaileann sé a chló indibhidiúil Gaelach féin anuas ar mhothú agus ar mheitifisic atá ag eascairt in iarthar domhain ó aimsir Bhaudelaire i leith go speisialta. Ach is é a dhéanann filíocht shuaitinseach dá chuid filíochta ná gur oir an fuadar idirnáisiúnta seo do chruth faoi leith a aighe, is go raibh cumas a léirithe aige ar shlí nua neamhchoitianta dhúchasach. (37)

Luann Ó Tuama na samhailtí a úsáideann sé a chuireann ar a chumas ní hamháin cur síos a dhéanamh ar eispéireas, ach an t-eispéireas féin a chur inár láthair i dtreo is go n-éiríonn leis 'sinne a dhéanamh rannpháirteach i ngach cor, nach mór' den eispéireas. Déanann sé anailís ar an dán 'Adhlacadh Mo Mháthar (E.S. 56) ina bhfásann na samhailtí go léir, beagnach as trí ní sofheicthe - an uaigh, an sneachta agus an spideog. Cuirtear síos ar an reilig faoi bhrat bán sneachta.

Gile gearrchaile lá a céad chomaoine,
Gile abhlainne Dé Domhnaigh ar altóir,
Gile bainne ag sreangtheitheadh as na cíochaibh,
Nuair a chuireadar mo mháthair, gile an fhóid.

Ach ní cur síos ar radharcra an eispéiris amháin atá sna línte seo. Éiríonn leis an bhfile súailcí a mháthar - a neamhurchóideacht, a beannaitheacht agus a máithriúlacht - a chur ós ár gcomhair freisin.

Mar chodarsnacht ar an ngile agus ar an neamhurchóideacht tá an uaigh.

Is i lár na balbh-bháine i mo thimpeall
Do liúigh os ard sa tsneachta an dúpholl

Is créacht ar an ngile an dúpholl fé mar is créacht ar chroí an fhile an folús a mhothaíonn sé ann féin agus liúnn an dúpholl le liú tostach atá lán den bhrón agus den phian agus den easpa tuisceana atá ina chroí.

Tuirlingíonn spideog

Agus d'fhan ós cionn na huaighe fé mar go mb'eol di
go raibh an toisc a thug í ceilte ar chách
ach an té bhí ag feitheamh ins an gcomhrainn,
Is do rinneas éad fén gcaidreamh neamhghnách.

Braitheann sé go bhfuil ceangal diamhair idir a mháthair agus an t-éan agus go bhfuil sé 'deighilte amach ón diamhairghnó im thuata'.

Tá deireadh lena chaidreamh lena mháthair

Le cumhracht bróin do folcadh m'anam drúiseach
Thit sneachta geanmnaíochta ar mo chroí,
Anois adhlacfad sa chroí a deineadh ionraic
Cuimhne na mná d'iompar mé trí ráithe ina broinn.

Tugann cuimhne na máthar síocháin bhrónach dó agus, fé mar a chlúdóidh gile an tsneachta an dúpholl, clúdaíonn gile gheanmnaíocht a mháthar a anam drúiseach agus déanann ionraic é.

Go tobann bristear an tsíocháin. Tosaíonn na scológa ag scuabadh na cré isteach san uaigh, tosaíonn comharsa ag glanadh a ghlúine agus feiceann an phearsa an sagart agus 'saoltacht ina ghnúis'. Tá sé ar ais san úllghort inar thosaigh sé ag cuimhneamh ar an adhlacadh. Tá an ghrian ag taitheamh agus tá an bheach ag crónán. Tá seanlitir shalaithe a mháthar a chuir ag cuimhneamh é, fós ina láimh ach níl ach leamhas ina chroí.

Tá seo le rá faoin dán ag Ó Tuama:

Éiríonn leis an Ríordánach raon cumaisc mothúcháin a chruthú in 'Adhlacadh Mo Mháthar' de bharr a fheabhas a fhéadann sé bunsamhailteacha a iompróidh gach cor, nach mór, dá chorraí pearsanta a aimsiú agus a ionramháil i dteannta a chéile go healaíonta. Ní mór ná gur teicníocht nua i bhfilíocht na Gaeilge a leithéid seo. Is deacair cuimheamh ar aon dánta Gaeilge roimhe seo ina ndearnadh a leithéid (38)

Taispeánann Ó Tuama, áfach, nach bhfuil máistreacht iomlán ag Ó Ríordáin ar an teicníocht seo i gcuid de na dánta luatha. Tá sé amhrasach, agus an ceart aige, measaim, faoin gcéad véarsa in 'Adhlacadh Mo Mháthar'.

Grian an Mheithimh in úllghort,
Is siosarnach i síoda an tráthnóna,
Beach mhallaithe ag portaireacht
Mar screadstracadh ar an nóinbhrat.

An dara líne den véarsa is mó a chuireann imní agus mí-chompórd air. Ní hé nach samhailt álainn inti féin í ach ní bhaineann sí le *milieu* na Gaeilge agus go háirithe, ní bhaineann sí le *milieu* an dáin seo.

Máchail eile a bhíonn le haireachtáil ar chuid de na dánta in Eireaball Spideoige sea go mbíonn claonadh ag Ó Ríordáin samhailtí a charnadh ar nós duine a bheadh tar éis cleas nua a fhoghlaim agus a mbeadh cathú air é a chleachtadh. In 'Cnoc Mellerí' (E.S.64) féachann sé ar mhanach óg agus ceapann sé go bhfuil a shaol thart sula dtosaíonn sé i gceart.

Buachaill mar sheandúine meirtneach ag siúl,
Masla ar choimirice Dé,
An té dhéanfadh éagóir dá leithéid ar gharsún
Do chuirfeadh sé cochall ar ghréin.

Is samhailt éifeachtach an líne deireannach den véarsa seo a chuireann fearg na pearsan in iúl go láidir agus go soiléir.

Ach ansin leanann sé ar aghaidh:

Do scaipfeadh an oíche ar fud an mheán lae,
Do bhainfeadh an teanga den abhainn,
Do chuirfeadh coir drúise in intinn na n-éan,
Is do líonfadh le náire an domhan.

Ní chuireann na línte seo le héifeacht an mhéid atá ráite cheana agus, mar a deir Ó Tuama, 'is cinnte gur *bathos* iomlán an líne deireannach'.

Ach fiú má tá máchailí ar chuid de na dánta, is máchailí beag le rá iad nuair a smaoinítear ar an éacht a rinne an Ríordánach. D'aimsigh sé teicníocht a chuir ar a chumas plé le cúraimí a linne. Shaor sé filíocht na Gaeilge ó chuibhraigh lucht na nathanna agus na gcora cainte agus ó lucht na súile siar.

Mar a deir Seán Ó Mórdha:

Is féidir a rá le fírinne gurb é a dhein sé féin go háirithe agus roinnt bheag eile dá ghlúin ná Ghaeilge a úsáid mar mheán machnaimh. Rud neamhghnách i litríocht na Gaeilge ab ea an casadh sin. (39)

Agus dúirt Máirtín Ó Direáin sa fhreagra a scríobh sé ar léirmheas Mháire Mhac an tSaoi:

‘Sé bua an Ríordánaigh go léiríonn sé na smaointe casta a spreagann an aois seo go héifeachtach. Go gcruthaíonn sé gur féidir filíocht chruaidh inteannach a scríobh inti. Go gcuireann sé an chomaoin sin ar an teanga. (40)

Sé an dara tréith a luann Seán Ó Tuama le filíocht Uí Ríordáin ná an greann. Má bhí air dul taobh amuigh de thraidisiún na Gaeilge ag lorg teicníochta, níorbh amhlaidh bhí leis an ngreann. Taispeánann Vivian Mercier (41) go bhfuil an greann ina chuid dhílis de litríocht na hÉireann, i nGaeilge agus i mBéarla, ón uair a tosaíodh ag cumadh na litríochta sin anuas go dtí an lá atá inniu ann. Is iomaí saghas grinn a bhíonn le fáil i bhfilíocht Uí Ríordáin agus is iomaí gnó a bhíonn aige leis.

Uaireanta bíonn an greann simplí neamhurchóideach. In ‘Cúl an Tí’ (E.S. 61) cruthaíonn sé domhan fantaiseach ina mbíonn caint rúnda ag na hainmhithe. In ‘An Lacha’ (B. 30) féachann sé le cion ar mhórchúis na lachan agus í ‘ag marcaíocht ar a proimpe’.

Ba dhóigh leat ar a misneach
Gur seo chugat an dán díreach
Nuair is léir do lucht na tuigse
Gur dícheall di vers libre.

In ‘Siollabadh’ (E.S. 111) smaoiníonn sé ar rithimí éagsúla an ospidéil - preabarnach cuisleann na n-othar, coiscéimeanna na mbanaltraí, bualadh clog an aingil - agus cruinníonn sé iad isteach in aon rithim amháin a bhíonn ag síorbhualadh ar fud an ospidéil. Uaireanta bíonn iarracht den aoir ar an ngreann. In ‘Tulyar’ (B. 29) baineann sé spórt as Piúratánachas a linne. In ‘An Dilettante’

(E.S. 115) déanann sé magadh faoi dhaoine, é féin ina measc, a bhíonn ag iarraidh éaló ón bhfírinne tré chur i gcéill. In 'Seanmóintí'(B. 24) feiceann sé an sagart mar 'Glór i gcóitín ins an teampall'. Ní 'ceolmhaire é ná an gandal' ní measa 'linn éisteacht le srann muc'. Ach ansin casann sé ón ngreann go tobann agus leanann sé ar aghaidh,

Is binne ná téada ag labhairt é,
Mar tá cláirseach an Mháistir aige.

Go minic is mar sciath chosanta ar an naimhdeas agus ar an sceon a úsáideann sé an greann. In 'Apologia' (E.S. 27) caitheann sé drochmheas ar a dhánta sula mbíonn deis ag a naimhde é sin a dhéanamh.

....bíonn éileamh ar gach im
Le linn an drochshéasúir

In 'Bás' (E.S. 69) maolaíonn an greann uafás an bháis.

Bhí an bás lem ais,
D'aontaíos dul
Gan mhoill gan ghol,
Bhíos am fhéinmheas
Le híonadh;
Agus b'shin mise
go hiomlán,
Mhuise slán
Leat, a dhuine.

Briseann greann Uí Ríordáin orainn nuair is lú a bhíonn súil againn leis agus, mar a chonaiceamar in 'Seanmóintí' imíonn sé chomh tobann céanna. Dán molta an-dáiríre is ea 'Do Dhomhnall Ó Corcara' (E.S. 51). Ach go tobann,

De phlimp ar úrlár gallda an lae seo,
Eoghan béal binn,
Aindrias Mac Craith, Seán Clárach, Aodhagán,

Cioth filí.

Feicimid Naomh Pól

Ag gliúcaíocht aníos tríd an Laidin
Is cealg ina chroí. (Guí B. 16)

Féachann sé ar na 'crainn chasfháis' ar Oileán Bharra agus

Mar scríbhinn breacaithe ar phár
Is scríbhinn eile trasna air
Chonac geanc is glún is cruit is spág,
Fa dheoidh chonac dealramh Gandhi
(Oileán agus Oilean Eile, E.S. 78)

Rinceann an peacach sa Laidin tar éis dó a fhaoistin a dhéanamh
(Cnoc Mellerí)

Leagann Ádhamh súil ar Éabha sa tseanreacht (Toil, LL 27) agus

Bhí deireadh go deo
Le mise a sheachaint.

Baineann na scigphictiúir seo le domhan Mhic Con Glinne nó le himeall leathanaigh i Leabhar Cheanannais. Deir Vivian Mercier gurb iad príomh shaintréithe ghreann na hÉireann ná 'fantasy, the macabre and the grotesque'. Tá na tréithe seo go léir le fáil i bhfilíocht Uí Riordáin.

Sé an tríú tréith d'fhilíocht an Ríordánaigh dá dtagraíonn Ó Tuama ná an chaoi a bhfásann na samhailtí i gcomhthéacs na scéalaíochta nó na hócáide drámata i dtreo is go spreagann gach cor nua sa scéal cor nua sa tsamhlaíocht. Feictear an tréith seo ins na dánta fada mar 'Adhlacadh Mo Mháthar' nó 'Cnoc Mellerí' ach tá sí le feiceáil ins na liricí gearra chomh maith.

Do chaitheas tráthnóna le caidreamh,

Is scamail go fuilteach sa spéir,
Gur súdh an fhuil as na scamail,
Is fágadh ann salachar mar chré,
Im thimpeall bhí daoscar cuideachtach
Ag magadh is ag eascainí baoth;
Níor fhéadas suí socair sa bhaile
Ag suirí le leabhraibh an léinn
Is pianta go fuilteach ar m'anam,
Mar bhí fear ar an gcnoc thiar le bé.
Do thumas an fhuil ins an salachar,
Sin príomhleigheas an daoscair ar phéin.

(An Leigheas, E.S. 29)

Sa dán seo is é an scéal atá á insint a aontaíonn na samhailtí. Fásann an miobhuaine in intinn na pearsan sa dán as an gclaochló atá ag teacht ar an spéir agus úsáideann an file samhailt na fola agus an tsalachair lena thosaigh sé an dán chun toradh na míobhuaine intinne a chur in iúl. Baineann Ó Ríordáin úsáid as an gcleas céanna a d'úsáid an file anaithnid a scríobh 'Pangur Ban' nuair a cheangail sé tóir an chait ar luch a le tóir an mhanaigh ar fhocail chun a scéal a insint. Ach in 'An Leigheas' tá na samhailtí i bhfad níos dlúithe agus iompraíonn siad i bhfad níos mó brí.

Is mórfhile é Seán Ó Riordán mar éiríonn leis teicníocht agus meon fhilíocht an fichiú haois a nódú ar thraidisiún fhilíocht na Gaeilge. Is eadarghabhálaí é idir saol dúchasach na Gaeilge agus an saol comhaimseartha. Bíonn sé de shíor ag éisteacht leis an macalla a thagann ón 'stáisiún foirleatha / Óna gcráolann an macalla féin' (Na Blascaodaí, E.S. 94) ach éistean sé freisin leis an gclampar atá ar siúl ina thimpeall.

Mar a deir Breandán Ó Doibhlin:

Tá Ó Riordán ar an bhfíorbheagán scríbhneoirí atá in ann cruthú samhlaíochta a bhunú ar scitsifréine teangan na hÉireann.....(agus) ar ár gcoimhíos cultúrtha. (43)

CONCLÚIDÍ

Chuir mé romham ag tús na caibidile seo filíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain agus filíocht Sheáin Uí Ríordáin a scrúdú féachaint conas ar éirigh leo friotal a chruthú a bhí dílis dá dteangacha dúchais agus a bhí inniúil ar chúraimí a linne a chur in iúl.

Mar chonclúid, is féidir a rá go bhfuil leanúnachas idir filíocht Mhic Gill-Éain agus filíocht na bhfilí Gàidhlig a chuaigh roimhe. Pléann sé na hábhair chéanna agus a phléigh siadsan - brúidiúlacht lucht an rachmais agus fulaingt agus coimhthíos na cosmhuintire chomh maith leis an ngrá agus an reiligiún. Leanann sé traidisiún fhilíocht na nGael san fheidhm a bhaineann sé as gnéithe den dúlra agus den tírdhreach agus as logainmneacha a áite dúchais ach, go dtugann sé brí níos leithne agus níos saibhre do na níthe sin tríd an úsáid mheafarach agus shiombalach a bhaineann sé astu. Cuireann sé a eolas agus a thuiscint ar stair thubaisteach a mhuintire i bhfeidhm ar stair thubaisteach an domhain i dtreo is gur filíocht áitiúil agus filíocht domhanda a chuid filíochta ag an am céanna.

Braitheann Ó Ríordáin scoilt ann féin idir a dhúchas Gaelach agus an saol ina thimpeall. Tuigeann sé go gcaithfidh sé comhréiteach a dhéanamh idir an dá shaol má's áil leis bheith dílis dá choinsias mar fhile agus mar dhuine. Creideann sé nach leor Gaeilge a óige ná Gaeilge na leabhar dá ghnó mar fhile. Aimsíonn sé teicníochtaí i bhfilíocht an Bhéarla agus i bhfilíocht na hEorpa a chuireann ar a chumas a mheon féin agus meon a linne a chur in iúl. Ach ní mhúchann na teicníochtaí seo saintréithe fhilíocht na Gaeilge ina chuid filíochta. Tagann na saintréithe seo in uachtar go háirithe sa ghreann atá go flúirseach ina shaothar agus sa chaoi a mbaineann sé úsáid as traidisiún na scéalaíochta agus na drámaíochta ina chuid filíochta.

NÓTAÍ

1. Seán Ó Ríordáin, "Teangacha Príobháideacha," Scríobh 4 (1979): 1.14.
2. Somhairle Mac Gill-Éain, "My Relationship with the Muse," in Ris a' Bhruthaich: The Criticism and Prose Writings of Sorley MacLean, in eag. William Gillies (Stornoway: Acair, 1985), 6.
3. *ibid.*, 8.
4. *ibid.*,
5. Sorley MacLean, "Some Aspects of Family and Local Background an Interview with Sorley MacLean, "agallamh le Donald Archie MacDonald, in Sorley MacLean: Critical Essays, in eag. Raymond J. Ross and Joy Hendry (Edinburgh: Scottish Academic Press, 1986), 216.
6. *ibid.*,
7. John MacInnes, "Language, Metre and Diction in the Poetry of Sorley MacLean," in Ross and Hendry, Critical Essays, 145.
8. William Ross, Gaelic Songs of William Ross, ais. John MacKenzie, in eag. George Calder (Dún Éideann, 1937), 62.
9. *ibid.*, 80.
10. Seán Ó Ríordáin, "Teangacha Príobháideacha," 14.
11. John MacInnes, "Language Metre and Diction in the Poetry of Sorley MacLean," 146.
12. Máire Ní Annracháin, "An tAinm Dílis agus an Dílseacht Fhileata," Léachtaí Cholm Cille xvii. (1986), 36.
13. Sorley MacLean, "Some Aspects of Family and Local Background: an Interview with Sorley MacLean," 219.
14. Kuno Meyer, Ancient Irish Poetry, 2nd. ed. (London: Constable, 1913), xii.
15. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir (Máigh Nuad: An Sagart, 1992), 42.

16. Douglas Hyde, Abhráin Grádh Chúige Chonnacht, or, Love Songs of Connacht (Baile-Átha-Cliath: Gill, 1893; London: T. Fisher Unwin, 1893; repr., Shannon: Irish University Press, 1969), 30.
17. *ibid.*, 58.
18. Seán Ó Tuama, ead., An Duanaire 1600 - 1900: Poems of the Dispossessed, ais. Thomas Kinsella, (Mountrath: Dolmen, 1981), 296.
19. *ibid.*, 280.
20. Derrick Thomson, An Introduction to Gaelic Poetry (London: Victor Gollancz, 1977), 66.
21. Breandan Ó Doibhlin, “Téama an Dúchais i Nualitríocht na Gaeilge”, in Aistí Critice agus Cultúir (Baile Átha Cliath: FNT, n.d.), 211.
22. Somhairle Mac Gill-Éain, “Scots Steel Tempered wi’ Irish Fire: Comhrá le Somhairle Mac Gill-Éain”, Innti 10 (Nollaig 1986), 33.
23. *ibid.*
24. Douglas Sealy, “Out from Skye to the World: Literature, History and Poet,” in Ross and Hendry, Critical Essays, 70.
25. *ibid.*
26. John MacInnes, “Language, Metre and Diction in the Poetry of Sorley MacLean” 137.
27. Seán Ó Ríordáin, “Dialann, 5 Meitheamh 1962” luaite in Seán Ó Coileáin, Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982), 44.
28. Seán Ó Ríordáin, “Seán Ó Ríordáin ag Caint,” agallamh le Seán Ó Mórdha, Scríobh 3 (1978), 163.
29. Seán Ó Ríordáin, “Má Nuad, Irish Times, 12 Lúnasa 1972; Luaite in Ó Coileáin, Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar, 210.
30. Seán Ó Ríordáin, “Dialann, 22 Aibreán 1949,” luaite in Ó Coileáin, 211.
31. Seán Ó Ríordáin, “An Dialann: 27 Lúnasa 1955 - 13 Eanáir 1956,” Scríobh 5 (1981), 47.

32. Seán Ó Ríordáin, "Teangacha Príobháideacha," 14-15.
33. Seán Ó Mórdha, "Réamhrá", Scríobh 4 (1979), 11.
34. Seán Ó Ríordáin, "Scríobh na Filíochta." Scríobh 2 (1975), 73.
35. *ibid.*, 72.
36. Seán Ó Ríordáin, luaite in Seán Ó Mórdha, "Réamhrá," Scríobh 4, 9.
37. Seán Ó Tuama, Filí Faoi Sceimhle (Baile Átha Cliath: Oifig an tSothláthair, 1978), 1.
38. *ibid.*, 7.
39. Seán Ó Mórdha, "An Púca Léannta," in An Duine is Dual, ead. Eoghan Ó hAnluain, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1980), 18.
40. Máirtín Ó Direáin, litir i Feasta (Bealtaine 1953), 15.
41. Vivien Mercier, The Irish Comic Tradition (London: Souvenir Press, 1991),
42. *ibid.*, xi.
43. Breandán Ó Doibhlin, "An Coimhthíos i Nualitríocht na Gaeilge," in Aistí Critice agus Cultúir (Baile Átha Cliath: FNT, n.d.), 197.

CAIBIDIL A DÓ

REILIGIÚN

Rugadh agus tógadh Somhairle Mac Gill-Éain agus Seán Ó Ríordáin araon i bpobail agus i dteaghlaigh ina raibh cúrsaí reiligiúin lárnach do shaol na ndaoine. Sa chaibidil seo, scrúdóidh mé filíocht na beirte chun a thaispeáint conas a chuaigh an reiligiún i gcion ar a gcuid filíochta.

I gcás Shomhairle Mhic Gill-Éain beidh mé ag rá:

- (1) Go bhfuil duairceas ina chuid filíochta a eascraíonn cuid mhór óna thuiscint ar theagasc an Réamhordaithe agus an 'Taghaidh' agus go bhfuil tionchar na tuisceana sin le feiceáil go forleathan ar a chuid filíochta.
- (2) Go ndeachaigh sé le Sóisialachas mar chóras praicticiúil chun éigearta an tsaoil a leasú ach nach léir óna chuid filíochta gur ghlac sé le fealsúnacht an Mharxachais.
- (3) Gurb annamh a bhaineann sé úsáid as béarlagair an tSóisialachais ach go bhfuil a chuid filíochta lom lán de fhriotail agus d'íomháineachas na Críostaíochta.
- (4) Gur thug sé aghaidh ar cheisteanna meitifisiciúla an Oilc agus an Bháis agus gur tháinig sé ar an dtuiscint go bhfuil an Mhaith agus an tOlc do-scartha agus go n-eascraíonn siad óna chéile.
- (5) Nach bhfuil sé sásta leis an tuiscint sin agus go bhfuil tnúthán aige le comhréiteach a dhéanamh idir an Mhaith agus an tOlc, go háirithe tríd an ghrá agus gurb ionann an tnúthán sin agus tnúthán leis an Absalóid.

Maidir le Seán Ó Ríordáin, béidh mé ag áiteamh:

- (1) Gur múnlaíodh a chóras smaointe ag an gCríostaíocht agus go háirithe ag an gCaitliceachas.
- (2) Go léirítear an múnla sin ag an gcur síos atá ina chuid filíochta ar chorthaí creidimh an duine.
- (3) Go léirítear é san íomháineachas Críostaí agus Caitliceach a úsáidtear san fhilíocht.
- (4) Go príomha, go léirítear é sa bhuntuisctint de bheith agus d'eisint an duine atá laistiar den fhilíocht.
- (5) Gurb é príomhthéama na filíochta, ná an iarracht atá á dhéanamh ag an duine a eisint fhírinneach a aimsiú agus sa tslí sin, teangmháil leis an Absalóid.

In 'A Chorra-ghridheach' cuireann Somhairle Mac Gill-Éain síos ar uaigneas agus ar choimthíos an duine aonair 'gun creideamh an aon ní'. Cuireann an phearsa é féin i gcomparáid leis an éan atá freisin

Leatha fhéin am meud na cruinne
ge mór an cleamhnas do-ruighinn

Níl an t-éan buartha. Tá 'Inntinn luasganach a' sìreadh' ach is féidir leí a mianta a chomhlíonadh - 'cothachadh lóin meud a suime'. Feiceann an duine agus an t-éan an áilleacht chéanna - fáinne an lae ar an bhfarráige - agus cloiseann siad na fuaimeanna céanna - 'an t-slugadh-mhara / is sàl a suathadh air na clachan'. Ach níl ach an t-aon aisling ag an éan:

A h-aisling mhíre le aon shitheadh.....
gun bhròn, gun teagamh, ach aon mhíreadh,
lagh díreach neo-cham corra-gridhich

Ní mar sin don duine. Tá a aisling 'briste, cam, le lannir buairidh'.

Tá a' eanchainn, cridhe 's gaol neo-shuaimhneach'. Ní féidir leis a mhianta a shásamh 'le aon shitheadh'.

Dán duairc is ea 'A Chorra-ghridheach'. Léirítear ann éadóchas agus féintrua na hóige. Tá an phearsa ar tí teicheadh ón mbeatha. Tá glactha aige le

Anfhannachd an strì
aognuidheachd am brìgh,
gealtachd anns a' chridh

Ach d'ainneoin an laghrí agus an ísle meanman agus d'ainneoin go bhfuil an aisling 'ciùrrte' agus 'neo-shuairce', tá sí 'aon-drithleannach'. D'ainneoin an éadóchais agus an duaircis, tá féidearthacht an dóchais agus an tslánaithe ann.

Tá an duairceas ina shainghné de chuid mhór d'fhillocht Shomhairle Mhic Gill-Éain. Dar leis féin, ba dhuarcán nádúrtha é agus bhí an duairceas seo,

..... probably engendered by my religious upbringing If you are brought up in a church which seems to say that the bulk of humanity are going to suffer an eternity of physical and mental torture, it is very difficult not to be a pessimist. (1)

Seo mar a mhínigh Cailbhin teagasc an Réamhordaithe:

We call predestination God's eternal decree, by which he determined with himself what he willed to become of each man. For all men are not created in equal condition: rather, eternal life is foreordained for some, eternal damnation for others. Therefore, as any man has been created to one or the other of these ends, we speak of him as predestined to life or death. (2)

Ba scanraítheach sceanmhar an teagasc seo go háirithe mar a tuigeadh é do na Saor-Phreisbitéirigh. Deir Terence McGaughey:

However robust and reassuring the doctrine of Election may have been in the hands of Augustine or, for that matter, of Martin Luther and the

first generation of sixteenth century reformers, in the hands of Calvinist orthodoxy of the following century (to which free Presbyterians, among whom MacLean grew up, strictly adhere), it had become a terrifying doctrine, underlining the terrible and arbitrary power of the Deity. (3).

Bhí an Taghadh ag déanamh tinnis do Shomhairle Mac Gill-Éain i rith a shaoil. Ní fhéadfadh sé comhréiteach a dhéanamh leis an ide go raibh daoine daortha chun a ndamnaithe dá n-ainneoin féin. Ar ndóigh, is ceist í ceist in cinniúna atá ag buaireadh daoine ó thús ama. Is í is bun leis an miotas clasaiceach faoi Fháithe na cinniúna agus is í an cheist í a phléann Thornton Wilder san úrscéal 'The Bridge of San Luis Rey'. Ach is léir go ndeachaigh an teagasc go mór i gcion ar Mhac Gill-Éain toisc a liachtaí uair is a thagraíonn sé dó ina chuid filíochta. Ba í a thuiscint a chuir deireadh dó le soineantacht na hógé díreach mar b'é eolas faoin ngnéas a 'scoilt an mhaidin álainn' (E.S.71) do Sheán Ó Ríordáin.

Sa dán 'Anns a' Phàirce Mhòir' cuireann an file síos ar staid na soineantachta sular thuig na páistí uafás theagasc an Taghaidh. Oíche ghealaí i ndeireadh an Fhómhair a bhí ann. Bhí scata páistí ag súgradh i measc na stuacaí sa ghort arbhair. Bhí na scamail agus na stuacaí ag caitheamh scáileanna ar an ngort. Bhí diamhracht chorraítheach sna scáileanna a chuir idir fhaitíos agus ríméad ar na páistí. Bhí teagasc na heaglaise faoin Taghadh ar eolas acu ach ba mar fhoirmle sa Teagasc Críostaí a bhí sé acu. Ní raibh an saol fós

.....'na sgrìoban
cruaidhe dìreach giara.

Bhí an bás agus an tsíoraíocht i bhfad uathu agus bhí an Taghadh scanraítheach sa chaoi chéanna is a bhí scáileanna an ghoirt scanraítheach. Ní raibh ann fós ach scéal i leabhar. Ní raibh Úll na hAithne blasta ag na páistí go fóill.

Cha robh an Taghadh cho soilleir
is sinne anns 'a Phàirc Mhòir.

In 'Tìodhlacadh sa Chlachan', áfach, bhí uafás an teagaisc soiléir.
Bhí na daoine cruinnithe ag sochraid chomharsan. Bhí meas ag gach
duine ar an duine marbh.

Bha an duine ceart is bàigheil,
teò-chridheach, onorach is càirdeil

Ach ba shuáilcí daonna iad sin agus

..dé b'fhiach gach beus a b'fhèarr dhiubh
na dh'fhalbh an duine an Staid Nàduir?

Ní raibh aon chomhartha ina shaol go raibh sé imeasc na naomh.

Cha robh aon chomharradh air a ghiùlan
gun dàinig a' Bhreith as Ur air

Bhí sé nach mór cinnte go raibh a anam in lfreann.

B'e a chuibhrionn sìorruidheachd gun dòchas,
corruidh Dhé san t-sloc dhòbhaidh

Lasraichean mu'n cheann liath ud,
a' chnuimh bhreun 's an dosgainn shìorruidh.

Bhí an Ceisteoir, ionadaí na hEaglaise, ina thost. Labhair na
daoine faoina gchúraimí saolta, faoin iascaireacht agus faoi na stoic
agus an barraí. Chaoin siad an duine marbh ach ba é an duine
daonna a chaoin siad, an duine séimh, gnaíúil, fláithiúil a raibh aithne
acu air. Ach níor labhair siad faoina anam. Ar leibhéal amháin dá
n-aighe - leibhéal na loighice agus an réasúin - ghlac siad le teagasc
na hEaglaise.

Cha robh duine anns an éisdeachd
nach tug a chreud á Sineubha;

Cha robh duine anns 'a bhuidhinn
nach do dh'aidich an creud uile

Ar leibhéal eile - leibhéal na samhlaíochta - níor ghlac a bhfurmhór

go hiomlán leis an teagasc ach níorbh fhéidir leo é seo a admháil, fiú amháin dóibh féin.

Agus thuig gach fear sa chòmlan
ní nach seanaiséadh e ri ònrachd:

nach eil trian de thrian ag creidsinn
ann an Ifrinn bhuan na h-aidmheil

In 'A' Bheinn air Chall' labhraíonn an phearsa faoi

Imcheist a' ghiullain Shaoir-Chléirech,
a ghearan is a dhiùltadh sàmhach

Ní féidir leis glacadh le 'Sìorruidheachd Dhante is Dhùghaill' má's é atá ann 'Pàrras gun phàrras a chuideachd'. Déanann sé tagairt don 'robair eile air a' chrann'. De réir theagac na hEaglaise tá sé cinnte, ní hamháin gur damnaíodh an chéad chuirptheach a crochadh taobh le Críost, ach go raibh a dhamnú réamhordaithe ón tús. Agus tá sé cinnte freisin gur damnaíodh 'Spartacus le armailt chiùrrte' cé gurbh laochra iad a throid in aghaidh na brúidiúlachta agus gur crochadh iad mar a crochadh Críost. Ní bheadh Parthas ina pharthas don ghiùlla óg muna mbeadh a leithéid de dhaoine ann.

Sna dánta seo ní hé a shlánú pearsanta atá i gceist ag an bhfile ach an slánú i gcoitinne. Feictear dó go bhfuil éagóir sa chóras diagachta a dhaorfadh daoine go hlfreann dá n-ainneoin féin, sa chaoi chéanna a bhfeictear dó go raibh éagóir sa chóras sóisialta a chuir iachall ar a shinsir a mbailte a fhágáil ar mhaithe le lucht na gcaorach.

Tá gné eile den chinniúint nó den Taghadh i gceist in 'Latha Foghair'. Bhí seachtar saighdiúirí le chéile in aon áit amháin san fhásach i rith an chogaidh. Bhí sliogáin an námhad ag dul thart i rith an lae. Thuirling sliogán amháin i ngar do na saighdiúirí agus maraíodh seisear acu. Fágadh pearsa an dáin ina bheatha.

Ghabh aon Taghadh iadsan
's cha d' ghabh e mise,
gun fhoighneachd dhinn
có b'fhearr no bu mhiosa:
ar liom, cho diabhlaidh coma
ris na sligean.

Ba í an chumhacht threallach chéanna, a dhaor an fear sa Chlachan
go hlfreann, a dhaor an seisear chun báis

Dhiúltaigh Somhairle Mac Gill-Éain glacadh leis an 'Creud á
Sineubha' agus chuaigh sé le sóisialachas. Mar a dúradh cheana,
bhí an Sóisialachas, nó ar a laghad meón an tSóisialachais, mar
chuid dá oidhreacht. Níltear ar aon intinn cé chomh fada is a ghlac sé
le hidé-eolaíocht agus le fealsúnacht an Mharxachais.

Deir Breandán Ó Doibhlin:

...is ar éigin más féidir a rá..... go bhfuil glacadh ag an fhile leis an
Chumannachas. Má bhí bá aige mar dhuine leis an Pháirtí, ní dóigh
liom go bhfuil rian ar bith den idéolaíocht Mharxach ar a chuid filíochta
ach go háirithe. Sóisialachas raidiciúil agus fonn réabhlóide is cruinne
a déarfá leis an mheon atá laistiar di sin (4)

Dar le Duncan McLaren:

MacLean's Marxism was essentially of the romantic sort,
clutched at as a coherent philosophy which diagnosed the
main faults of the Scotland of his day.....Marxism, tempered with
Scottish nationalism, provided MacLean above all with a club with
which to beat the bourgeois landlords and uncaring clerics who had
contributed to the decline of his native country (5)

Agus deir John MacInnes:

Marxism gave the form in which he was able to view the history
of his own people in the context of world politics (6).

Ó thaobh na filíochta de, is cuma cé chomh fada is a ghlac sé le

teoiric an Mharxachais. Bhí a bhá leis an dream a bhí thíos agus ní raibh slánú le fáil ag a bhfurmhór siúd sa saol seo ná sa saol eile ón gCríostaíocht, dar leis. Bhí na Sóisialaigh agus na Cumannaigh ar thaobh na ndaoine bochta agus ba uathu-san a thiocfadh pé slánú a bhí le teacht. Sa Chailbhineachas, mar a thuig na Saor-Phreisbitéirigh é, bhí dream beag roghnaithe chun a slánaithe. Bhí Mac Gill-Éain leis an dream eile.

.....My promethean view of socialism is an inversion of the career of the 'saved' in the sense that it was a justification of the 'lost', 'damned' Promethean. I had to find a humanist, hence, Promethean, substitute (i. do Dhia). I have never been on the side of the established angels (7)

Ba gheall le creideamh nua aige an sóisialachas. Bhí a naoimh agus a mhairtíreachas aige - John MacLean, Ó Conghaile, Dimitriov, John Cornford; bhí a neamh aige - an Phoblacht Shóisialach, agus bhí a náimhde aige - na tiarnaí talún agus a gcomhghuaillithe san Eaglais, agus a mheánaicme. Ach cé gur ghlac sé leis an gcreideamh nua, tá rian an tseanchreidimh go láidir ar a chuid filíochta. Is suntasach an rud é nach mbaineann sé úsáid as béaleagair an tSóisialachais. Ar an taobh eile de, tá an fhilíocht breactha le tagairtí do Chríost agus le focail a bhaineann leis an Eaglais agus is minic a bhíonn macallaí de reitiric an Bhíobla ann.

Mar a deir Douglas Sealy:

It is to the Presbyterian tradition that we must look to find the most powerful influences on the poetry of MacLean, whether as a socialist or a love-poet. (8)

Tá tionchar na hEaglaise agus an Bhíobla le feiceál go soiléar in 'Urnaigh'. Samhlaíonn an phearsa an cogadh sa Spáinn mar tharlúint apacailteach.

Theirear gum faicear trom-laighe,
am bás 's a' ghort a' tachdadh aighir;
an feicear a' ghort air na raointean,

gum eislig chumhachdach 'na caoile

Cuireann sé i gcuimhne dúinn an sliocht as soiscéal Lúcáis nuair atá Íosa ag caint faoi léirscrios Iarúsailéim:

Beidh maidhmeanna móra talún ann, agus plánna anseo is
ansiúd: (Lúc. 21, 11)

Tá macalla den ghorta a tháinig ar na hÉigiptigh in Genesis 41 sa
'ghort air na raointean'.

Tá an Spáinn 'na latha-traisg' do Chornford. B'é an 'latha-traisg'
Déardaoin na seachtaine ina ghlacadh comaoineoirí san Eaglais
Saor-Phreisbitéireach an Chomaoin. Bhí 'latha-traisg' ann mar
ullmhúcháin don Chomaoin. Bhíodh na daoine á nglanadh féin ó
chúraimí an tsaoil. Tá Cornford á ullmhú féin don bhás atá i dán dó
agus tá sé ag iarraidh a ghrá don bheán a chur de ar eagla go lagófaí
é.

Ní féidir leis an bpearsa guí go mbeidh 'spiorad 's e air fhaileadh'
aige. Bheadh sé ag guí in aghaidh a mhianta féin agus 'guidhe
toibheumach neo-iomlán' a bheadh inti. Ní bheadh 'a' Ghairm
Eifeachdach no 'n Dùrachd' ann. Níl a chroí 'ach leth-fhailte' cosúil le
haingeal na hEaglaise i Laoidecea,

De bhrí go bhfuil tú alabhog, gan a bheith fuar ná te, táim chun tú a
scéitheadh as mo bhéal amach (Apac. 3, 16).

Ní fiú é Comaoin an bháis a ghlacadh de bhrí go bhfuil a chroí
'sgàinte'. Tá sé alabhog.

In 'An Roghainn' baineann sé úsáid as íomhá na croise chun cur
síos ar íobairt Chornford agus an iomad eile.

Cha d' ghabh mise bàs croinn-ceusaidh
ann an éiginn chruaidh na Spáinn

Lean sé 'an t-slighe chrìon / bheag ìosal thioram thlàth' Aistríonn an file féin an focal 'tlàth mar 'lukewarm' an aidíocht chéanna a luaitear le hEaglais Laoidicea san Apacailipsis.

Ní ionsaíonn Mac Gill-Éain an Chríostaíocht inti féin, ach ionsaíonn sé í sa mhéid is a fheiceann sé í a bheith ionchollaithe san Eaglais. Feictear dó go bhfuil an Eaglais agus muintir na hEaglaise i gcónaí ar thaobh lucht an rachmais agus na cumhachta agus go bhfuil siad beag beann ar fhulaingt na cosmhuintire. In 'An Saothach' cuireann an phearsa i leith na hEaglaise go raibh sí páirteach i scrios chultúr Ghaelach na hAlban.

Agus fear ùr ort nach b'eòl dhut,
fear thug an sgoinn bho d' chùrsa,
an cruas dubh, an liath cheann lom,
's an Taghadh teann 'na shùilean.

Ní raibh sí ina haonar sa scrios sin.

a chnàmhan ag cladach do threòir,
's am bàillidh air a chùlaibh

In 'Ban-Gháideal' tá an bhean bhocht ag sclábhaíocht i rith a saoil' chum biadh a cloinne 's duais an tùir'. Níl suim ar bith ag lucht na hEaglaise ina fulaingt ná ina bochtanas ná ní chuireann siad aon mhilleán ar lucht an 'tùir' - muintir an tí mhóir - mar gheall ar an éagóir atá á dhéanamh acu ar an mbean. Níl suim acu ach i staid a hanama.

Agus labhair T' eaglais chaomh
mu staid chaillte a h-anama thuaigh.

Tá sé le tuiscint ón dán go raibh trua ag Críost lena leithéid de bhean nuair a chonaic Sé í 'ri strì an fhìon-lios chéin'.

In 'An Cuilithionn' (Earrann 1) Tá tagairt do

Cinn-chinnidh is fir-tac a' spùilleadh
Le cead dhiadhairean a' rùsgadh,
A'togail 's a cur brùidean

Sa chéad chuid de 'Uamha 'n Oir' tá cur síos ar dhúthaigh Mhic Leoid sular tháinig an Cailbhineachas go hAlbain. Cuirtear síos ar shonas an phíobaire

'S a mhil 's a spìosraidh air a bhilean...
An sùgradh 's am moladh 's an ceòl,....
Is briòdal labhar an òil

Sort Parthas a bhí ann mar

Cha robh a Dhall-san air an spris
Eadar a chridhe 's a eanchainn
A' maistreadh Nàduir le loinid
Ag cur a'bhainne 'na fhuil
Agus na blàthaich 'na h-eabar
Air bruaic shleamhainn an t-sluic.

I gcuid a trí den dán céanna tá gach rud athraithe. Tá Clann Mhic Leoid imithe agus tá an raitheach ag fás thar an bhféar. Anois tá cuimhne an cheoil

Ag còmhstri ri bràdair an Doill
Anns na loisgeadh miann is dùil

Ach má chomhraítear an Eaglais agus lucht na hEaglaise agus, fiú, 'lahweh an t-lùdach', (An Cuilithionn V11) i measc na dtíoránach, tá Críost i gcónaí i measc na n-íobartach:

ach cha dànaig ám riamh
's nach d'fhuair uachdarain
a chrochadh air na beanntan cràbhach
colann ìobairt nan sàr fhear.
Chrochadh Crìosda air crois-ceusaidh

agus Spartacus le cheudan;
bha ioma biatach dé am Breatainn
a rinn an obair oillteil sgreadaidh,
agus cheusadh ioma Crìosda
an uiridh agus am bliadhna.

(An Cuilithionn V11)

In 'Calbharaigh' tá céasadh Chríost le feiceáil i gcúlshráideanna Ghlasgú agus Dhún Éideann. In 'An Crann Dubh' tá Críost á chrochadh in 'lobhadh eucail siùrsaich'. Tá an Chríostaíocht folaithe

Aig maithean is bùirdeasaich dhiadhaidh
Tha deanamh bùirdeasach de Chrìosda

(An Cuilithionn 11)

Níl slánú le fáil i gCríostaíocht na hEaglaise toisc go bhfuil údaráis na hEaglaise agus lucht an tsaibhris ag obair as lámh a chéile. Tá slánú éigin le fáil sa sóisialachas, ar a laghad slánú ó bhochtanas agus ainise an tsaol seo. Ach ní fhreagraíonn an Sóisialachas na ceisteanna faoi anam an fhir a cuireadh sa Chlachan na 'imcheist a'ghiullain Shaoir-Chléirich'. Ní féidir leis glacadh le freagra na Ginéive ná le freagra na Róimhe 'ged tha purgadair nios ciùine'. (A Bheinn air Chall)

I ndiagacht Chailbhin agus go mór-mhór ina theagasc faoin Réamhordú, tá an t-olc agus an bás dosheachanta ag furmhór na ndaoine toisc go bhfuil siad daortha go hlfreann ag nóiméad a gcruathaithe. Is é an Cruathaitheoir féin is údar don olc agus don mhaith araon. Níl buanmhaith le fáil ach ag an dream beag atá réamhordaithe don bheatha shíorraí. Níl ann don chuid eile ach pé maith atá le fáil ar an saol seo ón ngrá daonna nó ón maoin shaolta nó ón laochas. Seo an méid a scríobh údar amháin faoi theagasc Chailbhin:

Though the iron Calvinist affirmations (the core of which was the admission of evil into the Divine nature by the permission of but One Will in the universe) have rusted away, yet his vision of a Moloch God remains, and the coincident Calvinist devotion to material success, the

Calvinist antagonism to poverty and humility, survive in full strength.
(9)

Shéan Mac Gill-Éain an Cailbhineachas, ach tá cuid mhór dá chuid filíochta gafa le fadhb agus le mistéir an oilc. Tá anailís déanta ag Máire Ní Annracháin in Aisling agus Tóir (10) ar an dán fada 'Coilltean Ratharsair' ina thaispeánann sí conas a thugann sé aghaidh ar an bhfadhb tré mheán na miotaseolaíochta.

Samhlaíonn sé an choill mar gháirdín an aoibhnis ar nós gháirdín Éidin i leabhar Geineasas. Tá áilleacht agus torthúlacht sa gháirdín. Tá an ghrian ag taitheamh ann. Tá crainn agus bláthanna ag fás ann. Tá na héin ag canadh ann, tá srutháin ag crónán ann. Faigheann an phearsa sa dán tabhartais a chuireann gliondar agus ardú meanman air. Tá sé faoi shéan

a' siubhal 's a' tilleadh
's a' sireadh na buaidhe,
am mire 's an deann-ruith
Is m' annsachd gu h-uallach.

Ach tá an Parthas seo difriúil le Parthas Geineasas. In Geineasas, "Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach, bhí sé go sármhaith' (Gen. 1:31). Bhí gach a raibh de dhíth orthu ag an mbeirt sa gháirdín. Bhí an bhean mar chompánach agus mar chúntóir ag an bhfear. 'Déanfaidh mé céile cúnta a dhiongbhála di'. (Gen.2:18) Ní raibh siad buartha ag mianta na collaíochta. 'Bhíodar araon lomnocht, an fear agus an bhean ach gan aon náire orthu' (Gen.2:25). Na tabhartais a fuair an bheirt, ba thabhartais iad a thabharfadh suaimhneas agus sonas agus aoibhneas síoraí dóibh.

Ní mar sin don phearsa in 'Coilltean Ratharsair'. Tá an t-olc agus an bás préamhaithe sa gháirdín. An 'langanaich' ar comhartha an aoibhnis é i bParthas na nGael, is tuar freisin é den fhoréigean agus den dóirteadh fola. Na 'loinn-chruatain-òmair' a fheiceann sé 'thar ciaradh nan coilltean', is tuar iad den 'triùir bhan-dia chuimir rùiste' a bhrúann agus a sciúrsann Actaeon. Agus fiú in aoibhneas an

gháirdín, tá mí-shuaimhneas agus neamh-shocracht. Tá 'aighnidhean / beadarra luaineach' ag an bpearsa; téann sé 'troimh fhilleadh an luasgain'; tá sé 'a' sireadh na buaidhe'. Tá deifhiús ag baint leis na tabhartais a fhaigheann sé. Tugtar dó

'clogadan buadmhor,
clogadan mireanach.....
clogadan uallach
clogadan drithleannach.

Ach

Thug thu dhomh clogadan.....
clogad a' bhiorradh.....
clogadan ùrail
'gam chiùrradh le buaireadh
clogadan àrdain
'gam mhàbadh le luasgan

Tá an tolc agus an mhaith mar dhá ghné de na tabhartais céanna. Tá Parthas cailte aige agus é fós sa gháirdín.

Sa dara chuid den dán, taibhsíonn 'aodan' a chuireann míshuaimhneas ar gach rud.

Bhuair aodan sàmhchair choillteann

Tá níos mó ná míshuaimhneas anseo, áfach. Ciallaíonn 'bhuair', 'rinne míshocair' ach sí an phríomhbhrí atá ag Dwelly don bhriathar 'a'buairadh 'ná 'Tempt, allure'. Tá mianta collaí agus toil an duine ag teacht i gceist.

Tá an áilleacht fós ann ach anois is í áilleacht na hoíche í. Tá an ghealach ag doirteadh 'crùin shoilleir' ar chláir na farraige agus téann an phearsa ag iomramh ina dtreo. Feiceann sí Sgurr nan Gillean amach roimhe ar an taobh eile den chaol. Tá deifhiús ag baint leis. Is 'beithir cholgarrá' é agus is 'aon-chòrnach sciámhach' é. De réir a chéile tá athrú tagtha ar gach rud. Tá an choill 'aoibhneach bhrònach'. Tá an bás ann:

dà cladh saoi bhir leth mo chinnidh.....

dà chladh leasraidh an fhuinn

Tá an grá iompaithe ina chollaíocht agus ina fhoréigean. Tá an nathair, siombail na méine agus an ghnéis sa choill agus tá

gath a' chràdhghal anns an t-sùgradh

Tá an tseilg, a cuireadh i gcéill le 'languaich' sa chéad chuid den dán, iompaithe ina sheilg mharfach mar a bhfuil an sealgaire, Actaeon, á sheilg ag an 'triúir bhan-dia chuimir rùiste'. Tá aisling Pharthais claochlaithe ina thromluí d'Ifrinn. Ach tá Parthas fós ann. Tá an choill chomh hálainn is a bhí riamh.

Coille Ratharsair 'na ciùine
ri taobh Clàraich gu mùirneach
siubhal uaine an ùrlair,
th' aig a' Chuilithionn ris na sùghan

Is ionann Parthas agus Ifreann. Tá siad do-scartha. Tá an t-olc - an 'buaireadh' agus an 'àrdan' - a bhí ina chuid dhílis de Pharthas sa chéad chuid den dán, anois ina olc morálta den saol iarthitime.

Sa tríú cuid den dán déantar iarracht ar réiteach a fháil ar fhadhb seo an oilc agus an bháis. Déantar iarracht

'S e bhith creidsinn le feòil
le eanchainn 's le cridhe
gu robh aon ní coimhlionta,
àlainn so-ruighinn:
ní a sheachnadh allaban
na colainne 's a' chruaidh-chàis,
nach millteadh le meapaineadh
tìme is buairidh.

Ní haon réiteach an grá mar tá sárú agus foréigean mar dhlúthchuid de. Ní haon réiteach 'aoradh do Nàdur' mar tá Ifreann sa choill.

Miltean nathraichean ' na lùisreadh
an t-aoibhneas 's e briste brùite

Tá an áilleacht ann - 'Fiamh na bòidhche foinnidh' - agus tá an
bheatha ann

Tha eòl air slighe an t-snodaich
a' drùdhadh suas gu ghnothach

Ach faoi dheireadh thiar, is mistéir an bheatha agus an bás, an
mhaith agus an t-olc.

Chan eil eòlas, chan eil eòlas
air crìch dheireannach gach tòrachd
no ar seòltachd nan lùban
leis an caill i a cùrsa.

Luann Máire Ni Annracháin an tantrapeolaí Eivéiseach, Gilbert
Durand. Tá scrúdú déanta aige i líon mór cultúr agus litríochtaí ar fud
an domhain ar an gcaoi inar thug daoine aghaidh ar an olc agus go
hairithe ar an olc bunaidh, an bás. Deir sé go maolaítear uafás an
bháis tre'n olc meitifisiciúil a chlaochló ina pheaca mórálta agus ina
pheaca ghnéis go háirithe. Mar sin, is í an bhean agus an bhanúlacht
is ciontsiocair leis an mbás. In 'Coilltean Ratharsair', claochlaítear an
'buaireadh' atá prámhaithe i ngáirdín an aoibhnis ina chathú ag
an 'aodan' agus ag siombailí eile na banúlachta, an oíche agus an
ghealach agus an t-uisce. Ní chailleann an phearsa Parthas ach
déanann sé lfreann de tréna mhianta collaí féin, mianta atá
dosheachanta.

Ni hamháin go bhfuil an t-olc agus an mhaith do-scartha, ach
eascraíonn siad óna chéile. In 'Hallaig' fásann an choill bheithe ar
shuíomh na dteach a leagadh; eascraíonn an fhís ón uafás a tharla
agus ní féidir an fhís a choimeád beo ach tríd an bhforéigean a
eascraíonn ón ngrá.

In 'An Dithis' eascraíonn buaic an ghrá o ghéarchéim na mná.

... le do thruaighe-sa tha m' ghaol
air dhol 'na chaoir ghil leumraich
a' losgadh am bhruaillean mo chinn
mo chuimhne air an téile,
air té nas rathaile 's nas bòidhche
's i pòsda thall an Eirinn.

In 'Cochur' ta 'àmhghar an cridhe na mórachd' mar fhoinse cheoil
Bheethoven. Rinne Pádraig Mór caoineadh dá leanaí

ach dh' fhàg ceòl cumha Phàdraig Mhóir
àmhghar a chloinne glòrmhar.

Ta an t-olc agus an mhaith mar dhá ghné den mhistéir chéanna.
Cuirtear na ceisteanna:

'Ne 'm peacadh a rinn an sgrios seo....
Bheil nàdur coma co-dhiù
'S an Taghadh fuar-chridheach borb?

Ach ní bhfaightear mar fhreagraí ach tuilleadh ceisteanna:

'Am faigh gach fear is bean is nighean
Is mac is leanban a mhillear

Agus a mharbhar le gort is calar
Pàrras shìorruidh an spioraid
Fad àlan buan na biothbhuantachd?

(A' Ghort Mhòr)

Ní hionann ar chor ar bith an tuiscint ar an Maith agus an Olc atá le fáil sna dánta seo agus an tuiscint atá le fáil sa Chailbhineachas, ach tá cosúlacht amháin eatarthu. Is é sin go bhfuil lfreann dosheacanta. Is fíor go bhfuil dóchas a slánaithe ag dream beag sa chóras Cailbhineach. Ach ní hiad sin na daoine go bhfuil bá ag Mac Gill-Éain leo. Séanann sé an Cailbhineachas agus cruthaíonn sé miotas a luíonn le miotas atá coitianta ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar an mbas. Ach ní shásaíonn an miotas seo an tnúthan atá aige leis an gceart agus leis an slánú.

Baineann na téarmaí 'maith' agus 'olc' le réimse na hintleachta agus na loighice. I dtéarmaí na gramadaí, ní féidir 'maith' a bheith ann gan 'níos fearr'; ní féidir 'olc' a bheith ann gan 'níos measa'. Ní féidir comhréiteach - 'cochur' - a dhéanamh eatarthu mar níl siad buan agus níl na teorainn eatarthu buan. Bíonn siad i gcónaí ag leá isteach ina chéile. Níl leigheas ann ach an intleacht agus an loighic a sharú agus réimse buanseasmhach neamhathraitheach á aimsiú - an réimse (nó an bheith) a dtabharfadh an duine diaganta Dia air agus a dtabharfadh an fealsúnaí an Absalóid air - 'an réaltacht atá foirfe go hiomlán agus neamhchoibhneasta le haon ní eile' (11)

'Chan eil eòlas / air crìch dheireannach gach tòrachd'. Ach caithear an tóraíocht a dhéanamh. Sábháiltear filíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain ón éadóchas mar tá an dóchas ann go bhfuil 'crìch dheireannach' leis an dtóraíocht cé go mb'fhéidir nach féidir í a aimsiú. Ar nós Ábraham, 'gan aon ábhar dóchais aige, chreid sé go dóchasach' (Romh. 4, 18), nó mar tá sé ag Bedell 'do chreid sa dhóthus a n'aghuidh Dhóthus'. Tá an aisling in 'A' Chorra-ghridheach', 'briste, cam, le lannir buairedh' ach tá sí 'aon-drithleannach'. In 'Coilltean Ratharsair' faightear Parrthas de thaisme:

Coille na gréine.....
an leug fhaodail dhrithleannach

Is minic a bhíonn an grá mar thuar na buanseasmhachta.

'S ioma bàthadh de nì bòidheach
a rinn 'a bhoglach 'na h-òtraich;
ach cha do bhàth i mo ghràdh geal:
aon chomharradh gu ruig i fàillinn
(An Cuilithionn 111)

In 'An Tathaich', is é aghaidh na mná a spreagann dóchas, nó ar a laghad mian, sa buanseasmhacht.

Tha e labhairt ri mo chridhe

nach fhaodar sgaradh a shireadh
eadar miann susbaint
a' chuspair dho-ruighinn.....

a chionn gum bheil i 'n dràsda
gum bi' cruth 's a bith gu bràth ann
agus nach urrainn caochladh
a h-aonachd a mhàbhadh

Tá sé doshamhlaithe go leonfaí aontacht na háilleachta. Ní féidir le péintéireacht ná le dealbhadóireacht ná le ceol ná le filíocht foirfeacht na háilleachta a choimeád beo. Nuair a imíonn an 'tràth de thim', cá mbeidh an áilleacht le haireachtáil?

Ciod e an ceathramh seòl-tomhais
a bheir an àilleacht so fa chomhair
sùla, reasain no aon chàileachd
thar fàsaichean glomhair?

In 'Tràighean' cuirtear an dúil i síorraíocht an ghrá in iúl tréna chur i gcomparáid leis an méid ama a thógfadh sé an fharraige a thaoscadh braon ar bhraon nó a thógfadh sé gráinní gainimhe an trá a chomhaireamh gráinne ar ghráinne.

Agus nan robh sinn cuideachd
air tràigh Chalgaraidh am Muile,
eadar Alba is Tiriodh,
eadar an saoghal 's a' bhiothbhuan,
dh' fhuirichinn an sud gu Iuan
a' tomhas gainmhich bruan ar bhruan.
Agus an Uidhist air tràigh Hòmhstaidh
fa chomhair fairsuingeachd na h-ònrachd
dh' fheithinn-sa an sud gu sìorruidh
braon ar bhraon an cuan a' sìoladh.

Chuirfeadh sé 'an cuan 's a' ghaineamh' ina 'cochur gaoil' dá leannán. Thógfadh sé

'balla daingean
roimh shìorruidheachd choimhich 's i fràmhach

Téann Mac Gill-Éain i mbun an osréalachais sa dán 'Coin is Madaidhean-Allaidh' chun cur síos ar an gcaitheamh i ndiaidh na bunseasmhachta agus na hiomláine. Samhlaíonn an pearsa an dán a' dhàin neo-dheachdte' mar chonairt sa tóir ar an áilleacht.

ailleacht an anama 's an aodainn,
fiadh geal thar bheann is raointean,
fiadh do bhòidhche ciùine gaolaich,
fiadhach gun sgur gun fhaochadh.

Leanann an tseilg thar sléibhte reoite na síorraíochta. Feiceann an phearsa na cúnna fráine 'calg air bhoile, teanga fala'. Tá 'an comhartaich bhíothbhuan na mo chluasan'. Ní thagann críoch leis an bhfiach riamh.

'Iomann don díláithreachas é an dán', a deir Máire Ní Annracháin. (12). Toisc go bhfuil na dánta 'neo-dheachdte' níl siad ann agus toisc go bhfuil gá leis an tseilg, níl an bhean ag an bpearsa. Toisc go leanann an tseilg ar feadh na síorraíochta, níl aon dóchas go mbeidh toradh léi.

Ní fheicim aon chomhartha go bhfuil creideamh á nochtadh i gcumas slánaíthe na filíochta, fiú amháin ag an bhfilíocht úd a bhfuil ionad chomh forbartha sin aici sa dán (13)

Ina dhiadh sin is uile ní fheictear dom gur dán éadóchasach amach is amach 'Coin is Madaidhean-Allaidh'. Ós rud é gur féidir leis an bpearsa na dánta 'neo-dheachdte' a shamhlú, tá an féidearthacht ann go gcumfar iad. Agus tá an dán lom lán de pharadacsáí. Cuirtear an mhian fhoréigineach collaí in iúl le 'calg ar bhoile, teanga fala' ach ansin tráchtar ar 'coin chiùine caothaich na bàrdachd / madaidhean ar tòir na hailleachd / àilleachd an anama 's an aodainn', ag cur in iúl, bhféidir, go gceansaíonn an grá agus an áilleacht an foréigean. Samhlaítear an tseilg ag tarlú in áit reoite sceirdiúil ach tá áilleacht ann freisin.

chì mi lorgan an spòg a' breacadh
gile shuaimhneach an t-sneachda

Ní mhilleann 'lorgan an spòg' an áilleacht. 'Breacadh' an briathar a úsáideann an file agus aistríonn sé é le 'dappling'. Tugann Dwelly 'embroidering' agus 'ornamenting' mar aistriúcháin air.

Cé gur dán duairc sceonmhar é 'Coin is Madaidhean-Allaidh', tá 'drithleann' ann a mhaolaíonn an tuafás agus a thugann dóchas dúinn nó, ar a laghad, dóchas an dóchais. Agus cuireann foirm an dáin leis an maolú sin. Sciúrdann sé ar aghaidh in aon sruth focal amháin gan lán stad ó thús deiridh. Cuireann beocht na rithime agus na ríme in aghaidh uafás agus duairceas an ábhair.

San aiste 'The Ghost Seen by the Soul', (14) luann John Herdman slíocht as scéal le Kierkegaard ina gcuireann sé síos ar ridire a raibh mian aige nach bhféadfadh sé a chomhlíonadh.

- Spiritually speaking, everything is possible, but in the world of the finite there is much which is not possible. This impossible, however, the knight makes possible by expressing it spiritually, but he expresses it spiritually by waiving his claim to it. The wish which would carry him out into reality, but was wrecked upon the impossibility, is now bent inward, but is not therefore lost, neither is it forgotten.

Tá an 'crìch dheireannach' nach féidir a aimsiú ann i gcónaí i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain. Ní raibh glacadh aige le 'crìch dheireannach' na Críostaíochta toisc gur 'Parras gun pharras a chuideachd' a bhí ann agus toisc go raibh 'sìorruidheachd gun dòchas' mar chuid de. Ní raibh fáil aige ar an ngrá toisc narbh fhiú é an bhean nó toisc go raibh an bhean leonta. Bhí falla i gcónaí

'eadar aoibhneas
agus mo chroit bhig neo-chaomhail,
crìoch air nach tigeadh caochladh
a shaoradh aoibhneas'

(Gleann Aoighre)

Fiú dá bhféadfadh sé Blàibheinn a dhreapadh

Nach robh inte ach beinn shuarach
bho na fhaicinn saorsa chluaintean (ibid)

Tá an síor-choimlint ann idir an croí agus an intinn.

Chaidh na samhlaidhean leis a' bhearradh
agus na h-ìomhaighean thar na creige
is chailleadh iad air machair fharsaing
air chabhsair an rathaid dhìriach
o'm faic an reusan an fhirinn

(Eadh is Féin is Sàr-Fhéin)

Tá an cathú ann an croí a leanúint faoi stiúru lucht na siombailí

Calvin no Pàp no Lenin

nó lucht na cumhachta,

Nietzsche, Napoleon, Ceusair

Ach tá an réasún ann i gcónaí ag cur coisc ar an duine glacadh le cré
ná le húdarás ar bith.

Tá an síor-thóir ar siúl san fhilíocht ar an iomláine agus ar an
bhfoirfeacht agus ar an mbuanseasmhacht ach i ndomhan an
eispéiris,

Cha dèanar an cochur dhe 'n chàs,
glòir agus ànradh na cruinne,
an eitig fhiabhrais 's Pàdraig Mór
daorsa, Beethoven is thusa

(Cochur)

Uaireanta titeann an duine in umar na haimléise agus níl ann ach an
duibheagán.

Seo an t-àite mu dheiradh,
an t-àit aonaranach gun fhradharc bheann

Far a bheil an cridhe 'na aonar
a d' aindeoin maitheis agus uilc
(An Ceann Thall)

Tá scáil an Taghaidh ann i gcónaí agus ní féidir ealó uaidh.

Chan e do ghnìomharan a thredraich
aon chuid maith no olc;
cha robh iadsan na bu treasa
a chum t' fheabhais na aon sop (ib.)

Cé gur dhiúltaigh Mac Gill-Éain glacadh le Cailbhíneachas a óige, d'fhág sé a rian air. Tá an rian sin le feiceáil go soiléir ina chuid filíochta. Léirítear tnúthán inti leis an gcinnteacht agus le 'saorsa chluaintean'. Ní fhéadfadh sé riamh a lánmhuinín a chur in aon chóras smaointe ná in aon idé-eolaíocht. Deir sé féin faoin gCumannachas:

Munich made me very near being a Communist but not quite
because I was too much perhaps of a pessimist - maybe because of my
type of religious upbringing - and also because philosophically I was
fundamentally a sceptic (15)

Ní bhfuair sé réiteach ar mhistéir an Oilc agus an Bháis sa
Chríostaíocht ná sa Sóisialachas, ach lean sé riamh ag lorg an 'cric
dheireannach'. Tá seo le rá ag John Herdman:

The heroic striving for the unattainable goal of human aspiration
represents a value which underlies the love-poems and others which are
thematically related to them, and expresses a temperament and cast of
mind for which the absolute is the measure of spiritual worth
..... The specific unattainable object - in the love poetry, a woman
- is assimilated to a generalised, undefined object of aspiration, as in the
finale of 'An Cuilithionn'; that is, the goal is ultimately religious though
the movement of faith is not made (16)

An caitheamh i ndiaidh na fírinne agus na habsalóide atá le
feiceáil i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain, tá an caitheamh
céanna le feiceáil i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin. Ach, san áit a

lorgaíonn Mac Gill-Éain an absalóid in eispéaras uilíoch an chine dhaonna, lorgaíonn Ó Ríordáin í i gcroí an duine aonair. Agus, san áit a bhfeicimid an duine i bhfilíocht Mhic Gill-Éain ag dul i muinín a shamhlaíochta agus a iomais chun teacht ar an bhfrinne, i bhfilíocht Uí Ríordáin feicimid an Críostaí ag streachailt leis an diomuaine a eascraíonn ón teannas a airíonn sé idir a thnúthán i ndiaidh na saoirse agus na barantúlachta agus a thnúthán i ndiaidh buaine agus cinnteachta an chreidimh inar tóghadh é.

Míníonn Ó Ríordáin a dhearcadh féin ar an gcreideamh san agallamh le Seán Ó Mórda.

Caithfear a rá fúmsa agus mórán eile dem aois, gur mhúnlaigh an creideamh sinn Cuid den síbhialtacht as ar fáisceadh sinn is ea an creideamh Uaireanta i rith mo shaoil do ghlacas leis an gcreideamh, uaireanta do dhíoltaíos don gcreideamh Críostaí agus go háirithe don Eaglais Chaitlicí. Rud is ea creideamh a bronntar ort. Ní bhraitheann sé ar an réasún. Ceist an-dhiamhar í sin. Bím idir-eatarthu. Nílím buan i gcúrsaí creideamh. (17)

Pé acu ar chreid sé nó nár chreid, tá múnlú na Críostaíochta agus an Chaitliceachais go háirithe, chomh láidir sin ar a chuid filíochta go mbeadh sé deacair ar dhuine cuid dí a thuiscint gan eolas éigin a bheith aige, nó aici, ar chóras theagasc agus ar chóras mhorálta na hEaglaise Chaitlicí. Tá an múnlú le feiceáil sa dearcadh morálta a léirítear i gcuid den fhilíocht agus a phléifidh mé i gcaibidil a trí. Tá sé le feiceáil sna dánta a bhaineann le creideamh agus tá sé le feiceáil in íomháineachas chuid mhór den fhilíocht. Ach, go príomha, tá sé le feiceáil sa bhuntuiscint a léirítear de bheith agus d'eisint an duine.

I dtosach féachfaidh mé ar chuid de na dánta a bhaineann le creideamh. Feictear an duine ag coraíocht leis na deacrachtaí a bhíonn aige leis an gcreideamh agus leis an Eaglais. Uaireanta airíonn sé an Eaglais mar bhuarach ar a intinn agus ar a thoil.

Buarach ar m'aigne Eaglais Dé,
Ar shagart do ghlaofainn coillteán,

Béafchráifeacht an Creideamh, ól gloine gan léan,
Mairfeam go dtiocfaidh an bás.

(Cnoc Mellerí. E.S. 65)

Uaireanta eile, áfach, bíonn an creideamh mar thearmann aige ó
dhorchadas agus ó chíor thuathail a aigne.

Domhnach Cásca, mór an t-áthas,
D'fhill ar ais chugam m'intinn,
D'oscail Peadar romham an leabhar,
Is leanas lorg Chríosta,
'Na chúrsa tríd an mBiobla.

(Domhnach Cásca, E.S. 75)

In 'An Cheist' (E.S. 31) cuireann an duine ceann de bhuncheisteanna
na beatha.

Bhfuil síoraíocht ann mar deir na naíomh
Laistiar den chnuimh, den chré sa chill,
An bhfuil an phóg a chailleas beo,
Le fáil sa tsaol laistiar den dreo?

In 'Súile Donna' (LL 10) samhlaíonn sé brí eile leis an tsíoraíocht.

Ab shin a bhfuil de shíoraíocht ann,
Go maireann smut dar mblas,
Trí bhaineannú is fireannú
Ón máthair go dtí an mac?

Ach in 'Tá pearsa imithe as an Saol' (LL 20) tá macalla de línte
Wordsworth,

But trailing clouds of glory do we come
from God, who is our home. (18)

Samhlaíonn sé an bhean mharbh ag dul isteach i solas na bhflaithis
agus gan an saol seo fós dearmadtha aici.

Chím ag déanamh ar na Flaithis í mar bheadh sí dulta amú,
Í dalta ag an solas, an saol fós ina súil,

Í in achrann i bhfocail atá anois ag dul ar gcúl,
An tsóraíocht ina seilbh is í mall á sealbhú.

In 'Na Fathaigh' (ES. 59) Tá an phearsa i bpéin. Déanann sé gach a mholtar don Chríostaí a dhéanamh. Glacann sé leis an bpian. Iarrann sé cabhair ar Chríost. Ach ní fhaigheann sé faoiseamh. Faoi dheireadh briseann ar a fhoighid. Tagann racht feirge air leis an bpian agus le Dia.

Léim mo sprid le glionadar mór,
Lig sí scread.

In aghaidh Dé do lig sí scread,
Dúshlán fé.
Scaoileadh Sé gach pian 'na ghlaic,
Táimse réidh.

Tugann an scread agus an dúshlán faoiseamh dó.

Thuirling milseacht tríd an aer,
Thuirling le neart,
Chonac na fathaigh taobh le taobh,
Dia is an scread.

Non serviam a thugann Seán Ó Tuama (19) ar an scread sin. Ach is fada ó *non serviam* tomhaiste Stephen Dedalus í. Tá an phearsa i bhfeirg le Dia. Níl sé umhal a thuilleadh. Tá sé ag cur iachail ar Dhia éisteacht leis agus tá sé ag tabhairt dúshlán faoi bheith dílis dá ghealúintí. Tá sé cosúil le Iacób a chaith an oíche ag iomrascáil le Dia go dtí go bhfuair sé an bheannacht a bhí uaidh (Geineasas, 32). Is gníomh creidimh í an scread níos mó ná gníomh ainchreideamh.

In 'Teitheadh' (ES. 106), tá anam an duine ina chfór thuathail. Téann sé ar faoistin ach ní fhaigheann sé aon fhaoiseamh óna chiapadh aigne go dtí go n-úmhláíonn sé go hiomlán don chreideamh simplí.

Ní raibh aon áit le dul aige
Ach suas i measc na ndeor,

Suas dréimire na hatuirse
Go Vatican an bhróin,
Is do thit an cith sa Róimh

In 'Éadóchas (ES. 103), tá an phearsa in ísle brí. Ní haon mhaith bheith ag paidreoireacht.

Ná hiarr ar an Slánaitheoir aisling,
Níl déirc ins na Flaitheasaibh duit

Ba mhaith leis go dtiocfadh cabhair chuige ó neamh ach ní bheadh sé ach á mhealladh féin.

Dob aoibhinn leat púca ar an bhfalla
Is é déanta de bhréagaibh ó neamh

Ach tá 'bodhaire ag séideadh ó neamh', tá 'Peadarshuan thall is abhus'. Níl le déanamh aigé ach glacadh leis an saol mar atá sé.

Inis do chruit ar an bhfalla
Is umhlaigh do cheann don chré

Uaireanta tagann an frithchléireachas in uachtar. In 'Adhlacadh mo Mháthar' (ES. 56) féachann an phearsa ar an sagart agus feiceann sé 'saoltacht ina ghnúis'. In 'Cnoc Mellerí', (ES. 64) 'ar shagart do ghlaofainn coillteán'. In 'Bacaigh' (ES. 37) is sórt neamhduine an sagart cosúil leis an bhfear 'Ná tadhalfadh bean le píce' nó leis na mná 'Lean ceard na geamnaíochta'. Ach in 'Seanmóintí' (B. 24) tá insint eile ar an scéal. Tá an sagart 'ag screadaigh gach Domhnach'; 'Glór i gcóitín ins an teampall' é ach;

Cé nach ceolmhaire é ná an gandal,
Cé nár mheasa linn éisteacht le srann muc,
Is binne ná téada ag labhairt é,
Mar tá cláirseach an Mháistir aige.

Ins na dánta seo feicimid an duine ag iomrascáil le 'corthaí crua an tsaoil' agus ag iarraidh réiteach a fháil ar fhabhbanna na beatha sa chreideamh. Is minic gurb iad 'gnáthscrúpaill choinsiasa an

ghnáthógánaigh Chaitlicí (20) atá ag cur as dó. Is minic nach bhfaigheann sé an réiteach sin agus is minio a bhriseann ar a fhoighid leis an gcreideamh. Ach lorgaíonn sé an réiteach sa chreideamh mar a thuigeann sé é cé go mb'fhéidir go bhfuil an tuiscint sin easnamhach. Ní bhíonn aon tárlúint drámata ann ná ní bhíonn aon eispeafáine aige a chuireann iachall air an creideamh a shéanadh.

Mar a deir Breandán Ó Doibhlin:

Tá sé soiléir, níos soiléire dúinn anois, b'fhéidir, ná bhí nuair a scríobhadh 'Eireaball Spideoige' nach ionann an creideamh Críostaí agus réiteach gach ceiste a bheith agat. Rud é seo a thuig Seán Ó Ríordáin ina chroí istigh mar is léir ón mífhoighid a bhí air le creideamh ná le hEaglais nach raibh iontu ach dlíthe is toirmisc agus freagra pras ar an uile fhadhb. (21)

Sí an dara slí ina bhfeictear tionchar an Chaitliceachais ar fhilíocht an Ríordánaigh ná san úsáid a bhaineann sé as íomhánna agus siombailí an chreidimh. Tá focail agus íomhánna creidimh agus eaglasta scaipthe ar fud an tsaothair. Uaireanta bíonn a shainbhrí féin ag an bhfile leis na focail. Uaireanta úsáideann sé iad go meafarach.

Is minic a bhaineann sé úsáid as meafar na faoistine. Tá an-tabhacht ag baint le Sacraimint na Faoistine sa Chaitliceachas. Is ann a dhéanann duine síocháin leis féin agus le Dia. Is ann a fhaigheann sé faoiseamh óna bhuairt aigne. Bhí an-bhéim ar an bhfaoistin i gCaitliceachas na hÉireann go mór mhór roimh Dara Chomhairle na Vatacáine. Théadh daoine ann go minic agus tá tagairtí don fhaoistin ag Ó Ríordáin ina dhialann.

In 'Sos' (ES. 46) tá anam na pearsan trí chéile. Téann sé go dtí 'halla an rince' ach ní fhaigheann sé aon fhaoiseamh ann. Ní féidir leis cumarsáid a dhéanamh leis na daoine ann ná aon sásamh a fháil as 'béarlagar na mianta'. Níl le déanamh aige ach aghaidh a thabhairt go fírinneach air féin.

Cumfad féin de bhriathra
Scáthán véarsaí anocht,
As a labharfaidh aghaidh go scoraítheach
A mhalartóidh liom faoistin,
Is gheobhad ann mo shos.

Nuair a bhíonn duine ag dul ar faoistin scrúdaíonn sé a choinsias agus insíonn sé a choireanna agus a pheacaí don sagart. Is geall le scáthán an insint sin ina bhfeicfeann an duine é féin mar atá sé. Is i gcumadh na filíochta a scrúdaíonn an file a choinsias agus is iad a véarsaí an scáthán ina bhfeiceann sé é féin.

Is minic, nuair a bhítear ag múineadh nó ag seanmóireacht faoin bhfaoistin, go mbaintear feidhm as parabai an Mhic Drabhlásaigh (Lúcás 15: 11 -32). Cuireann an scéal seo síos ar mhac a imíonn ó theach a athar go dtí cathair i bhfad i gcéin. Caitheann sé a shaol ar an drabhlás go dtí go mbíonn a chuid maoin go léir caite agus go mbíonn sé ag ithe bia na muc. Ansin tagann aithrí air agus filleann sé ar a athair agus admhaíonn sé a chionta. Maitheann an tathair dó agus cuireann sé fáilte roimhe.

In 'Fill Arís' (B. 41) Tá an pheara imithe óna dhúchas Gaelach go dtí 'Gleann na nGealt Thoir'.

Tá 'Srathar shíbhialtacht an Bhéarla,
Shelley, Keats is Shakespeare' air.

Moltar dó filleadh arais go dtí a dhúchas. Moltar dó a theanga agus a intinn a ní. Samhlaítear an aithrí mar ghlanadh nó mar níochán go minic

Nigh d'intinn is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim

Moltar dó a fhaoistin a dhéanamh

Dein d'fhaoistin is dein

Síocháin led ghiniúin féinig
Is led thigh-se féin is ná tréig iad.

Má dhéanann sé é sin cuirfear fáilte roimhe

Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiseal gairmeach ar bhéalaibh daoine.

Níl le déanamh aige ach an doras a bhualadh agus osclófar é.

Sin é do dhoras
Dún Chaoin fé shlolas an tráthnóna,
Buail is osclófar
D'intinn féin is do chló ceart.

Tá macalla sna línte deireannacha seo den rud a dúirt Íosa sa
tSeanmhóir ar an Sliabh:

Iarraigí agus tabharfar daoibh; lorgaigí, agus gheobhaidh sibh; buailigí
agus osclófar daoibh. (Matha 7 : 7)

Ba ghnách le daoine pictiúir reiligiúnacha a chrochadh ar fud an tí.
Bhíodh pictiúr an Chroí Ró Naofa sa chistin agus an iomad eile
pictiúir sna seomraí codlata. Cuireann Patrick Kavanagh síos ar a
sheomra codiata féin.

Five holy pictures
Hang on the walls:
The Virgin and Child
St. Anthony of Padua
Leo the X111
St. Patrick and the Little FLower. (22)

Sa dán 'Fiabhras' (B. 26) tá cur síos ar an mearbhall cinn atá ar
dhuine agus fiabhras aige. Tá gach rud timpeall air as a riocht.

Tá pictiúir ar an bhfalla ag at,
Tá an fráma imithe ina lucht,
Ceal creidimh ní féidir é bhac,

Tá nithe ag druidim fém dhéin,
Is braithim ag titim an saol.

Is cosúil go bhfuil an phearsa sa dán ag titim siar i gcreideamh leath-phisreograch a óige de bharr an fhiabhrais atá air agus go gcreideann sé go bhfuil an pictiúr ag dul as riocht toisc nár chreid sé ina chumhacht. Cuireann an dá líne dheireannacha den véarsa le hatmasféar na bpisreog.

Cuireann an siombalachas Críostaí go mór le huafás agus sceon 'Cluastrophobia' (B. 13). Seo mar a chuireann Seán Ó Tuama síos ar an dán:

An radharcra a chuirtear os ár gcomhair sa chéad cheithre líne - dealbh, fíon, coinneal, dorchadas - thuigfí é in aon tír ar domhan, nó in aon ré aimsire. Tá sceirdiúlacht altórach, ar a mbeadh íobairt le hofráil, ag roinnt leis an suíomh - agus tá amhras, is léir, ar an bhfile gurb é féin an té atá le híobairt. Ar thaobh amháin den fhíon tá an choinneal - siombail ar aiséirí agus an dhóchas i reiligiún págánach agus Críostaí, ar an taobh eile tá sceon (i.e. an dorchadas). Ós a gcionn in airde tá dealbh an Tiarna (23).

In 'Fiabhras' tá 'nithe éiginnte ag teacht faoína dhéin; in 'Cluastrophobia' is í an oíche atá ar tí léim isteach ina scámhóga chun é a mhúchadh.

Tá 'Oileán agus Oileán eile' (ES. 78) báite in fomháineachas agus i dteagasc an Chaitliceachas. Tá an phearsa chun oilithreacht a dhéanamh ar Oileán Bharra Naofa. Tá an gnáth-shaol ar siúl timpeall an oileáin - 'Tá Sasanach ag iascaireacht ar an loch' - ach tugann an t-oilithreach aghaidh ar an díthreabh. Fógraíonn sé a chuspóir go sollúnta:

Ach raghad imeasc na gcuimhne is na gcloch

mar a dhéanadh an sagart i sean-ord an Aifrinn:

Introibo ad altare Dei

Tá sé ag dul 'imeasc na gcuimhne' mar a dhéanann na fíréin ar Aifreann: 'Déanaigí é seo mar chuimhne orm' (Lúcás 22 : 19), agus 'imeasc na gloch' mar a dhéanadh na naoimh agus na díthreabhaigh ó thús na Críostaíochta.

Ullmhaíonn an phearsa é féin don oilithreacht tréna lámha a ní, cuireann sé cluas éisteachta air féin chun glórtha na naomh a chloisint agus molann sé naofacht na háite.

Is nífead le mórurraim mo dhá láimh.

Raghad anonn is éistfead san oileán,
Éistfead seal le smaointe smeara naomh.....

A Bharra, is aoibhinn liom aoibhneas do thí
Agus caraimse aitreabh do smaointe...

Tá sé á chur féin i láthair Dé agus á ghlanadh féin ó shalachar an tsaoil fé mar a dhéanadh an sagart sula dtosaíodh sé Canóin an Aifrinn:

Lavabo inter innocentes manus meas,
Et circumdabo altare tuum, Domine,
Ut audiam vocem laudis
et enarrem universa mirabilia tua.
Domine, dilexei decorem domus tuae,
et locum habitationis gloriae tuae. (Salm 25, 6 - 9)

Tá a aigne fós dorchaithe ag baois an tsaoil amuigh.

Le bhréithre gan bhrí
Le bodhaire na mblian
Thuirling clúmh liath
Ar mo smaointe.

Tá mearbhall ar an bpearsa. Ní féidir leis an fhírinne a aithint. Níl sé cinnte, fiú, an í an fhírinne atá á chuardach aige.

Tá tuirse im chroí
Den bhfocal gan draíocht,
Bíodh dalladh nó diabhal

Am shiabhradh

Ach tá an grásta ann, an 'ní fios cad é / a aimsítear de thaisme' (24).
Go tobann glantar an 'clúmh liath' dá smaointe. Mothaíonn sé an
naofacht san aer ina thimpeall. Aimsíonn éan a fhírinne nuair a
bhíonn sé beag beann ar an saol.

Do chuala tarcaisne don saol
I nguth an éin bhí 'clagar ceoil'
An ceol a raid sé leis an mbith
Dob shin oileán an éin

Tá a fhírinne féin, a oileán féin, in aigne gach duine. Cumadh é ina
'phaidir geal / Ar bhéal Mhic Dé'. Scoilteadh é agus truaillíodh é ag
an saol. Ach tá sé i gcónaí 'ag cogarnach / Ar bheolaibh Dé'. Is féidir
an 'tusa ceart', an tsainmhúnlá, a aimsiú ach dul faoina dhéin le
misneach. Bainfidh pian agus fulaingt leis an tóir - 'Loiscfidh sé id
bheatha tú, / Do thusa féin

Feiceann an phearsa comhartha na péine agus na fulaingte sna
crainn atá ag fás ar an oileán. Tá siad lúbtha agus casta 'Mar chorp á
dhó ina bheatha'. Tá géaga na gcrann lom nocht, ina gcreatlaigh. Sa
chomhrac aonair a throid Barra 'Idir thusa Dé agus tusa an tsaoil',
smachtaigh sé mianta a cholainne go dtí nach raibh fágtha ann ach
creatlach mí-chumtha. Níl aon bhoige na bhanúlacht ag baint leis na
crainn. Tá siad crua, díreach, fireann. Is é 'ceo na feola' a dhallann
duine ar a eisint. Nuair a ghlantar an ceo sin

Is féidir cló a mheas ann féin
Sa tsolas cnámhach folamh

Nuair a bhíonn duine saor ó tharraingt na colainne, bíonn tuiscint
aige ar Fhlaitheas Dé.

Tá cumha ar an oilithreach agus é ag fágáil an oileáin.

Raghad anonn is fágfad an t-oileán,
Fágfad slán ag smaointe smeara naomh,

Raghad ag ceilt na ffrinne mar chách,
Raghad anonn ag cabaireacht sa tsaol.

Tá an Sasanach fós ag iascaireacht ar an loch agus measann an phearsa go mb'fhéidir gur san iascaireacht a aimsíonn seisean a ionracas agus a fhrinne. Is Sasanach é agus is 'beag leis an oileán' Tá gach uile seans gur duine gan aon reiligiún é agus go bhfuil sé i staid 'aineolach dochcloíte'. Mar sin, de réir theagasc na hEaglaise, is féidir leis a anam a shábháil tré bheith dílis dá choinsias.

Ach ní feasach dom nach iascaireacht ar loch
Don Sasanach bheith ionraic ar oileán.

Tá múnláí an chreidimh le feiceáil go soiléir in íomháineachas 'Oileán agus Oileán Eile' ach tá gné eile den mhúnlú sin atá níos tábhachtaí agus níos bunúsaí d'fhillíocht Sheáin Uí Ríordáin le feiceáil ann freisin. Is í sin an tuiscint atá aige den bheith agus den eisint.

.....suíonn sé an bheith is dual don duine, an eisint sin a airíonn sé uaidh, ar ghníomh cruthaíoch Dé, ar eolas Dé, ar bheith beacht, mar a rinne seantraidisiúin na Críostaíochta riamh anall (25)

Sé teagasc an Chaitliceachais gur chruthaigh Dia an uile ní tré ghníomh dhá thoil agus gur thug Sé eisint nó sainmhúnla do gach duine agus do gach rud a dhealaíonn é ó gach rud eile. Chruthaigh Dia an domhan, i bhfocail an tsean - Theagasc Críostaí

...ar son a ghlóire féin, le n-A chumhacht agus A chríonnacht a thaisbeáint, agus le foghaint agus le leas a dhéanamh don duine (26).

Tugann gach rud gióir do Dhia tré bheith dílis dá eisint féin.

Fógraíonn na spéartha glóir Dé agus foilsíonn an fhirimint saothar a lámh (Salm 19).

Tá áit faoi leith ag an duine daonna sa chruthú.

Chuir Dia ar an saol sinn chun eólas a chur Air, chun a ghrádhúigte agus a A thola a dhéanamh anseo ar talamh;

agus chun A fheiceál agus A shealbhuighthe go síorruidhe ar neamh (27)

Tugadh saorthoil don chine daonna agus dhiúltaigh siad do ghrá Dé. Tré pheaca an tsinsir cuireadh an chumarsáid idir Dia agus daoine as a riocht. Tháinig Íosa Críost ar talamh agus chneasaigh Sé an scoilt idir Dia agus daoine. Ach tá torthaí pheaca an tsinsir fós ann.

Truailleadh ár nádúir go h-iomlán le peacadh ár gcéad-shinnsir - dhorchuigh sé ár dtuigsint, laguigh ár dtoil, agus d'fhág ionainn claonadh láidir chun an uilc.(28)

De bharr an truailithe sin tá sé deacair orainn ár n-eisint d'aimsiú agus a bheith dílis dí. Tá sé deacair againn maireachtáil mar is dual dúinn. Ní féidir linn é a dhéanamh gan grásta Dé.

Baineann Ó Ríordáin úsáid as friotal agus teagasc na hEaglaise chun teoiric filíochta a chumadh. Ní hé sin le rá gur tráchtas diagachta ná tráchtas morálta atá sa réamhrá do Éireaball Spideoige ná go naontódh diagaire le gach a bhfuil ann. Is í an fhírinne atá á lorg ag an ndiagaire agus ag an bhfile araon ach ní hé sa tslí céanna a théann siad ar a thóir. Sí an diagacht 'paidir' an diagaire agus sí an fhilíocht 'paidir' an fhile. Mar sin, ní mór an teoiric a mheas i bhfianaise na filíochta agus ní i bhfianaise na diagachta.

Is mar seo a mhíníonn sé gníomh na filíochta.

Measaim gur féidir le gach duine, gach rud, gach scuaine, gach conairt gach muintir paidir a ghiniúint toisc go bhfuil anam nó múnla iontu. Ní foláir anam a bheith iontu mar sin é an smaoineamh dar de iad. Leagan dár bpaidir is ea an corp cré atá ionainn. Ní beoleagan é ach leagan lochtach, leagan atá faon, trom, truailithe, neamhdhírthe - rud nar brostaíodh leis an sprid Ach beidh corp eile umainn tar éis lá an Bhreithiúnais, corp a bheidh de shíor fé gheit. Is é an corp seo a bheidh umainn tar éis an aiséirí ár bpaidir foirfe .i. ráiteas deiridh ár n-anama ach is féidir linn paidir níos glaine ná an corp cré a rá agus sinn ar an saol seo. Is féidir sinn féin d'árdú mar thúis i láthair Dé trí mhaireachtaint i ngníomh oiriúnach. Is é an gníomh seo ár bpaidir sa chiall is glaine agus sinn ar an saol seo (ES. 13 - 14)

Nó mar atá sé ag Teilhard de Chardin:

..... fulfilment ... of the exact function, be it lowly or eminent, to which the creature is destined both by natural endowment and by supernatural gift. (29)

Cuireann sé síos ar an duine mar phaidir Dé.

Cé gur cumadh tú id phaidir gheal
Ar bhéal Mhic Dé,
Do scoiltis -se do thusa ceart
Le dúil sa tsaol,
Ach is paidir fós an tusa sin
Ar bheolaibh Dé.

Tá an tuiscint céanna sa dán 'Toil' (LL 27) cé go bhfuil an Cruthaítheoir díphearsanaithe.

Do toilíodh mé le toil
Na toile a thoiligh
Ar toilíodh riamh de thoil
Is a dtoileófar de thola

Nuair a smaoinítear tríom
Is léi siúd an machnamh
Sé mo ghnó é a thabhairt slán
Mar a saolófaí leanbh.

Agus in 'An Moladh' (B. 22) deir sé go mbíonn filíocht ann nuair a bhíonn an file agus Dia ar aon coiscéim.

Ach tuig nach tusa, a fhile,
A luathaiigh línte ón spéir,
Ná a chuir do chaint trí thine
Is ceol na n-aingeal léi,

Ach gur tharlaís féin ar mhachnamh
'Bhí ag gabháil trí intinn Dé,
Is do bhís is é a fhile,
Gan choinne ar aon-choiscéim.

Bíonn file, nó duine ar bith eile, ag paidreoireacht nuair a bhíonn sé, dílis dá shainmhúnla nó dá eisint mar is í sin an smaoineamh dár de é - smaoineamh nó briathar nó toil Dé. Bíonn rudaí nach daoine iad ag paidreoireacht i gcónaí muna a dtruaillíonn an duine iad.

Tá an tseana-Laoi ar urnaí soir,
Is righin a paidir,
Is ré bhuí Fhómhair clóbhuailte istigh
I suaimhneas leathan
Na fiormaiminte, is solas lae
Í bhfantais dheirg,
Is maidrín 'na luí go tréith
I gcodladh meirbh.

(Ní Raibh Sí Dílis. E.S.38)

Tá armóin idir an Laoi agus an ré agus dul faoi na gréine agus an maidrín agus tá armóin idir iad sin go léir agus an Cruinne uilig. Tá siad 'faoi gheit' ag a chéile agus gineann siad 'paidir' nua - an armóin eatarthu. Agus geiteann an phaidir nua seo múnla an fhile agus agus gintear paidir eile fós - an fhilíocht.

Ach,

Mo chroí dá dtomfainn ins an Laoi,
San abhainn dheirg,
Do réabfadh sí mar scuaine diabhal
Gach bruach le feirg

Thiocfadh 'peaca' an duine idir é féin agus an fhírinne - a fhírinne féin agus an fhírinne timpeall air. Bhrisfí an dhraíocht, mhillfí an phaidir, bheadh prós ann in áit filíochta.

De réir an Ríordánaigh, sé an 'peaca' a dhallann an duine ar an bhfírinne. Ní peaca mórálta atá i gceist ach, mar a mhíníonn Breandán Ó Doibhlin;

Máchail mheitifisiciúil atá san 'pheaca' seo, Milleann sé an chumarsáid idir an tsuibíocht chéadfach, an file, agus an domhan oibeachtúil lasmuigh dhe. Is rud é a thagann idir an duine agus an fhírinne, a fhírinne féin. Saghas existint bhréagach nó cruthú bréagach

agus má leantar dó beidh an duine ina Ifreann féin Ní bheidh ann féin nó ina shaol ach bréag. Ar bhealach, ní bréag féin é ach neamhní, mar tá sé tar éis tréas a dhéanamh ar a bheith féin. (30)

Má chuimhnítear i gcónaí gur cúrsaí aestéitice agus nach cúrsaí diagachta atá i gceist, d'fhéadfaí 'peaca' an Ríordánaigh a chur i gcomparáid le peaca an tsinsir. Níl aon duine ciontach ann, ach, tá an dorchadas tuisceana agus an laige tola agus an claonadh diúltach, atá mar thorthaí an pheaca, ann. Cuireann Naomh Pól síos ar na torthaí sin.

Go deimhin ní thuigim mo chuid iompair féin mar ní hé an ní is áil liom a dhéanam, ach an rud is fuath liom, is é a bhíonn ar siúl agam
Go deimhin féin ní mise a chuireann an beart i gcrích ach an peaca atá lonnaithe ionam

(Rom. 7: 15. 17)

Ní féidir an peaca atá sa duine a shárú ach tré chabhair ghrásta Dé. I bhfilíocht Uí Ríordáin, tá tuiscint don fhile mar dhuine faoi leith - duine atá scartha amach ón daoscar.

Ní fada a bhíonn duine ag cumadh filíochta
Go scarann le daoscar na céille,
Is gabhann sé go huaigneach mar gabhadh leis na cianta
Le tuairim is dinit na cléire.

(Odi Profanum Vulgus, E.S.35)

Ach,

Is atuirseach an intinn
A thit in iomar doimhin saoirse

(Saoirse, E.S. 100)

Bíonn claonadh ann 'dul síos imeasc na ndaoine' agus glacadh le meon an daoscair. Ní féidir an claonadh sin a shárú ach tré chabhair gheit na spride, tré chabhair na hinspioráide. Uaireanta ní thagann an gheit nó uaireanta eile bíonn sí ann agus briseann meon an daoscair isteach uirthí agus múchann sé í.

In 'An Peaca' (E.S. 41) tá áilleacht na hoíche timpeall ar an bpearsa.

Thit réal na gealaí i scamallsparán,
Go mall, mall, faitíosach,
Mar eala ag cuimilt an locha sa tsámh,
Is do chuimil go cneasta an oíche.

Tá armóin sa domhan ar fad 'Mar chomhfhuaim ag titim go ceolmhar trí dhán' agus tá an phearsa mar chuid den chomhfhuaim. Tá a anam faoi gheit ag an Sprid agus tá sé beo go hiomlán. Tá a fhírinne féin agus fírinne an domhain timpeall air, aimsithe aige. Ach go tobann bristear an armóin le 'daorscarscread míchumtha ard'. Tá sé mar 'urchar trí ghloine na hoíche'. Tá an gheit múchta agus tá an fhírinne ceilte. Tá sé ar ais sa ngnáthshaol.

In 'lfreann tá anam an duine

..... i gearcair
I bpeaca beag duairc.

Tá ábhar na filíochta thart timpeall air ach ní gheiteann an sprid a anam. Is féidir leis an áilleacht a fheiceál, is féidir leis 'insint' a dhéanamh uirthí, ach is ón taobh amuigh a fhéachann sé uirthí. Ní féidir leis a fírinne a aimsiú. Ní féidir leis maireachtáil faoi ghné an 'eile'. Tá sé iata isteach ann féin agus don té arbh í an fhilíocht a ghairm, a shainmhúnla, is lfreann sin.

De réir dealraimh, ní féidir le duine paidir a ghiniúint gan machnamh ar rud nach é féin Más mian le duine é féin d'árdú mar thúis i láthair Dé, is thar lear a gheobhaidh sé an túis - thar lear i nduine nó i rud eile. Ní mór dó foirm éigin seachas a mhúnla féin a chreidiúint, agus umhlú di ... Mar níl aon bhlas ag duine ar a bhlas féin. (E.S. 14 - 15)

Go minic, áfach, coscann an 'eile' an gheit. In 'Bean Chaol' (LL 23), casann an phearsa ar bhean ar thaobh an bhóthair. Beannaíonn an bheirt acu dá chéile ach níl i mbeannacht na mná ach cur i gcéill - uirlis aici chun fál a chur idir í agus an phearsa.

Níl fáil uirthí le labhairt léi
Is í ceilte i bhfocail reoite.

Níl de chaidreamh eatarthu ach an caidreamh a bheadh idir dhá ainmhí a chasfadh ar a chéile ar an mbóthar.

Do ghéilleas di is do fhreagras í
Sa bhéarlagar is nós léi,
Á thabhairt le fios nach fairsinge
Ná an t-ainmhí ár sórtne.

Uaireanta tagann an gheit go tobann gan súil léi. Bíonn duine ag déanamh ruda nó ag féachaint ar rud le fada gan an múnla ná an eisint a aireachtáil. Ansin coraíonn 'blas líne obann filíochta' é gan choinne agus feiceann sé fírinne sa rud nó sa ghníomh nár léir dó a bheith ann roimhe sin.

.....do thuigeas le geitlúchair
Go rabhas ag ól mo phíopa
Mar ná hóltar píopa de ghnáth

(Filíocht an Phíopa, E.S.30).

Tá sainiúlacht ag baint leis an ngaol idir an duine agus an gníomh. Tá armóin idir é agus an píopa agus an deatach agus an blas agus gach eile a bhaineann le píopa a ól. Aithníonn sé a shainmhúnla sa ghníomh. Bíonn sé ag gníomhú mar toilíodh dó.

Ní fada a bhíonn duine ag cleachtadh gréasaíochta
Nuair a thagann claochló ar a iompar
Ní fada a bhíonn duine ag cumadh filíochta
Go scarann le daoscar na céille

(Odi Profanum Vulgus. E.S.35)

Tá an duine ag ól an phíopa agus an gréasaí agus an file agus Dia 'Gan choinne ar aon-choiscéim. (An Moladh, B. 22).

In 'Soiléireacht (B. 36), tagann an 'léaspair' tar éis oíche di. Nuair a dhúisíonn an phearsa tá an domhan 'sciomartha', tá 'gach ní nite ina

nádúr féin'. Feiceann sé gach rud mar is dual dó a bheith. Aimsíonn sé sainmhúla an domhain timpeall air. In 'An Feairín' (B. 15), soiléiríonn focal amháin eisint duine eile. Tugann bean 'feairín' ar Phound agus go tobann feiceann an phearsa fírinne agus iomláine an duine eile don chéad uair.

Ní fhaca Pound iomlán go ndúirt sí é

Ach anois tá a shaintréithe agus a phearsantacht bailithe isteach san fhocal.

Tá buanaíocht age Pound sa bhfocal sin,
Tá suaimhneas aige ann,
Is pé duine eile 'bheidh míshocair inár n'aighe,
Ní mar sin a bheidh Pound

Tá an 'clúmh liath' bainte de Phound.

Tá domhan an Ríordánaigh i gcónaí ina chóir thuathail. Níl aon bhuanseasmhacht ann. An duine féin, tá sé de shíor ag athrú agus ní fios cé h'é an 'duine is dual'. Tá sé mar a bheadh mascanna á gcaitheamh aige agus iad á malartú lena chéile i gcónaí.

Imreoir do dhuine anseo
Agus imreoir do dhuine ansiúd,
Taoi scaipthe id dhaoine,
Beir ag athrú choiche,
Go n-ídeoir gach duine atá cúl
Le cine, is go n-imreoir an duine is dual
(Daoine. B. 39)

Bíonn scanradh ar dhuine aghaidh a thabhairt ar a fhírinne féin.

Oireann obair don pheacach
ní mór dó í mar theannta,
gan í cé fhéadfadh seasamh lomnocht
I láthair a aighe, cúis scanraidh
(Obair, LL. 39).

Tá cathú ann fanúint 'ar imeallaibh na smaointe'

(An Dilettante, E.S.115), gan diúltú don fhírinne ach fós gan aghaidh a thabhairt uirthí - a bheith 'ar leth-fhaileadh' mar atá ag Somhairle Mac Gill-Éain.

Tá fothain thíos ó fhaobhar na gaoithe,
Tá fothain thíos ó fhaobhar na smaointe,
I dtaobh na fothana den tsóraíocht,
I dtaobh na fothana den intinn

An duine a mhaireann sa staid idir-eatarthu seo, é deighilte amach óna shainchló féin, bíonn a luach saothair aige.

In ifreann níl siolla gaoithe,
Tá ifreann ar easpa smaointe,
Is cuirfead m'anam i leataobh ann,
Buidéal fíona agus striapach,

Leabhra maithe nualitríochta,
Éisteacht leis an mBBC seal,
Ceol Beethoven ar cheirníní,
Caint ar chúrsaí polaitíochta

Cóip iomlán den Bhíobla,
Léifead é nuair a gheobhad an chaoi air,
Foghlaimed roinnt teanga ón iasacht,
Is béad liom leat go deire scríbe

Is féidir le duine a eisint a mhúcadh le bréaga agus le cur i gcéill ach ansin ní bheidh sé ina dhuine feasta. Ní bheidh ann ach scáil, neamhní. Beidh an 'púdar beannaithe' dóirte aige agus beidh sé 'Gan uimhreacha na fearúrlachta go brách' (Na Leamhain, B.18). Beidh sé i réimse fhir na sop.

We are the hollow men
We are the stuffed men
Our dried voices, when
We whisper together
Are quiet and meaningless,
As wind in dried grass. (31)

Beidh mar chuideachta aige na mná seasca a bhfuil mar dhuais acu:

Seal le teanga iasachta,
Seal leis an ealaín,
Seal ag taisteal
Críocha aineola
Gan eachtra dála
Ar feadh a gcuarta
Na ríog ina dtreo
Ach ríog na fuaire. (32)

Ní bhíonn sé de mhisneach ach ag naomh aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne.

Dá mba nar leamh bheith ann,
Cad ba ghá am a mheilt?
Cén fáth an ólfaí leann
Ach chun bheith de shíor amuigh,
Chun gan bheith riamh istigh?

Bhfuil aoinne istigh ach naomh
Ar thinteán tréigthe Dé?

(In Absentia, B. 20)

Fuair Barra Naofa a chló ceart ar an oileán tré fhéinsmacht agus féiníobairt. Fuair an Sasanach a ionracas féin, b'fhéidir, ag iascaireacht ar an Loch. Ach,

Is deacair bheith id aonar id aonar,
Tá an ghairm ró-árd, róchúng

(Tionlacan na nÓinseach. LL 17)

Tagann an duine idir é féin agus a shainmhúnla.

Na bearnaigh mo radharc feadh na hoíche,
A Silhouette rómham i suíochán:
Is aithnid domsa do dhéanamh
Is mise tú, a shamhailt am chrá,
Is ná druidfeá as raon an scannáin.

(An Silhouette. ES. 112)

In 'Saoirse (E.S.100), tá an phearsa chun saoirse an aonaránachais agus na teibíochta a fhágáil agus tá sé chun casadh ar an ngnáthshaol.

Raghaidh mé síos i measc na ndaoine
De shiúl mo chos,
Is raghaidh mé síos anocht

Macallaíonn an chéad líne tús a oilithreachta ar an oileán:

Raghad anonn is éistfead ar an oileán

Tá práinn ag baint leis an turas seo mar a bheadh sceon air roimh an tsaoirse. Tá sé chun a shaol a chaitheamh mar dhuine i measc daoine. Ní bheidh sé beag-bheann a thuilleadh ar na 'scillingsmaointe' ná ar na daoine ar leo iad. Glacfaidh sé le conbhinsiúin agus le rialacha na ngnáthdhaoine agus bainfidh sé pléisiúr astu. Beidh bá aige leis na huailmhianta agus na cúraimí a bhíonn acu: leis an

...bhfeirimeoir ag tomhas na gaoithe
Sa bhfómhar is é ag cuimhneamh
Ar pháirc eornan

Lorgóidh sé a shlánú sa 'chomhthuisicint', sa 'Chomh-sheanchuimhne' sa 'chomhiompar comhdhaoine'. Ní chuirfidh sé a mhuinín ina neamhspleáchas intleachtúil féin a thuilleadh. Éireoidh sé as bheith ag iarraidh na ceisteanna teibí a fhreagairt mar mar níl sa ród sin ach 'dreapadóireacht gan chomhlíonadh. Cé nach ndeirtear ós ard é, tá sé ag filleadh ar chreideamh a óige. Tá sé chun úmhlú,

Don smacht, don reacht, don teampall daoineach,....
Don ab, don chlog, don seirbhíseach,
Don chomparáid fhaitíosach,
Don bheaguchtach.

Ach díreach mar nach féidir leis filleadh ar shimplíocht an dúchais

Ghaeligh agus cúl a thabhairt ar an 'striapach allúrach', ní féidir leis filleadh ar shaontacht na hóige agus cúl a thabhairt ar shaol na hintleachta. Ní féidir leis aon chuid de féin a shéanadh gan é féin a shéanadh go hiomlán. Tá beatha an duine lom lán de chontráthachtaí laistiar de na contráthachtaí an 'mise ceart'.

Imímíd as amharc
uainn féin gach ré tamall
ag tnúth lenár malairt inár gcló féin,

ach fillimid folamh
i ndeireadh an aistir,
is séala síoraí ár gcéad chló orainn.

(Cló, LL 31)

Díreach mar tá tnúthán ag Somhairle Mac Gill-Éain 'co-chur' a dhéanamh idir áilleacht agus uafás an tsaoil chun teacht ar an 'crìch dheireannach', tá tnúthán ag an Ríordánach 'co-chur' a dhéanamh idir gnéithe dá shaol chun teacht ar rud atá bunseasmhach neamhathraítheach - an bheith gurb 'é féin caighdeán a áilleachta féin'. (ES. 13)

Bunaíonn Ó Ríordáin a theoiric fhileata ar thuiscintí na Críostaíochta faoi bheith agus eisint an duine. Ní haon gealltanais é sin gur dea-fhilíocht a chuid filíochta. A mhalairt ar fad atá ann agus uaireanta milleann sé dán, mar dhán, tré ghlacadh le réiteach róphaiteanta, ró shimplí ar cheist. Sa dán a ndearnadh tagairt dó cheana, 'Seanmóintí', (B. 24) cuireann seanmóintí an tsagairt déistean air. In áit, áfach, 'paidir' an tsagairt a lorg glacann sé le réiteach oifigiúil na hinstitiúide,

Is binne ná téada ag labhairt é,
Mar tá cláirseach an Mháistir aige.

B'fhéidir gur chóir don Chríostaí glacadh leis an réiteach seo - agus is iomaí Chríostaí maith a bheadh in amhras faoi sin - ach is máchail ar an bhfilíocht é.

Ach is annamh a ghéileann sé don réiteach éasca. Thug an Chríostaíocht fráma tagartha, córas smaointe dó, ach níor chneasaigh sí a chrá chroí ná níor chiúinigh sí an chíor thuathail a d'airigh sé ina aigne. Dá mba rud é gur chneasaigh ná gur chiúinigh, ní bheadh gá leis an bhfilíocht. Ach bhí gá léi. B'í an fhilíocht a 'phaidir', a 'exact function' mar a déarfadh Teilhard de Chardin. Ba san fhilíocht a chuaigh sé ar a thóir féin.

Fuair eas amach gur féidir aithne a chur ort féin trí fhocail agus ar fhocail tríot féin. (33)

Lean Ó Ríordáin air ag iarraidh an fhírinne a aimsiú ach san áit a lorgaigh Somhairle Mac Gill-Éain í i gcorthaí móra an tsaoil - sa stair agus sa mhiotaiseolaíocht - lorgaigh Ó Ríordáin í i gcroí an duine aonair. Dá bhféadfadh duine teacht ar an 'mise ceart', an rud gurb 'é féin caighdeán a áilleachta féin' (ES. 13) bheadh an 'crích dheireannach' bainte amach aige. Uaireanta ceapann sé nach n-aimseoidh sé an 'mise ceart' go mbeidh sé ar leaba a bháis.

Mar bímse ar aimsir ag an saol,
Sé sin
Ag daoine seachas mise.
Filfead air,
Sé sin ormsa,
Ar leaba ár mbáis.

(Mise. LL. 42)

Uaireanta bíonn sé in amhras faoi bhunús na tóra féin.

Ach cá bhfios dom nach focal mé
A bhrostaigh smaoinemh diaga,
Smaoinemh beag mailíseach,

A thosnaigh thíos in ifreann
in inchinn an diabhair féin,
Is a eiteal tríd an oíche,

Mar leamhan ag lorg solais
Go ráinig lampa an Tiarna
Is gur chrom ar Dhia do chiapadh (????, ES. 98)

Ach tá dóchas aige go dtaispeánfar an fhírinne dó dá ainneoin féin
faoi dheireadh. (53)

Níl sé thall ná abhus,
Níl sé in aon áit,
Níl sé ach amuigh,
Is beidh sé amuigh gan fáil

Go dtí go dtiocfaidh fios
Mar dhuilliúr ar chrann ag fás,
Ansin sea a bheidh sé istigh,
Is beidh a fhios ag cách.

(In Absentia, B. 20)

'Go dtí go dtiocfaidh fios' níl le déanamh ach breith ar

Gach beag, gach mórmothú,
Gach carthanacht,
Gach aimride,
Gach gangaid leis

agus iad a bhuanú tréna neadú 'I mbréithre in aice leat'. Is cuma cé
chomh maith, chomh hainnis is atá na smaointe, 'cuir snaidhm ar
shnath sin d'aigne. (Ná Fan, LL 43)

CONCLÚIDÍ

Chuir mé romham ag tús na caibidile seo filíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain agus Sheáin Uí Ríordáin a scrúdú féachaint conas a chuaigh an reiligiúin i gcion ar a saothair. Mar chonclúid is féidir a rá go raibh tionchar mór ag gnéithe éagsúla den Chríostaíocht , mar a tuigeadh dóibh í, ar fhilíocht na beirte. Bhain siad beirt úsáid fhorleathan as siombalachas agus íomháineachas reiligiúnach ina gcuid filíochta i dtreo is go mbeadh sé deacair do dhuine nach mbeadh eolas éigin aige ar an gCailbhineachas ná ar an gCaitliceachas, roinnt de na tagairtí a thuigsint.

Is léir go ndeachaigh an teagasc Cailbhineach faoin Réamhordú agus faoin 'Taghadh' i gcion go mór ar Mhac Gill-Éain agus gurb ionann dó brúidiúlacht 'lahweh an t-ludhach' agus brúidiúlacht na dtiarnaí talún in Albain sa 18ú agus 19ú haois agus brúidiúlacht na bhFaisisteach sa 20ú haois.

Déanann Ó Ríordáin cur síos ar chorthaí creidimh duine a tógadh i gcreideamh simplí dogmach agus a bhfuil coincheapa eachtranacha á shuathadh. Tá a chóras smaointe agus a theoiric filíochta bunaithe i dtuiscint na Críostaíochta faoi bheith agus eisint an duine ach ní féidir leis comhréiteach a dhéanamh i gcónaí idir creideamh a óige agus a eispéireas den bheatha.

Léirítear caitheamh i ndiaidh na bunseasmhachta agus na habsalóide i bhfilíocht na beirte. I gcás an Ríordánaigh léirítear é sa tóir atá ar siúl aige ar an 'mise ceart'. I gcás Mhic Gill-Éain, tá sé le feiceáil sa tnúthán atá aige le 'Cochur' a dhéanamh idir an Mhaith agus an tOlc.

NÓTAÍ

1. Angus Nicholson, "An Interview with Sorley MacLean", luaite ag Joy Hendry in Sorley MacLean: Critical Essays, in eag Raymond J. Ross and Joy Hendry (Edinburgh: Scottish Academic Press, (1986), 19.
2. T.H.L. Parker, John Calvin : (London: Dent, 1985), 113.
3. Terence McCaughey, "Sorley MacLean: Continuity and the Transformation of Symbols" in Ross and Hendry, Critical Essays ,129.
4. Breandán Ó Doibhlin, "Mórfhile Ghael Alban" in Aistí Critice agus Cultúir, (Baile Átha Cliath: FNT, n.d.) 125-126.
5. Duncan MacLaren, "The Shy Guru", luaite ag Raymond J. Ross, in Ross and Hendry, Critical Essays, 101.
6. John MacInnes in Scottish International, Dec.1973, luaite ag Raymond J. Ross, in Ross and Hendry, Critical Essays, 102.
7. Sorley MacLean, i litir do Douglas Young, 11 Sept. 1941, N.L.S. Acc.6419, luaite ag Raymond J. Ross, in Ross and Hendry, Critical Essays, 101.
8. Douglas Sealy, "Out from Skye to the World": Literature, History and the Poet" in Ross and Hendry, Critical Essays, 61.
9. Hilaire Belloc, The Great Heresies, (London Sheed and Ward, (1938), 199.
10. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir: An Slánú i bhFilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain, (Máigh Nuad; an Sagart, 1992).
11. Colmán Ó Huallacháin, Foclóir Fealsaimh, (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1993).
12. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir, 148.
13. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir, 148.
14. Soren Kierkegaard, luaite ag John Herdman in, "The Ghost seen by the Soul: Sorley MacLean and The Absolute" in Ross and Hendry, Critical Essays, 165.
15. Sorley MacLean, luaite ag Raymond J. Ross in " Marx, MacDiarmid and MacLean" in Ross and Hendry, Critical Essays, 104.

16. John Herdman, "The Ghost Seen by the Soul" in Ross and Hendry, Critical Essays, 165-166.
17. Seán Ó Ríordáin, "Seán Ó Ríordáin ag Caint", agallamh le Seán Ó Mórdha, Scríobh, 3, (1978), 174.
18. William Wordsworth, "Ode: Intimations of Immortality from Recollections of Early Childhood", in The English Parnassus, (Oxford: Clarendon Press, 1937), 317.
19. Seán Ó Tuama, Filí faoi Sceimhle, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978), 45.
20. Máire Mhac an tSaoi, "Filíocht Sheáin Uí Ríordáin" in Feasta Márta 1953, 17.
21. Breandán Ó Doibhlin, "Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach" in Aistí Critice agus Cultúir, 56.
22. Patrick Kavanagh, Patrick Kavanagh: The Complete Poems, (Newbridge: The Goldsmith Press, 1984) 12.
23. Seán Ó Tuama, Filí Faoi Sceimhle, 22.
24. Mícheál Ó hAirtnéide, Dánta Naomh Eoin na Croise, (Baile Átha Cliath: Coiscéim 1991), 47.
25. Breandán Ó Doibhlin, "Frank O'Brien agus Seán Ó Ríordáin", in Comhar, Eanáir 1970, 7.
26. An Teagasc Críostaí. Teagasc Críostuidhe Mhaighe Nuadhat, An t-Athair M. Ó Flaithbheartaigh, D.ré D. a chuir Gaeilge air. (Baile Átha Cliath: Dollard 1934), 22.
27. An Teagasc Críostaí. (ibid.24)
28. An Teagasc Críostaí. (ibid.36)
29. Pierre Teilhard de Chardin, Le Milieu Divin. (London: Collins, Fontana, 1964), 66.
30. Breandán Ó Doibhlin, "Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach" in Aistí Critice agus Cultúir, 55.
31. T.S. Eliot, "The Hollow Men" in Collected Poems by T.S. Eliot. (London: Faber and Faber, 1958), 87.

32. Máirtín Ó Direáin, “Ár Ré Dearóil”, in Máirtín Ó Direáin: Selected Poems: Tacar Dánta, (Newbridge: The Goldsmith Press, 1984), 66.
33. Seán Ó Ríordáin, “Scríobh na Filíochta” in Scríobh 2, 1972, 72.

CAIBIDIL A TRÍ

MORÁLTACHT

Sa chaibidil seo scrúdóidh mé an dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain agus i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin faoi seach. Beidh mé ag áiteamh:

- (1). Go bhfuil difríochtaí suntasacha idir an Chaitliceachas agus an Protastúnachas i dtaobh na béime a chuirtear ar ghnéithe áirithe den mhoráltacht agus go léirítear na difríochtaí seo i bhfilíocht na beirte.
- (2). Go gcuireann an Caitliceachas an bhéim ar theagasc údarásach na hEaglaise mar threoir don choinsias agus go dtugtar tús áite ann don mhoráltacht phríobháideach.
- (3). Go gcuireann an Protastúnachas an bhéim ar shaoirse choinsias na hindibhíde agus go dtugtar tús áite ann don mhoráltacht shóisialta.
- (4). Gurb í an phríomhghné den mhoráltacht a phléitear i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain ná an dualgas atá ar an duine an ceart a sheasamh do dhaoine eile.
- (5). Go n-eascaíonn cuid de na dánta is cumhachtaí in Dàin do Eimhir ón gcoimhlint choinsiasa idir mianta an duine agus a dhualgas i leith daoine eile.
- (6). Gur siombail an bhean sna dánta sin den mhian phríobháideach a thagann idir an duine agus an dualgas sin.
- (7). Go bhfuil moráltacht an ghnéis lárnach do mhoráltacht na Críostaíochta agus go háirithe do mhoráltacht an Chaitliceachais.
- (8). Go dtagann an déachas chun tosaigh sa Chríostaíocht ó am go chéile agus go bhfuil blas láidir den déachas ar an dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin agus go mór mhór i gcuid de na dánta sa chnuasach Eireaball Spideoige.
- (9). Go bhfuil íogaireacht mhorálta níos leithne á léiriú i gcuid de na dánta deireannacha le Seán Ó Ríordáin.

Séard is moráltacht ann ná 'Cáilíocht na gníomhaíochta daonna a bheadh go maith de bhrí go mbeadh sé ag luí leis an gcríoch is dual do nádúr an duine'. (1) Ní hionann moráltacht agus creideamh cé go bhfuil dlúthbhaint eatarthu. Tá bunphrionsabail na moráltachta neamhspleách ar chreideamh. Baineann siad le stadas an duine mar bheith réasúnach atá freagarthach ina ghníomhartha féin, leis an gcaoi a maireann sé sa saol seo agus leis an gcaoi a gcaitheann sé leis féin agus le daoine eile. Deir Tomás Acuin gurb é céadphrionsabal na moráltachta ná gur ceart an mhaith a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint. Ní hé go mbíonn gach duine ar aon intinn faoi cad is maith agus olc ann. Ach braitheann gach duine go bhfuil dualgas air rudaí áirithe a dhéanamh agus rudaí eile a sheachaint agus airíonn sé míshuaimhneas ann féin nuair a loiceann sé ar an dualgas sin. Braitheann an rogha a dhéanann sé ar a réasún.

The question why be moral? receives as its first answer - because it is the rational thing to do. (2)

Ní hionann moráltacht agus an dlí ach oiread. Fiú amháin don Chríostaí, séard tá i ndlí Dé agus i ndlí an tSoiscéil ná léiriú agus soilsiú ar an gcaoi is fearr is féidir le duine a fhoirfeacht mar dhuine daonna a bhaint amach. Caithfidh an duine a réasún a imirt ar an dlí agus rogha a dhéanamh. Ba chóir dúinn an rud ceart a dhéanamh toisc gurb é an rud is dual don duine daonna a dhéanamh. Dúirt Tomás Acuin:

He, therefore, who avoids evil, not because it is evil but because it is the command of God is not free but he who avoids evil because it is evil is free. (3)

Baineann an mhoráltacht le gníomhaíocht an duine réasúnaigh a bhfuil saoirse aige rogha a dhéanamh. Ach ní mhúnlaítear coinsias an duine i bhfolús. Múnlaítear é i bpobal a bhfuil stair agus féinthuiscint shainiúil aige atá difriúil le stair agus féinthuiscint phobail eile.

It is in community and in history that one becomes a person man

becomes aware of himself in community - that is, in relation to others. In his moral experience every man employs the only tools available to him - those of the community. His moral experience is in this sense a sharing in common experience All experience, including moral experience, has a history. (4)

Bíonn tionchar mór ag an gcreideamh (nó ag an ainchreideamh) ar mhúnlú an choinsiasa ach bíonn tionchar ag an iomad rud eile ar an múnlú sin freisin - pearsantacht, éirimiúlacht agus oiliúint an duine, a stadas eacnamaíochta agus an cultúr comhaimseartha. Ní hé nach mbíonn bunphrionsabail na moráltachta ann i gcónaí ach ní hionann an bhéim a chuirtear ar ghnéithe éagsúla di ó chreideamh go creideamh, ó chultúr go cultúr, ó dhuine go duine.

Ó aimsir an Reifirméisín anonn bhí difríochtaí suntasacha idir Chaitlicigh agus Protastúnaigh i dtaobh gnéithe áirithe den mhoráltacht. Sa Chaitliceachas cuireadh an bhéim ar theagasc údarásach na hEaglaise mar threoir don choinsias agus bhí claonadh ann tús áite a thabhairt don mhoráltacht phríobháideach agus don slánú pearsanta. Sa Phrotastúnachas cuireadh an bhéim ar shaoirse choinsias na hindibhíde agus, go háirithe sa Chailbhíneachas, bhí treise ar an moráltacht shóisialta agus ar dhualgais an duine i leith an phobail. Ba é príomhdhualgas an duine sa Chaitliceachas ná a anam a shábháil tré dhualgais reiligiúnacha a chomhlíonadh agus tré bheith umhal do dhlíthe agus d'aitheannta Dé. Sa Chailbhíneachas, áfach, toisc go raibh an toghadh chun slánaithe nó chun damnaithe déanta cheana, chonacthas dílseacht an duine dá dhualgais phoiblí mar chomhartha go raibh sé tofa chun slánaithe. Mar a deir Hans kung:

The unintended consequence of the strict Calvinistic doctrine of a double predestination (of some to eternal happiness, of others to damnation) was that, in the churches influenced by Calvin stress was laid on "Sanctification", on works in everyday life, the duties of one's calling as fulfilment of love of neighbour and success in these things; all were understood as visible signs of a positive election to eternal happiness. The spirit of unceasing work, of success in one's calling and of economic progress arose therefore, not out of rationalist,

but out of religious motives. (5)

Sa Chríostaíocht glactar le Dia mar 'an chríoch is dual do nádúr an duine'. Sa daonnachas glactar leis an duine mar chríoch ann féin - mar 'chaighdeán fiúntais agus cumais' (6). Eascraíonn an Sóisialachas Marxach ó thuiscint daonnach den duine agus sé bunaidhm an chórais sin ná go mbeadh cothroime ann sa chaoi a roinntear maoin an tsaoil chun go mbeadh a chion féin den mhaoin sin ag gach duine. Cé gur córas eacnamaíochta agus polaitiúil é, tá sé bunaithe ar thuiscint shainiúil de nádúr agus de chríoch an duine. Tá a dhogmaí féin agus a mhoráltacht féin aige i dtreo is gur geall le creideamh é dóibh siúd a ghlacann leis.

Ní hionadh go bhfeicimid difríocht sa dearcadh morálta a léirítear i saothar na beirte atá faoi chaibidil san aiste seo. Rugadh agus tógadh Somhairle Mac Gill-Éain mar Chailbhíneach agus chuaigh sé le Sóisialachas ina óige ach, cé gur shéan sé creideamh amháin acu agus gur cosúil nár ghlac sé go hiomlán leis an gcreideamh eile, tá saintréithe moráltachta an dá chreideamh le feiceáil ina chuid filíochta. Rugadh agus tógadh Seán Ó Ríordáin mar Chaitliceach agus is í an mhoráltacht phríobháideach - 'an comhrac aonair / Idir thusa Dé agus tusa an tsaoil' a thagann in uachtar ina chuid filíochta.

Sí an phríomhghné den mhoráltacht a phléitear a bhfilíocht Mhic Gill-Éain ná an dualgas atá ar an duine seasamh le cearta daoine eile. Ní leor tacaíocht mhorálta a thabhairt do dhaoine atá faoi chois, caithfear a bheith réidh gníomhú ar a son.

Only in rare moments, and never at all during the years 1936 to 1945, did I think of the poet primarily or secondarily as a virtuoso or craftsman, nor has my practice implied that he should be a 'committed' propagandist even in the best sense. If 'committed' the poetry must be in some way confessional if it is to be true to the perpetual dilemma of the 'Existentialist' choice Ian Lom's famous words to Alastair MacDonald 'You do the fighting and I'll do the praising' I consider disgusting I could not have been an Ian Lom at Inverlochry or an Auden in America in 1939. (7)

Chuaigh dán John Cornford, 'Heart of the Heartless World', go mór i gcion air ní mar gheall ar a fheabhas mar fhilíocht ach toisc gur maraíodh Cornford sa Spáinn.

Sé an phríomh shuáilce a mholtar i bhfilíocht Mhic Gill-Éain ná seasamh ar son na cosmuintire. 'Dulce et decorum est pro patria mori' adúirt Horás, ach is iad na laochra atá aigesean ná iad sin a d'eirigh amach in aghaidh na brúidiúlachta. In 'An Cuilithionn' (V1) tá iomann molta do réabhlóidithe an domhain ó Spartacus anuas go dtí Ó Conghaile agus an Píarsach in Éirinn agus Gandhi agus Nehru san Ind. Déantar tagairt arís agus arís eile san fhilíocht do dhaoine áirithe - Spartacus, Ó Conghaile, John MacLean, Lenin, an Cumannach Bulgáireach, Dimitriov - agus cuirtear iad ós ár gcomhair mar eiseamláirí sa chaoi chéanna a gcuirtear naoimh agus mairtíriugh ós comhair Críostaithe. Is mór aige,

Commune na Frainge air éirigh
agus Càisg bhíothbhuan Eireann
'na teine nach smàl an éiginn.....
slabhraidhean an Tatu Ho 'nan stàilinn
a' riaghan eadar sgurrachan gàbhaidh
(An Cuilithionn, V11)

Ar an taobh eile dhe, cáintear iad sin a mheastar a bheith ina dtíforánaigh ó 'Iupiter an gealtair brúideil' agus 'Iahweh an t-Iudach' anuas go dtí

...Fear a' Choire 's Alasdair Ruadh,
MacAidh is Rèanaidh,

a rinne brúidiúlacht ar na gnáthdhaoine agus a dhíbir as a dtailte iad. Cáintear iad sin freisin a dhíolann a dtalainn le lucht na brúidiúlachta agus le lucht an rachmais.

An ceann beairteis agus uaisle
Gheibhtear an còmhnaidh ùidh nam buadmhor;
Thig is bheirear dhaibh an iarrtas,
Siod an airidh 's an lagh sìorraidh (An Cuilithionn, 11)

Siod oirbh, a bhoglaichean sanntach,
Tha sibh moiteil garg ceannsail,
Sibh a dh' fhaodas, tha sibh dligheach
Air seirbhis eanchainne gun chridhe:
Fhuair sibh dubh-chosnadh nan saoidhean
Ioma latha dh' aindeoin caoidhe

(An Cuilithionn, 111)

Sé an laochas, má's ar son an chirt é, caighdeán na moráltachta i bhfilíocht Mhic Gill-Éain. Agus ní tábhachtaí laochas na dtaoiseach a bhain clú agus cáil amach ná laochas na saighdiúirí singil a bhfuil a nainmneacha imithe i ndearmad. Sa dán 'Làrach Eaglais' tá cur síos ar chath a troideadh ar Oileán Mhuile inar buadh ar chlann Mhic Gill-Éain. Tá ainmneacha na dtaoiseach, Niall Buidhe agus Eachann Ruadh in áirde,

Ach dé mu na ciadan eile
is ficheadan dhiubh cheart cho àrd
anns an spiorad ri 'n ceann-cinnidh
is ri bràthair a' bhàird?

In 'Curaidhean' is Sasanach beag le rá atá ina laoch.

Fear beag truagh le gruaidhean pluiceach
is glùinean a' bleith a chéile,
aodanna guireanach gan tlachd ann -
còmhdach an spioraid bu tréine

Níl mórán measa ag éinne air

Cha raibh buaidh air " 'san tigh-òsda
'n àm nan dòrn a bhith gan dùnadh".

Ach nuair a tháinig uair na cinniúna sheas sé an fód go calma agus níor loic sé.

Thàinig uair-san leis na sligean.....

Thàinig fios dha san fhrois pheileir
a bhith gu spreigearra 'na dhiùlnach.....

Chum e ghunnachan ris na tancan
a' bocail le sgriach shracaidh stàirnich
gus an d' fhuair e fhéin mu 'n stamaig
an deannal ud a chuir ri làr e,.....

Chunnaic mi gaisgeach mór á Sasuinn,
fearachan bochd nach laigheadh sùil air;
cha b' Alasdair á Gleanna Garadh -
is thug e gal beag air mo shùilean

Cé nach raibh cuma an laochais air chomhlíon sé a dhualgas 'gun dùil ri cliù, nach iarr am meadal'. Rinne sé an rud ba dhual dó a dhéanamh agus ba leor sin.

Is sa ghníomh cóir atá an mhoráltacht i bhfilíocht Mhic Gill-Éain. Is cuma cé chomh hidéalach is atá na mianta ná cé chomh healaíonta is tá an friotal lena gcúirtear in iúl iad, ní haon mhaith muna ndéantar beart de réir an bhriathair.

Between rebellion as a private study and the public
Defiance, is simple action only on which will flinches
Catlike, for spring. Whether at nerve roots is secret
Iron, there's no diviner can tell, only the moment can show. (8)

Sí an Chuntaois Markievicz banlaoch an dáin 'Ag Uaigh Yeats' Ba í 'a thug a cliù ó Dhiarmad'. Fuair seisean bás ar Bheann Ghulbáin de bharr an ghrá ach thréig sise a muintir agus a haicme agus chuir sí a hanam i mbaol chun troid ar son na mbochtán. Anois tá 'dealbh na té óig álainn / ann an teilifis gach raoin'. Scríobh Yeats fúithí in 'Easter 1916;

That woman's days were spent
In ignorant good will,
Her nights in argument
Until her voice grew shrill.
What voice more sweet than hers
When young and beautiful
She rode to harriers? (9).

Agus in 'In memory of Eva Gore-Booth and Con Markievicz' scríobh sé fúithí,

The older is condemned to death,
Pardoned, drags out lonely years
Conspiring among the ignorant. (10)

Glacann Yeats leis an 'terrible beauty' agus leis an bpáirt a bhí ag Constance Markievicz ann ach is mó leis an áilleacht ná an gníomh gaisce. Ní mar sin do Mhac Gill-Éain. Tá guth binn na mná eiríthe géar ach is cúis bróid é sin.

An guth binn air slios Beinn Ghulbain
o'n aon bhial cumair òg
a thug a cliù o Dhiarmad
on chualas e air Grine
's air fàs 'na sgread le bròn
agus leis an fheirg uasail
is leis na h-euchdan còire
bu bhinn an cluais O Conghaile
's an cluasan a sheòrsa

(Aig Uaigh Yeats)

I ndánta Yeats tá an áilleacht curtha amú 'In ignorant good-will' agus 'Conspiring among the ignorant' ach i ndán Mhic Gill-Éain tá an rogha morálta déanta ag an mbean agus is cuma faoin toradh.

In 'Meditations in Time of Civil War' tá Yeats in éad leis na saighdiúirí a thagann go dtí an doras chuige. Tá rogha na gníomhaíochta agus an ghaisce déanta acusan. Tá beart de réir a mbriathar déanta acu ach,

I count those feathered balls of soot
The moor-hen guides upon the stream,
To silence the envy in my thought;
And turn towards my chamber, caught
In the cold snows of a dream. (11)

Tuigeann Yeats an rogha atá déanta ag Constance Markievicz agus ag na saighdiúirí ach níl sé réidh an rogha céanna a dhéanamh.

Fhuair thusa 'n cothrom, Uilleim,
an cothrom dha do bhriathran
on bha a' ghaisge 's a' bhòidhche
's an croinn bhratach troimh do chliathaich.
Gabh thu riutha air aon doigh,
Ach tha leisgeal air do bhilean,
an leisgeal nach do mhill do bhàrdachd
oir tha a leisgeal aig gach duine

(Aig Uaigh Yeats)

Bhí an rogha céanna le déanamh ag Mac Gill-Éain sa bhliain 1936 agus bhí a 'leisgeal' féin aige.

MacLean, like Yeats, envies the men who have died for their dream and, when he says that there is an excuse on Yeats' lips, he is voicing his own failure to do more than write. (12)

Ach ní lorgaíonn sé tearmann óna choinsias 'In the cold snows of a dream'. Tugann sé aghaidh go misniúil ar a fhaillí agus scrúdaíonn sé a choinsias chomh dícheallach le peacadh scrúpallach ar bith. Ní hionann leis an bpeacach Críostaí, áfach, níl éinne ann chun maithiúnas a thabhairt dó ach é féin.

If God does not exist we find no values or commands to turn to, which legitimize our conduct. So, in the bright realm of values, we have no excuse behind us, nor justification before us. We are alone, with no excuses. (13)

Agus cé go bhfuil diúltaithe aige don Chríostaíocht tá coinsias righin ghéar an Chailbhínigh ag tabhairt breithiúnais air. Ní féidir leis dul i muinín na casáisteachta ná ní féidir leis dul i muinín trócaire Dé mar a dhéanfadh an Críostaí. Is ón scrúdú coinsiasa a dhéanann Mac Gill-Éain a eascraíonn a cúig nó a sé de na dánta is cumhachtaí in Dáin do Eimhir. Deir John MacInnes:

It is perfectly clear that he would not be the kind of poet that he is, if he

had ignored the impassioned eloquence of the Church: it is almost as certain that he would be a different kind of poet if he had rejected the conscience-searching that the teachings of the Church invite. (14)

Chomh fada siar le 1935, sular thosaigh an cogadh sa Spáinn, tá an choimhlint idir an mhian phearsanta agus an dualgas i leith daoine eile ag teacht chun tosaigh san fhilíocht.

Agus cuir a h-áilleacht sgleò
air bochdainn 's air creuchd sheirbh
agus air shaoghal Leninn,
air fhoighidinn 's air fheirg.

(Am Buaireadh)

Múchann áilleacht na mná trua na pearsan sa dán do bhochtanas agus d'fhulaingt an domhain. Tagann sé idir é agus idéalachas an tSóisialachais. Níl ann dó ach 'a gaire 's a cuailein òir;

Tosaíonn 'Gaoir na h-Eòrpa' le ráiteas.

A nighean a' chùil bhuidhe, throm-bhuidh òr-bhuidh,
fonn do bheòil-sa 's gaoir na h-Eòrpa,
a nighean gheal chasurlach aighearach bhòidheach
cha bhiodh masladh ar latha-ne searbh 'nad phòig-sa.

Cuirtear in iúl go bhféadfadh an grá cur ar chumas na pearsan dearmad a dhéanamh ar uafáis an domhain agus ar an gciontacht agus ar an fhreagracht a airíonn sé ann féin mar dhuine mar gheall ar an mbrúidiúlacht agus an bhforéigean atá á nimirt agus a himródh ar an gcosmhuintir. Ach ins na cúig véarsaí a leanann an ráiteas sin tá sraith ceisteanna a thaispeánann nach féidir an coinsias a chiúiniú chomh héasca sin. Déantar codarsnacht idir áilleacht agus ealaín na mná agus fulaingt na ndaoine - idir na mianta collaí agus an tnúthán leis an áilleacht ar an taobh amháin agus an dualgas daonna ar an taobh eile. Faoi dheireadh ní aimsítear réiteach ar an bhfadhb. Mar a deir Máire Ní Annracháin,

Ní ghéileann íocshláinte na bpóg do bhagairt an amhrais agus na

réadúlachta polaitiúla go hiomlán, ach cuireann an tamhras brú ar an bpóg mar sin féin:

Dé bhíodh pòg do bhedil uaibhrich
mar ris gach braon de 'n fhuil luachmhoir
a thuit air raointean reòta fuara
nam beann Spàinneach bho fhòirme cruadhach? (15)

In 'Gaoir na h-Eòrpa' níl sa bhean ach oibíocht do mhianta collaí agus sásamh aestetiúil an fhir. Is siombail í den bhanúlacht a chuireann an fear dá threoir. Is í an 'aodan' í a bhuaire an phearsa in 'Coilltean Ratharsair'. Ní chuirtear in iúl go bhfuil aon rogha á dhéanamh aicisean ná go bhfuil dualgas ar bith ag an bhfear ina leith. An rogha atá le déanamh ag an bhfear, is rogha í idir a mhianta féin agus a dhualgas. Ní hionann le 'Gaoir na h-Eòrpa', tagann pearsantacht agus íogaireacht mhorálta na mná i gceist in 'Reic Anama' agus in 'An Roghainn'. Deir an phearsa in 'Reic Anama':

Gun reicinn m'anam air do ghaol-sa
nach biodh feum air bréig is aomadh.

Ach ansin tuigeann sé gur masla don bhean a cheapadh go nglacfadh sí le

.....truaghan
de spiorad beag lag suarach
a ghabhadh reic, eadhon air bhuanhan
t' aodainn àlainn 's do spiorad uallaich

Iarrann sé maithiúnas uirthí ach tá a phaisean chomh láidir sin go bhfuil sé ullamh a anam a dhíol faoi dhó,

.....aon uair ar son t' àilleachd
agus uair eile ar son a' ghràis ud,
nach gabhadh tu spiorad reicte tràilleil

Ar nós Faustus, tá sé toilteanach a anam a dhíol ach ní hionann leis níl súil aige le haon luach saothair. Mar a deir Joy Hendry:

....the poet abandons himself to his feelings, even in the knowledge that they are also his doom. (16)

Tá macalla den scéalaíocht rómánsach in 'An Roghainn'. Sna sean scéalta théadh an laoch ar thuras gaiscíochta - go minic go dtí an Spáinn - chun grá na mná a ghothú. Ní dheachaigh an phearsa sa dán seo go dtí an Spáinn agus mar sin tá a 'ghaol geal àlainn' cailte aige. Tá sí chun fear eile a phósadh. Admhaíonn sé nach fiú é grá na mná toisc nar

.....d' ghabh mise bàs croinn-ceusaidh
ann an éiginn chruaidh na Spàinn

In "Gaoir na h-Eòrpa" tagann an bhean idir an fear agus a dhualgas. In 'An Roghainn' is í a laige agus a mheatacht féin a chuireann cosc air an gníomh gaisce a dhéanamh. In 'Gaoir na hEòrpa', "Tá an gaol idir an bhean agus an Spáinn curtha as a riocht" (17). Tá an bhean ann mar bhealach éalaithe ag an bhfear ón ngaiscíocht agus ón laochas. In 'An Roghainn' ní dhéanann sé an gníomh gaisce agus ní fhaigheann sé an bhean. I dtéarmaí na moráltachta de, diúltaíonn sé an gníomh cóir a dhéanamh agus cailleann sé Parrthas. Mar a deir Máire Ní Annracháin:

....cuireann meafar an fulaingte - 'bàs croinn ceusaidh' - crot an tslánaithe mheitifisiciúil ar an ngaisce. I ngeall ar bhlas sin an tslánaithe, is léir go bhfuil an dán ag plé le réimse den saol a sháraíonn cúram traidisiúnta an ghaisce agus an duais shaolta a ghabhann leis. (18)

Is siombail í an bhean - 'an rionnag leugach òir' - den slánú, pé acu slánú na Críostaíochta nó slánú saolta an ionracais coinsiasa. Tá an phearsa in lfreann faoi dhó, lfreann na cailliúna agus lfreann na haiféala.

Ach na robh 'n roghainn rithist dhomh
's mi 'm sheasamh air an àird,
leumainn á nèamh no iutharna
le spiorad 's cridhe slàn

Dá mbeadh an deis arís aige, dhéanfaidh sé an gníomh cóir ar a shon féin ba chuma an mbeadh a mhian don bhean sásaithe nó nach mbeadh.

In 'Urnuigh' tá an Spáinn cailte agus tá an tuafás agus an bhrúidiúlacht i réim. Níl mar chosaint ar an duibheagán ach 'gleachd a' chinne-daonna neo-bhãsmhor'. Níl tearman na meitifisice ná an réiligiúin ann

A chionn nach cuirear coire air diathan,
nach eil ach 'nam faileas iarraidh.

Tá sé de dhualgas ar an duine morãlta cúl a thabhairt dá mhianta pearsanta agus dul i ngleic le cumhachtaí an dorchadais. Tá eagla ar phearsa an dáin 'roimh thuiltean aognaidh an onfhaidh'. Is féidir le duine an eagla a chloí.

Esan dh' am bheil an cridhe air ionnlaid
théid e troimh theine gun tionndadh

Bhí an 'cridhe air ionnlaid' ag John Cornford. Bhí rogha le déanamh aige idir an grá agus an laochas. Roghnaigh sé dul i mbaol an bháis sa Spáinn cé go raibh eagla air go lagófaí é ag an ngrá.

Tha eagal ormsa do chall,
Eagal orm roimh m' fhiamh. (19)

Ba chuid den ghaisce rinne sé an eagla seo agus an chaoi ar sháraigh sé í.

Bha seo ag Cornford òg 'na ghaisge,
eagal smuain a ghaoil bhith faisg air
nuair bha Spàinn 'na latha-traisg dha,
eagal a challa air an duine,
eagal an eagail air a' churaidh

Tá an rogha céanna le déanamh ag an bpearsa sa dán. Caithfidh sé a chroí a ghlanadh 'bho anfhannachd mo ghaoil ghlain ghil' agus a

aghaidh a thabhairt ar na 'tuiltean aognuidh' nó glacadh le 'beatha bhàsail' an mheatacháin. Tá an rogha déanta cheana aige.

...b' fheàrr liom boireannach
na 'n Eachdraidh fhàsmhor.

Mar sin, má ghuíonn sé go nglanfar a sprid ionas

.....gum faighear anns a' bhoile mi
cho treun ri Dimitriov no ri Ó Conghaile

tuigeann sé gur 'guidhe toibheumach neo-iomlán' a bheidh ann. Ní dhéanann sé iarracht ar bith é féin a dhalladh ar a chiontacht.

Tuigeann sé an rogha atá á dhéanamh aige - tá 'an tuigse shoilleir shlán' aige - agus glacann sé freagracht ann.

Mar is eol dúinn, ní raibh Mac Gill-Éain saor rogha a dhéanamh dul go dtí an Spáinn mar a rinne Cornford agus, mar is eol dúinn freisin, chuaigh sé ag troid in aghaidh an Fhaisisteachais nuair a bhí sé saor. Mar sin féin, ní haon dhíospóireacht acadúil faoin moráltacht ná faoin ngrá atá ar siúl aige in 'Urnaigh'. Tuigeann sé cumhacht na méine agus, ar nós Chornford, tá eagla air roimh a eagla. Ceapann sé nach mbeidh sé in ann í a chloí nuair a thiocfaidh an tam. Tá seo le rá ag Joy Hendry ag tagairt do 'Gaoir na hEòrpa' ach baineann sé le 'Urnuigh' chomh maith:

There is another kind of courage evident here - to take a conflict which is theoretical, not actual, and to expose this inner struggle in the public medium of poetry. What emerges clearly is the uncompromising nature of MacLeans moral judgement, in placing himself in such a self-compromising dilemma. (20)

Bean idéalach is ea Eimhir cosúil leis na mná sna seanscéalta románsacha nó le mná an *amour courtois* . Tá sí foirfe, gan cháim. Ba chóir go spreagfadh sí an fear chun gníomhartha gaisce a dhéanamh ar a son ach mar a deir Máire Ní Annracháin:

(Tá) an meán agus an cuspóir iompaithe droim ar ais. In ionad an

gníomh sa domhan lasmuigh a lua mar mheán chun an bhean a bhaint amach, luaitear an bhean mar mheán chun suaimhneas intinne a fháil ó alltacht an domhain lasmuigh, sa chás seo, alltacht na Spáinne. (21)

Ach teipeann ar an bhfear suaimhneas intinne a fháil mar tá réaltacht an fichiú haois agus coinsias cráite an daonnachtaí ag brú isteach ar románsachas na meanaoiseanna agus ní féidir an coinsias a mhúchadh. Bhí 'cumhacht uaislithe an ghrá daonna' mar cheann de bhunghnéithe an *amour courtois* (22) ach ins na dánta seo lagaíonn an grá an fear. Roghnaíonn sé 'a' bheatha bhàsail', níl a chroí 'ach leth fhailte', leanann sé 'an tslighe chrion / bheag ìosal thlàth'.

Deir Tomás Mac Síomóin:

(Eimhir) is a complex, multifaceted symbol frequently standing for private passion, a principle that is seen in Mac Gill-Éain's ethical scheme of things as vitiating political action and public duty (23).

Mar a dúradh cheana, tá an duairceas mar shaintréith d'fhilíocht Mhic Gill-Éain. Tá paisean an ghrá cráite agus díocas chun an domhan a leasú chomh láidir sin inti gur beag an tslí atá inti don éadroime croí ná don ghreann. Tá glac bheag de liricí gearra inti mar 'Fuaran', 'Abhainn Arois', 'Faoi Sheol' agus 'Soluis', a chuireann síos ar aoibhneas an ghrá agus tá cúpla dán mar 'Ceann Loch Aoineart; agus 'Creagan Beaga' a cheiliúránn an tírdhreach agus áilleacht an dúlra. De ghnáth, áfach, bíonn dáiríreacht agus mórchúis ag baint leis an bhfilíocht.

Is eisceacht don dáiríreacht seo an dán 'Am Boilseabhach'. Sa dán seo tugann an file casadh nua do théama atá coitianta in amhránaíocht na nGael, is é sin go dtagann an bhean idir an fear agus Dia nó go mb'fhearr leis beith léi ná bheith sna Flaithis.

Gan tú i láthair Dé na nGrásta
Ní sásta bheinn gan gó (24)

Naoi n-uaire, b'fhearr liom pósta leat

Go mór mhór, ná bheith i bhFlaitheas Dé (25)

A Úna bhán is tú do mhearuiigh mo chiall

A Úna is tú chuaidh go dlúth idir mé 'gus Dia (26)

Is é an creideamh in idé-eolaíocht righin an Chumannachais atá faoi ionsaí ag an ngrá in 'Am Boilseabhach'

'S mi 'm Boilseabhach nach tug suim
riamh do bhànrainn no do righ,
nan robh Alba againn shaor,
Alba co-shìnte ri ar gaol,
Alba gheal bheadarrach fhaoil,
Alba gheal shona laoch;
gun bhùirdeasachd bhig chrìon bhaoith,
gun sgreamhalachd lucht maoin;
's gun chealgairacht oillteil chlaoin,
Alba aigeannach nan saor,
Alba 'r fala, Alba 'r gaoil,
bhristinn lagh dligheach nan righ,
bhristinn lagh cinnteach shaoi,
dh' éighinn 'nad bhànrainn Albann thu
neo-ar-thainig na Poblachd ùir

Measaim go bhfuil gile agus éadroime in 'Am Boilseabhach' nach bhfeictear go minic i bhfilíocht Mhic Gill-Éain. Aisling atá ann den saol mar ba mhaith leis é a bheith. Ní saol Cumannach ná saol caipitlíoch é ach saol idéalach nach mbeadh gá le húdarás ná rialtas ar bith ann. Tá sé ag sárú réimse na loighice agus an réasúin agus ag dul isteach i réimse na samhlaíochta agus an idéalachais. Sa saol barrshamhalta seo bheadh glacadh le hEimhir, an bhean idéalach, mar bhanríon.

Feictear dom go bhfuil an phearsa ag magadh faoina dháiríreacht féin agus faoi mhoráltacht righin phiúratánach lucht na hidé-eolaíochta. Ba gheall le diamhasla dóibhsean a rá go mbeadh banríon ar Phoblacht Shóisialach na hAlban. Ach dá mbeadh Alba saor agus sona ba chuma leis faoi idé-eolaíocht agus faoi dogmachas. Mar a deir Máire Ní Annracháin:

I ndáiríre ní shantaíonn an phearsa aon chóras nua ach go mbrisfí rialacha na gcóras, fiú amháin an chórais chumannaigh. (27)

Ba bheag le Mac Gill-Éain córas ar bith. Thuig sé go maith go raibh an bhrúidiúlacht ag baint le gach córas. Dar leis go raibh pé dóchas a bhí ann ag brath ar 'gleachd a' chine-dhaonna neo-bhàsmhor'.

Sí míforúilt Mhic Gill-Éain gur éirigh leis filíocht chomh liriciúil, chomh drithleannach, a chumadh ar théamaí chomh duairc, chomh héadóchasach sin. Nuair imrítear an réasún ar chruachás na pearsan sna dánta níl romhainn ach an duibheagán. Ach nuair imríonn an file a shamhlaíocht agus a mhothúcháin air agus nuair imríonn sé cumhacht na teanga air, claochlaítear an tuafás ina ghlóir - glóir na beithe agus glóir na filíochta féin.

Tá an méid seo le rá ag an bhfile féin ina aiste 'Realism in Gaelic Poetry':

The matter of a poem must therefore be contemplated emotionally. The object contemplated may be hopeless love the destiny of mankind a lost cause or a base success. The emotion may be love, reverence..... hatred, anger or disgust..... Now the emotion with which the object is contemplated, allied with the rhythm and tone which that emotion does much to suggest, has a completely transfiguring effect on the matter contemplated, but this transfiguration is not necessarily unrealistic, and in fact the greater the poem the greater is its realism in spite of this emotional and formal transfiguration. (28)

Sí an fhilíocht 'paidir' an fhile, mar a déarfadh Seán Ó Ríordáin agus sí moráltacht an fhile mar fhile ná fírinne agus réaláocht na beatha a chur ós ár gcomhair.

Art exists to help us recover the sensation of life.... In art, it is our experience of the process of construction that counts, not the finished product (29)

Tá an mhoráltacht a léirítear i bhfilíocht Mhic Gill-Éain dolúbtha neamhghéilliúil. Caithfear rogha a dhéanamh ar thaobh amháin nó ar an taobh eile. Níl glacadh le 'leisgeal' ar bith. Níl aon *via media* ann. Tá na saintréithe céanna ag baint leis an moráltacht a léirítear i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin ach nach bhfuil sí dírithe ar chúrsaí sóisialta ach ar chúrsaí gnéis.

Bhí an-bhéim ar an ngnéas i seanmhóireacht agus i dteagasc an Chaitliceachais in Éirinn sa chéad leath den chéad seo.

Tá seo le rá ag an Ollamh J.J. Lee:

If the rhetoric of morality was not wholly confined to it, it nevertheless concentrated heavily on, the soft sexual option. A morbid preoccupation with occasions of sin in dance halls would dominate pastoral pronouncements throughout the twenties and the thirties The obsession with sex permitted a blind eye to be turned towards the social scars that disfigured the face of Ireland (30)

Píosa reitrice atá sa ráiteas seo a dhéanann simpliú, b'fhéidir, ar an scéal ach is cinnte go bhfuil bunús na fírinne ann. Bhí bochtanas agus ainnise go forleathan ar fud na tíre ach bhí furmhór na ndaoine níos fearr as ná mar bhí siad sa 19ú haois. Bhí dhá réabhlóid tar éis tarlú taobh istigh de leath chéad bliain - réabhlóid na talún agus an réabhlóid pholaitiúil agus ba bheag an fháilte a bheadh ag éinne roimh réabhlóid eile. Bhí seilbh ar a dtailte ag na feirimeoirí beaga agus, cé gur bhocht an tslí beatha a bhí ag cuid acu, bhí siad in ann maireachtáil. Bhí feabhas éigin ag teacht ar an saol sna bailte móra agus sna cathracha. Bhí tionscail bheaga caomhnaíthe dhá mbunú agus bhí roinnt tithe á dtógáil don lucht oibre. Bhí ainm an aindiachais ar an gCumannachas agus ar an Sóisialachas agus ba bheag an áird a tugadh ar dhreamanna mar Saor Éire nó an 'Republican Congress' a bhí ag iarraidh polasaithe raidiciúla sóisialta a chur chun cinn. Cuireadh an bhéim ar an gcarthanacht stáit agus ar an gcarthanacht príobháideach chun déileáil leis an mbochtanas agus leis an ainnise. Bhí forbairt tagtha ar theagasc sóisialta na hEaglaise ó 'Rerum Novarum (1891)' anonn ach bhí Diagacht na Fuascailte i bhfad amach sa todhchaí.

Fiú amháin, nuair a labhair eaglaisí faoi chursaí sóisialta tugadh an chluas bhodhar dóibh. Nuair a d'fhoilsigh Easpag Chluain Feartha, an Dr. Ó Duigeanáin, paimphléad 'Social Security: outlines of a scheme of a national health insurance', a bhí bunaithe ar theagasc sóisialta na hEaglaise, sa bhliain 1944, d'ionsaigh an tAire Tionscail agus Tráchtála, Seán Mac an tSaoi, go binbeach é. Agus tá seo le rá ag Lee:

Bishop Michael Browne of Galway, had no illusions about the demand, outside the civil service no less than within it, for uncongenial church thinking on social issues. When he posed the question in the first issue of 'Christus Rex', the sociology journal founded in Maynooth in 1947, 'why Catholic priests should concern themselves with social and economic questions', he denounced not only socialists on the one hand, but the 'bank director and economist' on the other, who wanted to confine the Church to 'confessional, sacristy and armchair' (31)

Bhí muintir na tíre agus an Rialtas ní ba choimeádaí ná an Eaglais i gcúrsaí sóisialta.

Measadh gurbh í an chráifeacht phearsanta an rud ba thábhachtaí i gcúrsaí creidimh agus bhíodhas go mór i muinín an dlí i gcúrsaí moráltachta. D'fhoghlaimíodh páistí scoile liostaí de na rudaí a hórdaíodh agus a toirmeascadh ag gach aithne agus ins na hirísí eaglasta bhíodh ranna ina bpléadh saineolaithe ceisteanna moráltachta a chuirí isteach chucu agus thugadh siad réiteach ar na ceisteanna sin. Mar a dúirt scríbhneoir amháin:

The Catholic tradition of casuistry seems to be based on the principle that for every practical moral problem there is one objectively true answer (32)

Seo mar a chuireann Liam Prút síos ar an dearcadh morálta a bhí coitianta in Éirinn sa chéad leath den aois seo:

De réir traidisiún Caitliceach na moráltachta in Éirinn cuireadh ina luí ar an óige go raibh rialacha - aitheanta Dé agus na hEaglaise - ann narbh fholáir a chomhlíonadh. Thiocfadh slánú an Chaitlicigh as na haitheanta

sin a chomhlíonadh go beacht. Ba don Chaitliceach go háirithe a bhí an slánú i ndán; bhí na toisí aige ach déanamh dá réir. B' shin é an dearcadh morálta a múnlaíodh i mbunús Caitliceach na hÉireann anall go dtí tús na seascaidí nuair a tharla réabhlóid i gcúrsaí moráltachta de thoradh Chomhairle Uilechoiteann Vatacáin a Dó (1963 - 65). Ba chuid de ghluaiseacht liobrálach san Eaglais a chuaigh i bhfeidhm ar an moráltacht dhocht dhaingean a bhí bunaithe ar an dlí agus ar umhlaíocht don reacht. Saoirse a bhí ann a thug fadhbanna léi, mar a léirigh an Ríordánach i ndán faoin teideal "Saoirse"

Is atuirseach an intinn
A thit in iomar doimhin na saoirse

Bhí sé mar chuid den "Saoirse" sin go mbeadh dearcadh eisdíritheach ag an gCaitliceach ar a Chreideamh agus go mbeadh a áird ar an leas sóisialta in áit í a bheith ar a shlánú pearsanta amháin (33).

Scríobh Ó Ríordáin 'Saoirse' i bhfad sular smaoiníodh ar Chomhairle na Vatacáine. Foilsíodh é in Comhar na Nollag, 1950 agus, mar a dúradh i gCaibidil a Dó, cuireann sé síos ar dhuine ag titim siar i simplíocht chreideamh agus mhoráltacht na hóige.

Is do thugas gean mo chroí go fíochmhar
Don rud tá srianta

Don smacht, don reacht, don teampall daoineach. (E.S. 100)

Ach, mar a deir Prút,

Ní foláir don Chríostaí na haitheanta a chomhlíonadh ach ní hiad na haitheanta a chóras beatha; ní ghabhann toisí na Críostaíochta leo; ní slí bheatha don Chríostaí iad. Slí bheatha is ea an Chríostaíocht a bhraitheann ar mhoráltacht an dlí nádúrtha atá léirithe in aitheanta Dé, sa tsí nach féidir le duine mímhorálta Dia ná Críost a thaobhachtáil. Ní ionann sin is a rá, áfach, gur duine Chríostaí ná diaga an duine morálta. Níl ann ach go bhfuil *sine qua non* an chórais creidimh aige. (34)

Múnlaíodh coinsias Uí Ríordáin ag córas chreidimh a bhí claonta go láidir chun an mhoráltachais - 'claonadh gan tábhacht na bhfiúntas eile a aithint le hais ardfiúntas na gníomhaíochta morálta' (35). Níl aon ghné den mhoráltacht is mó is féidir léi dul i dtreo an

mhorátachais ná moráltacht an ghnéis.

Tá moráltacht an ghnéis lárnach do mhoráltacht na Críostaíochta agus do mhoráltacht an Chaitliceachais go háirithe. Ní hamháin go mbaineann sé le foinsé na beatha ach bíonn a chumas ag borradh sa duine ag an am is lú a bhíonn tuiscint aige air. Tá an cumas seo chomh bunúsach i saol an duine nach raibh sochaí ann riamh nach raibh a rialacha agus a thoirmisc féin ag baint leis. Sa Chríostaíocht níl clealchtadh an ghnéis ceadaithe ach faoi chuing an phósta amháin. Tá eisceachtaí ag baint leis na haitheanta eile. Ceadaítear duit duine a mharú chun do bheatha féin a shábháil; ceadaítear goid a dhéanamh má bhíonn géarghá leis. Ach tá aon ghníomh gnéis taobh amuigh den phósadh dona ann féin.

Traditional principles of intrinsic evil occur only in the sphere of sex and in the case of the lie and the killing of the innocent (36)

Ní híonadh mar sin, nuair a tháinig ceisteanna gnéis faoi anál an dlí agus na cásaisteachta, gur timpeallaíodh iad le fo-dhlíthe agus le fo-thoirmisc. Ní hamháin go raibh gníomhartha gnéis peacúil ach leathnaíodh ar ócáidí an pheaca go dtí go raibh beagnach gach a bhain leis an ngnéas ina pheaca don duine leochailleach nó don duine scrúpallach. Ba é an toradh a bhí leis seo, uaireanta, go raibh an claonadh ann dearcadh diúltach a bheith ar an ngnéas agus é a mheas mar rud salach agus ag an am céanna bhí claonadh ann moráltacht an ghnéis a mheas mar iomlán na moráltachta agus fiú mar iomlán an chreidimh. Feictear dom go léirítear an dearcadh seo i bhfilíocht an Ríordánaigh agus go mór mhór i gcuid de na dánta in Eireaball Spideoige. Tá an méid seo le rá ag Breandan Ó Doibhlin:

Leis an fhírinne a rá, is beag nach bhfuil ach morthéama amháin in 'Eireaball Spideoige' ach go háirithe, a bhféadfaí a rá faoi go mbaineann sé go díreach leis an Chreideamh Críostaí. Isé sin an choimhlint idir an duine agus an anmhian chollaí agus an chumha i ndiaidh na neamhurchóideachta; téamaí is bun do na dánta 'Oilithreacht Fám Anam', 'Cnoc Mellerí', 'Adhlacadh mo Mháthar', 'Ualach na Beatha', 'An Leigheas', 'Dómhnach Cásca'. Isé an rud atá le sonrú ins an téama

seo ná gurb í an mhoráltacht atá i gceist. Déanta na fírinne, is mar riail bheatha a dhearcann an file ar an Chríostaíocht, níos mó ná mar choibhneas pearsanta le Dia ata ina phearsain é féin agus a ndearnadh duine de. (37)

Is annamh a chuireann Ó Ríordáin síos ar an ngnéas i gcomhthéacs an ghrá. Is mar chollaíocht a chuirtear é ós ár gcomhair go hiondúil. Ní hionann le Mac Gill-Éain, níl aon rómánsaíocht ag baint leis an mbean. Tugtar ómós di mar mháthair agus úsáidtear meafar an toirchis chun cur síos ar ghnó an fhile.

Tá aisling ann, is is eol dom í,
Ag fiuchadh i mbroinn mo shamhlaíochta,
Lasair gheal gan chorp mar ghaoith,
Is corp oiriúnach a impí aici,
Ábhar linbh í ag santú saoil,
Beań mé nach maighdean is nach máthair,
A sheanfhilí, múinidh dom glao
A mheallfadh corp dom shamhailgharlach (E.S. 36)

Ach de ghnáth, is mar ócáid pheaca, sa chiall mhórálta den fhocal agus sa chiall ríordánach de, a fheictear an bhean agus an bhanúlacht.

De bharr an chórais saoil agus creidimh inar oileadh é, ar ndóigh, bhí sé cheana féin tar éis an ghránnacht agus an gnéas a shnaidhmeadh go doscaoilte le chéile ina aigne (38)

Tá sé íorónach , mar sin, go gcuireann riachtanaisí na gramadaí iachall air an Cruthaitheoir a fheimeanú sa dán 'Toil' (LL 27)

Dírbheathnéis spioradálta is ea 'Oilithreacht fám Anam' (ES. 70). Cruthaíonn an file tírdhreach beannaithe síochánta - sort Gáirdín Éidin tíriúil. Tá an tír ag labhairt 'mar theampall'; tá na gleannta ag cromadh 'go glúin'. Tá asailín sa pháirc

Mar sheanbhean dheabhóideach
Ag déanamh turas na croise

Tá an soiscéal ag teacht ar an ngaoth agus tá 'naofacht ar an dtalamh'. Sé seo dúiche na hóige agus na neamhurchóideachta - an áit a mhair a 'chéadshearc'. Taibhsíonn a 'chéadshearc' - a mháthair, b'fhéidir, - dó, agus tionlacann sí é ar thuras fana shaol. Smaoiníonn sé ar an uair 'Fadó, fadó ar maidin' nuair a bhí an saol 'mar scéal fiannaíochta'. Feiceann sé

.... cailleach chríon sa chúinne,
A dhá hordóig ag casadh
Go tionscalach mar thuirne,
Ag piseogaíocht go gasta.

Tá sé ina chlúrachán i measc na gclúrachán. Tá 'drúcht na hóige ar bhánta'.

Go tobann athraíonn an aisling go foréigineach ina thromluí.

Ach tháinig eolas buile
A scoilt an mhaidin álainn
'Na fireann is 'na baineann,
Is chuir ruaig ar chlúrachána.

In áit na síochána ta cíor thuathail. In áit na háilleachta ta bréantas agus gáirsiúlacht. Ta gach rud a bhaineann leis an 'eolas buile' salach agus déisteanach. Tá an fios

Mar ghadhar ag déanamh caca
Ar fud an tí istoíche

Glacann deamhan na drúise seilbh air agus ní féidir leis é a smachtú ná é a dhíbirt.

Is do sháigh isteach a chosa
Im fhéitheacha mar bhríste

Airíonn sé an chollaíocht i ngach rud timpeall air - 'I lár sgigireacht béithe', 'I sólás chíoch na mban'. Feictear dó go bhfuil an saol ar fad i seilbh na ndeamhan agus go bhfuil gach duine sa riocht céanna leis.

Bhí deamhan ag cách á iompar
Mar chruit ar chruiteachána.

Téann sé chun buile agus cloiseann sé na deamhain ag scigaithris ar fhocail Geinisis, 'Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire agus líonaigí an domhan' (Gen 1, 28)

Na taiscigh do chuid fola
Do liúgh na deamhain le cheile,
Do fuairis í le dórtadh
Ar iasacht ó na déithe.

Labhraíonn a 'chéadshearc' leis agus ciúnaíonn sí a bhuile.
Cuireann sí i gcuimhne dó an deamhan a dhíbir Críost as fear. Deir sí leis gur féidir leis deamhan na drúise a chloí ach aghaidh a thabhairt air mar a rinne Críost.

Deamhan a rá, sin deamhan a chloí,
Ní fuirist é
An deamhan a rá le fuil do chroí,
Gach uile bhraon

Is tríd an bhfilíocht a dhéanfaidh sé an 'deamhan a rá'

Do ghortaigh focail aibidh Chríost
An deamhan go hae

Déanfaidh an phearsa a dheamhan fein a chloí tríd an mbréantas agus an salachar atá folaithe ina chroí a ainmniú agus a chur ós comhair an tsaol. Ansin claochlófar an saol. Beidh sé ar ais i ndúiche na neamhurchóideachta arís.

Is fanfaidh aingeal óg id chroí
Ag iompar ceoil,
Is chífir aingeal i ngach gnaoi
Go deo na ndeor

In 'Oilithreacht Fám Anam' feicimid an phearsa ag streachailt leis

an ngnéas agus leis an gcollaíocht. Níl aon aoibhneas ná pléisiúr ann. Níl aon oibíocht ag an mian ach an mhian féin. I bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain, cé go dtagann an bhean idir an phearsa agus a dhualgas tá milseacht agus áilleacht ag baint léi. Sa dán seo níl sa bhanúlacht ach rud a mhúsclaíonn agus a chorraíonn an bréantas atá i gcroí na pearsan agus a chuireann chun gealtachta é. Is cumhacht náimhdeach an gnéas agus níl mar thearmann uaidh ach ainglíocht agus neamhinscneacht na hóige. Ní mianta collaí is mó atá ag crá na pearsan ach faitíos roimh an gcollaíocht agus dá mhéid an fhaitíos sea is géire agus is cumhachtaí a airíonn sé an chollaíocht ann féin.

Luann Seán Ó Tuama an Piúratánachas le Ó Ríordáin agus luann Breandán Ó Doibhlin an lansanachas leis. Séard tá i gceist ag an mbeirt seo ná an blas láidir den déachas atá le haireachtáil sa dearcadh morálta a léitítear san fhilíocht. Séard tá sa déachas ná 'an teoiric a mhíneodh cén chaoi a bhfuil an tolc ann, le prionsabal maith agus prionsabal olc a thuiscint san réaltacht mar iomlán. (39) Tá an déachas ar cheann de na heiriceachtaí nó ar cheann de na claonta is buaine sa Chríostaíocht ó aimsir na Mainicéach sa 3ú haois anonn. Tháinig sé go láidir chun tosaigh imeasc na nAilbíseach sa 12ú agus sa 13ú haois agus imeasc na bPiúratánach agus na nLansanach sa 17ú agus san 18ú haois. Ní hionann na gluaiseachtaí sin ach tá gné amháin i gcoiteann acu, sé sin, go mbaineann an tolc leis an gcorp agus le rudaí ábhartha agus go mbaineann an mhaith leis an spiorad. Bíonn siad in amhras faoi aon rud a thábhairfidh pléisiúr corpartha nó fiú pléisiúr aestiitiúil don duine.

Bhí seo le rá ag G.K.Chesterton faoin bPiúratánachas:

I should roughly define the first spirit in Puritanism thus. It was a refusal to contemplate God or goodness with anything lighter than the most fierce concentration of the intellect Physical beauty was a false and sensual symbol coming between the intellect and the object of its intellectual worship (40)

Feicimid an déachas sa dán 'Ualach na Beatha' (E.S. 33).
Samhlaítear an dá chúrsa a bheith ós comhair an duine agus gan de
threoir aige ach an t-eispéireas chun rogha a dhéanamh eatarthu. Ar
an taobh amháin tá tarraingteacht mná.

Is minic a bhraitheas milseacht i maighdean
A fhág mé go trochailte tréith,
A dhein síoraíocht agus faoiseamh den aimsir
Is feitheamh dem ghníomhartha go léir

Ach iompaíonn an mhilseacht ina chollaíocht neamhshrianta.

Ní haonchorp mná óige bhí romham ann
Ach ilchorp na bantrachta féin.

Bhí aoibhneas gach mná dar luigh síos ann
Is fiáinmhian gach fir a saolaíodh

Níl sa ghrá agus sa románsaíocht agus i milseacht na mban ach
drúis. Níl ann ach 'aisling na feola'. Ar an taobh eile tá uaigneas
agus scéirdiúlacht na geamnaíochta agus na haonaránachta.

Ardchnoc is sneachta ar a bharr
Agus umhalmhachnamh sa spéir,
Gaoth bhorb gan fothain mhná,
Staonadh agus cúngfhocal Dé.

Níl ach an dá rogha ag an bpearsa agus tá Parrthas agus Ifreann
iontu araon. Níl sé de mhisneach aige ceachtar den dá chúrsa a
roghnú agus braitheann sé an bheatha mar ualach á bhrú síos i dtreo
is go bhfuil sé gan chumas aon rud a dhéanamh. Diúltaíonn sé don
bheatha agus fanann sé iata isteach ann féin. Tá sé ina
neamhdhuine.

Do theip orm teacht ar chruinnchomhairle
D'easpa an mhisnigh im chroí,
Do teiligeadh mé amach as na bóithre
Agus fágadh mé caite cois claí

Tá an choimhlint idir an drúis agus an ainglíocht ar siúl arís in 'Cnoc Mellerí' (E.S.64) agus gan an bhua chinnte ag ceachtar acu. Cuirtear síos ar chuairt a thugann an phearsa ar mhainistir na gCistéirseach ag déanamh a anama. Taispeántar an duine á luascadh idir an saoltacht agus an spioradáltacht. Ní féidir comhréiteach a dhéanamh idir an dá staid. Caithfear staid acu a roghnú thar a chéile.

Feicimid an phearsa ina luí ina leaba sa mhainistir,

Is laethanta an pheaca bhoig mar bhreoirteacht ar mo chúimhne...
Is dreancaidí na drúise iontu ag preabarnaigh ina mílte.

Cloiseann sé na manaigh ar a mbealach chun an tséipéil i lár na hoíche.

Meidhir, casadh timpeall is rinne san aer,
Bróga na manach ag cantaireacht.

Ar maidin, tá tost sa phroinnteach atá mar 'bhalsam don intinn'. Tá an ghrian ag stealladh tríd an bhfuinneog cruiceogach agus nuair a sheasann manach ós comhair na fuinneoige gabhann an ghrian 'cruth manaigh',

Is do thosaigh an ghrian ag léitheoireacht

Ní duine daonna an manach a thuilleadh ach spiorad.

Ach borrhann an saoltacht agus an fhearg in aigne na pearsan. Claochlaítear an léitheoir Ainglí ina 'mhanach bán námhdach'. Claochlaítear an tost agus an tsíocháin ina fhoréigean.

Go hobann casachtach an chloig,
Do múchadh an manach bhí déanta de ghréin
Is do scoilteadh an focal 'na phloic.

Téann na haíonna go 'Maolchluasach i dtreo an tséipéil'. Tá a mbeatha 'chomh dubh leis an daol' i gcodarsnacht le beatha na

manach atá 'chomh bán le braitlín'. Téann an phearsa ar a ghlúine sa séipéal,

Allas ar phaidrín brúite im láimh,
Mo bhríste dlúthaíte lem' ghlúin

Tá sé ag smaoineamh ar a chuid peacaí agus cuimhnímid ar Stephen Dedalus tar éis dó a bheith ag éisteacht leis an seanmóir i gColáiste Bevedere:

He closed the door and, walking swiftly to the bed, knelt beside it and covered his face with his hands. His hands were cold and damp and his limbs ached with chill. (41)

Tagann na manaigh isteach sa séipéal ina nduine is ina nduine. Ach ní an morshiúl meidhreach a chuala sé i lár na hoíche atá ann anois ach 'sochraid cochallach'. Féachann sé orthu agus tá sé i réimse an bháis. Cuireann na manaigh i gcuimhne dó Lazarus 'ag triall as an uaigh'. Cuimhníonn sé, b'fhéidir, ar an scéal a bhíodh coitianta ag am go ndéanadh gach Cistéirseach cuid dá uaigh féin a thochailt gach lá. Téann na manaigh ar a nglúna - 'reilig ag síorphaidreoireacht' - agus múchtar an tsíocháin agus an solas a bhí ann tamaillín ó shoin.

Is do thuirling tiúbhscamall de chlúimh na cille
Go brónach ar ghrua an tráthnóna.

Téann an phearsa i bhfeirg leis an gcóras a dhaorann duine, go mór mhór duine óg, chun báis sa bheatha.

Buachaill mar sheanduine meirtneach ag siúl,
Masla ar choimirce Dé

Tá an buachaill seo dall ar an aigne fhíáin
A thoirchíonn smaointe éagsúla

Déanann sé iarracht dul i ngleic leis an déachas agus cuimhníonn sé gurb í an bhean agus an bhanúlacht atá á chrá, a thug ionspioráid do Dante, file mór na Críostaíochta, agus a chuir ar a chumas radharc a

fháil ar Fhlaitheas Dé.

Ní bhlaifidh sé choíche tréanmheisce mná
A chorraíonn mar chreideamh na sléibhte,
Thug léargas do Dante ar Fhlaitheas Dé tráth,
Nuair a thuirling na haingil i riocht véarsaí

Ach cuireann a choinsias isteach air. Tá sé ag iarraidh cúl a thabhairt dá pheacaí agus seo anois é ag lorg leithscéalta dó féin nuair ba chóir dó a bheith umhal agus a chiontacht a admháil. Féachann sé siar ar fhásach a shaoil,

Peaca, diomhaointeas is caiteachas claon,
Blianta úrghrána neantóg,

Agus cuireann sé i gcomparáid le saol na manach é.

D'aithníos dán ar an dtoirt,
Meadaracht, glaine, doimhinbhrí is comhfhuaime

Téann sé ar faoistin ar maidin agus braitheann sé fuascailt agus saoirse agus ardú meanman.

Scaoileadh an t-ancaire, rinceas sa Laidin,
Ba dhóbaire dom tuirling ar Neamh

Bhraith Stephen Dedalus an fhuascailt céanna tar éis na faoistine.

The muddy streets were gay. He strode homeward, conscious of an invisible grace pervading and making light his limbs. In spite of all he had done it. He had confessed and God had pardoned himIt would be beautiful to die if God so willed. (42)

Tá brú na heagla agus na ciontacht scaoilte. Tá dearmad déanta ar an mbás agus tá milseacht sa bheatha.

Ach ní féidir maireachtáil ró fhada ar an ardchéim seo. Tosaíonn an luascadh arís agus brúnn na ceisteanna isteach. Tagann féinmhuinín leis an bhfuascailt agus athmhúsclaítear an

easumhlaíocht.

Ach do bhlaiseas, uair eile, iontaobh asam féin,
Mo chuid fola ag fiuchadh le neart,
Do shamhlaíos gur lonnair im intinn an Spiorad Naomh
Is gur thiteadar m'fhocail ó Neamh

Buarach ar m'aigne Eaglais Dé,
Ar shagart do ghlaofainn coillteán,
Béalchráifeacht an Creideamh, ól gloine gan léan,
Mairfeam go dtiocfaidh an bás.

Ní fada a mhaireann an bhréagmhisneach seo ach oiread. Caitheann aghaidh a thabhairt ar an saol réaltaíoch agus ar an síorchaith idir anam agus corp. Tá faoiseamh fáighte ach is faoiseamh sealadach é.

Sranntaireacht na stoirme i Mellerí aréir
Is laetheanta an pheaca bhoig mar bhreiteacht ar mo chuimhne
Is na laetheanta a leanfaidh iad faoi cheilt i ndorn Dé,
Ach greim an fhir bháite ar Mhellerí an sugán seo filíochta

Is léiriú an-chruinn é 'Cnoc Mellerí' ar mheon an duine scrúpallach anabáí agus é ag coraíocht le fadhbanna na collaíochta agus na geanmnaíochta. Tá an dá rud leithleach óna chéile agus náimhdeach lena chéile. Is cáilíochtaí diúltacha iad araon. Is ionann an gheanmnaíocht agus gan bheith drúisiúil; is ionann an chollaíocht agus gan bheith geanmnaí. Is léir ón tagairt a dhéanann an phearsa do Dante go bhfuil iomas aige nach mar sin atá an scéal ach tá buarach an mhoráltachais agus an déachais air agus tá sé chomh gafa le staid a anama nach bhfuil de mhisneach ná de neart ann an buarach sin a bhriseadh. Tá na mianta, idir mianta na colainne agus mianta an anama 'Ag dreapadóireacht gan chomhlíonadh' (Saoirse ES. 100).

Deir Breandán Ó Doibhlin:

Ní hionann sin is a rá nach ábhar filíochta do Sheán Ó Ríordáin an anbhuaín seo a chuireann rogha na Críostaíochta air. Go deimhin féin,

is é is údar do na codanna is fuinneamhaí de na dánta fada ‘Cnoc Mellerí’ agus ‘Oilithreacht fám Anam’: an machnamh úd ar mórshiúl na manach amach as an séipéal tar éis coimpléid, nó an léiriú grotesque a thugann sé ar ‘eolas buile’ na gnéasúlachta ag líonadh, agus ag bréanadh, a shaoil go hiomlán. Ach ar an dtaobh eile dhe, fágann an dearcadh seo an file ag braith ar an déachas anam / corp, peaca / soineantacht, rud a thiomáineann an scríbhneoir i dtreo na háibhéile agus a chuimsíonn a réim muna gcoilleann sé forbairt na samhlaíochta aige ar fad...Is é an chríoch atá air ná saghas draíocht nó meallacacht a bheith ag baint leis an pheaca agus leis an neamhurchóideacht faoi seach; agus cruthaítear románsachas liteartha a bhfuil baol an mhaoithneachais go láidir ann. (43)

In ‘Cnoc Mellerí’ feictear an románsachas agus an maoithneachas seo sa chur síos atá ann ar shíochán agus ar shoineantacht shaol na manach ar an taobh amháin agus ar sheirge agus ar sheisce an tsaoil céanna, ar an taobh eile agus freisin sa chaint leanbaí a úsáidtear chun cur síos ar an gcodarsnacht idir staid anama na manach agus staid anama na n-aíonna - ‘chomh bán le braitlín’, ‘chomh dubh leis an daol’. Tá sé le tuiscint sna dánta seo gur féidir éalú ó chathuithe na colainne agus ó chontúirtí morálta na beatha tré chuing chrábhaigh a ghabháil nó tré thitim siar i soineantacht agus i leanbaíocht an hóige. Tá an tuiscint céanna sa dán luath ag Hopkins, ‘Heaven-Haven’.

I have desired to go
Where springs not fail,
To fields where flies no sharp and sided hail
And a few lilies blow.

And I have asked to be
Where no storms come,
Where the green swell is in the havens dumb
And out of the swell of the sea (44).

Tá sé suntasach go bhfuil furmhór na ndánta ina bpléann Ó Ríordáin moráltacht an ghnéis le fáil in Eireaball Spideoige. Ina dhiaidh seo mar a deir Breandán Ó Doibhlin, d’aimsigh sé ‘treó úr agus foinse níos domhaine dá chuid ionspioráide’ (45). Ach ins na

dánta seo léirítear leagan an-teoranta, an-lochtach de mhoráltacht na Críostaíochta. Tá an phearsa iontu iata isteach ann féin, ag smaoineamh ar a chás féin i gcónaí. Tá an grá - grá Dé don duine agus grá an duine do Dhia agus don chomharsain - in easnamh iontu ar fad. Tá an dearcadh morálta a léirítear iontu truaillithe ag eireacacht an déachais. Ach baineann an dearcadh seo chomh maith le nádúr agus pearsantacht an fhile féin.

Mar a deir Seán ÓTuama:

An tuairim i bhfilíocht an Ríordánaigh gur rud urchóideach go bunúsach an saol agus an gnáthnádúr daonna, is í an ghné is míthaitheamhaí agus is beagmhaitheasaí í den oidhreacht fhealsúnta Chríostaí a shealbhaigh pobail iarthar domhain. Ba chuid an-láidir dár ngnáth-aighe an tuairim seo tamall, ach tá sí anois ag dul ar gcúl de réir a chéile. An mothú duibheagánta, áfach, atá sa chuid is fearr de shaothar an Ríordánaigh, an mothú gur cíor thuathail atá sa chruinne ina thimpeall, is mothú pearsanta é seo a eascraíonn aníos as cuilthe a nádúir. Is é sin, ní teoiric é. Mothaíonn daoine áirithe i ngach tír is i ngach aois é. (46)

Feicimid malairt tuisceanna den mhoráltacht i gcuid de na dánta sna cnuasachtaí deireanneacha. In 'Dom Cháirde' (LL41) ionsaíonn sé lucht na n-institúidí i ngeall ar a bhféinchúis agus a bhféinspéis agus i ngeall ar a bhfimíneacht i leith na mbocht agus na ndaoine nach bhfuil go maith as.

Seasaíonn bhur gcainteanna lánmhara,
bhur dtacaíocht d'bhur n-aicme bheag
don éagóir atá an láidir á imirt ar an lag
ar scáth an teagasc éithigh,
tá sibhse fós a chraoladh,
thar ceann na fírinne dá gcreidfí sibh,
in ainm Chríost tá coillte agaibh.

Is cinnte gurb iad lucht na hEaglaise is mó atá i gceist aige agus measann Seán Ó Coileáin (47) gurb ar a bhuanchara, an tAthair Tadhg Ó Murchú thar aon duine eile atá an dán dírithe. Cuireann reitric an dán seo i gcuimhne dúinn na hionsaithe a dhéanann

Somhairle Mac Gill-Éain ar lucht na hEaglaise in 'Ban-Ghàideal' agus go mór mhór in 'An Cuilithionn', Earrann ii.

Seo latha eile air na sléibhteann
Is Alba mhór fo bhinn bhéistean,
A mìltean bhochdan air a spùilleadh
Air am mealladh 'nan cuis-bhùrta
Air am briagadh, air am ungadh
Aig maithean is bùirdeasai dhiadhaidh
Tha deanamh bùirdeasach de Chriosda

Tá blas Proinnsiasach ar 'Ní Ceadmhach Neamhshuim'. (LL 40)

Níl cuil, níl leamhan, níl beach,
Dár chruthaigh Dia, níl fear,
Nach dualgas dúinn a leas,
Níl bean; ní ceadmhach neamhshuim
A dhéanamh dá n-ímní;
Níl gealt i ngleann na ngealt,
Nár chuif dhúinn súf lena ais,
A thionlacan an fhaid
A iompraíonn thar ár gceann
Ár dtinneas-ne 'na meabhair.

Tá tuiscint nua anseo ar pheacúlacht agus ar chiontacht agus ar fhreagracht an uile dhuine i bhfulaingt agus in ainnise an tsaoil, tuiscint atá níos daonnaí agus níos Críostaí ná an tuiscint a léirítear in Éireaball Spideoige. Tá duairceas i leith an tsaoil ann ach fós tá carthanacht ann atá dírithe amach ar an saol mór in áit na féintrua agus na féinspéise a bhí dírithe isteach ar an bpearsa féin.

CONCLÚIDÍ

Ag tús na caibidile seo, chuir mé romham scrúdú a dhéanamh ar an dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain agus i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin faoi seach. Mar chonclúid, is féidir a rá go bhfuil difríochtaí suntasacha sa bhéim a chuirtear ar ghnéithe áirithe den mhoráltacht i bhfilíocht na beirte agus go bhfreagraíonn na difríochtaí seo cuid mhór do na difríochtaí béime atá le haireachtáil sa Phrotastúnachas agus sa Chaitliceachas i gcúrsaí moráltachta.

Tá an dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht Mhic Gill-Éain dírithe ar dhualgas sóisialta an duine. Is siombail í an bhean san fhilíocht den mhian phearsanta a thagann idir an fear agus a dhualgas i leith daoine eile. Freagraíonn an cúram sóisialta seo don chlaonadh atá sa Phrotastúnachas, agus go háirithe sa Chailbhíneachas, an bhéim a chur ar dhualgas an duine i leith a chomharsan agus i leith an phobail. Soláthraíonn Sóisialachas Mhic Gill-Éain córas idé-eolaíoch don chlaonadh sin.

Tá an dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht Sheáin Uí Ríordáin dírithe ar chúrsaí gnéis. Áirítear an chollaíocht mar an príomh bhac a thagann idir an duine agus a dhualgas do Dhia agus féachtar ar an mbean agus ar an mbanúlacht mar ócáid pheaca don fhear. Freagraíonn an dearcadh seo sa chéad áit don ionad lárnach atá ag moráltacht an ghnéis sa Chríostaíocht agus go háirithe sa Chaitliceachas. Ach, cuirtear an mhoráltacht as a riocht ag an déachas, a bhfuil blas láidir de le haireachtáil i bhfilíocht an Ríordánaigh agus atá, i ndáiríre, ina eiriceacht don Chríostaíocht agus don Chaitliceachas.

NÓTAÍ

1. Colmán Ó Huallacháin, Foclóir Fealsaimh, (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1993)
2. Vincent McNamara, "Approaching Christian Morality", The Furrow, Aibreán 1977, 218.
3. Tomás Acuin luaite ag Vincent McNamara in "Approaching Christian Morality", 219.
4. Enda Mc Donagh, Gift and Call, (Dublin: Gillard Macmillan 1975) 6-7.
5. Hans Kung, On Being a Christian, aist, Edward Quinn, (London: Collins, 1977), 584.
6. Colmán Ó Huallacháin, Foclóir Fealsaimh.
7. Somhairle Mac Gill-Éain, "My Relationship with the Muse" in Ris A' Bruthaich: Criticism and Prose Writings: in eag, William Gillies (Stornway: Acair, 1986) 12.
8. Charles Donnelly luaite Joseph O'Connor, Even the Olives Are Bleeding: The Life and Times of Charles Donnelly. (Baile Átha Cliath: New Island Books, 1992) 127.
9. W.B. Yeats, "Easter 1916" in The Collected Poems of W.B. Yeats, (London: MacMillan, 1961), 202
10. W.B. Yeats, "In Memory of Eva Gore-Booth and Con Markievicz" in Collected Poems, 263.
11. W. B. Yeats, "Meditations in Time of Civil War: The Road at my door" in Collected Poems, 229
12. Douglas Sealy, "Out from Skye to the World: Literature, History and the Poet" in Sorley McLean: Critical Essays, in eag. Raymond J. Ross and Joy Hendry, (Dún Éideann: Scottish Academic Press, 1986), 69.
13. Jean-Paul Satre luaite ag Tomás Mac Síomóin, "Poet of Conscience: The Old and the New in the Poetry of Somhairle Mac Gill-Éain" in Ross and Hendry: Critical Essays, 119.
14. John McInnes, "A Radically Traditional Voice: Sorley McLean and the Evangelical Background" in Cencrastus 7, Geimhreadh 1981-82, 16.

15. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir: An Slánú i bhfilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain. (Maigh Nuad: An Sagart, 1992), 155.
16. Joy Hendry, “Sorley McLean: the Man and His Work” in Ross and Hendry, Critical Essays, 23.
17. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir, 153.
18. Ibid. 157.
19. John Cornford, “Poem”, aistriú go Gàidhlig ag Somhairle Mac Gill-Éain in O Choille gu Bearradh, (London: Vintage, 1991), 304.
20. Joy Hendry, “Sorley McLean: The Man and His Work” in Ross and Hendry, Collected Essays, 24.
21. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir, 153.
22. Seán Ó Tuama, An Grá in Amhráin na nDaoine, (Baile Átha Cliath: An Chlóchomhair, 1960), 3.
23. Tomás Mac Síomóin, “Poet of Conscience: The Old and the New in the Poetry of Somhairle Mac Gill-Éain” in Ross and Hendry, Critical Essays, 116-117.
24. Amhráin Mhuighe Seóla: Traditional Songs from Galway and Mayo. Collected and Edited by Mrs. Costello. Tuam. (Baile Átha Cliath: Talbot Press, 1923), 55.
25. *ibid.*, 137.
26. Douglas Hyde, Abhráin Grá Chúige Chonnacht. or. Love Songs of Connacht. (Baile Átha Cliath: Gill; London: T. Fisher Unwin, 1893; repr., Shannon: Irish University Press, 1969), 58.
27. Máire Ní Annracháin, Aisling agus Tóir, 163.
28. Somhairle Mac Gill-Éain, “Realism in Gaelic Poetry” Ris A’ Bhruthaic, 16.
29. Victor Shklovsky, luaite ag David Lodge in The Modes of Modern Writing. (London: Arnold, 1979), 13.
30. J.J. Lee, Ireland 1912-1985: Politics and Society. (Cambridge: University Press, 1989), 158-159.

31. *ibid.*, 579.
32. Patrick McGrath, "Natural Law Ethics - Has it a future?" The Furrow, Aibreán 1968, 209.
33. Liam Prút, Máirtín Ó Direáin: File Tréadúil, (Maigh Nuad: An Sagart, 1982) 31-32.
34. *ibid.*, 31.
35. Colmán Ó Huallacháin, Foclóir Fealsaimh.
36. Denis O Callaghan, "Moral Principle and Exception" in The Furrow, Samhain 1971, 689.
37. Breandán Ó Doibhlin, "Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach" in Aistí Critice agus Cultúir, (Baile Átha Cliath: FNT), 51.
38. Seán Ó Tuama, Filí Faoi Sceimhle, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978), 43.
39. Colmán Ó Huallacháin, Foclóir Fealsaimh.
40. G.K.Chesterton, George Bernard Shaw, (London: Guild Books, 1949), 20.
41. James Joyce, A Portrait of the Artist as a Young Man, (London: Cape, 1952), 155.
42. *ibid.*, 166.
43. Breandán Ó Doibhlin, "Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach" in Aistí Critice agus Cultúir, 52-53.
44. G.M.Hopkins, Poems and Prose of Gerard Manley Hopkins, in ead. W.H.Gardner (Harmondsworth: Penguin Books, 1971), 5.
45. Breandán Ó Doibhlin, "Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach", 53.
46. Seán Ó Tuama, Filí Faoi Sceimhle. 73.
47. Seán Ó Coileáin, Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar, (Baile Átha Cliath: An Chlóchomhair, 1982) 111-112.

TÁTAL

Tã cur síos déanta agam san aiste seo ar fhilíocht Shomhairle Mhic Gill Éain agus ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin faoi thrí ghné:

1. An chaoi ar éirigh leo beirt friotal fileata a chruthú a bhí inniúil ar chúraimí a linne agus a ndearcadh féin ar an saol a chur in iúl go héifeachtach agus go healaíonta.
2. An tionchar a bhí ag na córais reiligiúin inar tógadh iad ar a gcuid filíochta.
3. An dearcadh morálta a léirítear i bhfilíocht na beirte faoi seach.

Bhí idir fhilíocht na Gàidhlig agus fhilíocht na Gaeilge dulta i leimhe faoin am ar thosaigh an bheirt fhile ag scríobh. An méid a scríobh Domhnall Mac Amhlaigh faoi bhàrdachd thraidisiúnta na Gàidhlig, d'fhéadfaí an rud céanna a rá faoi fhilíocht thraidisiúnta na Gaeilge.

Bha ealain a' bháird a' toirt cothrom do'n luchd-éisteachd a dhul an compàrt culturach; agus bha an compàrt sin a daingneachadh an gréim air an ionad chulturach. (1)

Ba iad príomhshúilcís na filíochta ná a bheith ceart de réir gramadaí agus meadrachta agus a bheith dílis don traidisiún.

Chuaigh Mac Gill-Éain agus Ó Ríordáin i dteangmháil le nuafhilíocht an Bhéarla agus na hEorpa, filíocht gurbh iad braithstintí agus eispéireas phearsanta an duine aonair agus ní comhthuiscentí agus comh-sheanchuimhní an phobail a n-ábhair. Ba í an fhilíocht féin príomhaidhm agus príomhghnó na filíochta agus ní gnóthaí seachtracha mar theagasc nó spreagadh nó comóradh.

The technical merit of a poem is measured by its accuracy, not by the importance of a rough approximation of what is being said, nor by the number of people to whom it is immediately intelligible. (2)

Ach,

Good poetry is more likely to be written about subjects which are, to the writer, important because only on subjects of personal importance to himself does he feel the need for accuracy of speech which itself lessens the tensions which it describes. (3)

Scríobhann Mac Gill-Éain agus Ó Ríordáin faoi ábhair atá práinneach dóibh - ábhair a eascraíonn ó na teannais ina saoil féin. Scríobhann siad faoi 'áiteanna in aigne agus i gcroí an duine ná bíonn insint orthu i gcaint daoine' Cruthaíonn siad a dteangacha príobháideacha 'chun go bpléifí suathadh aigne a linne' (4)

Cloíonn Mac Gill-Éain leis an traidisiún ó thaobh ábhair na ndánta. Scríobhann sé faoi stair a mhuintire, faoin ngrá, faoin tírdhreach agus faoin dúlra. Ach leathnaíonn agus doimhníonn agus saibhríonn sé na hábhair sin tríd an gcumas atá aige brí uilíoch a thabhairt do shainrud. Is coill álainn bheithe í Coill Hallaig ach is siombail í den mhaith a eascraíonn ón olc agus is siombail í den tnúthán atá aige, gur féidir leis an ngrá an bás a chur ar ceal. Baineann Eimhir le traidisiún an *amour courtois* ach is siombail í den mhian a thagann idir an duine agus a dhualgas agus is siombail í den 'crích dheireannach', an absalóid, nach féidir a aimsiú.

Chreid Ó Ríordáin gur sa Ghaeilge ab fhearr a d'fhéadfadh sé é féin a chur in iúl. Ach thuig sé freisin nach raibh Gaeilge a óige ná Gaeilge na leabhar inniúil ar 'shuathadh aigne a linne' ná a shuathadh aigne féin a léiriú. D'aimsigh sé uirlis a chuir ar a chumas é sin a dhéanamh sa siombalachas. Cuireann sé síos ar bháine na reilige faoi shneachta in 'Adhlacadh mo Mháthar', ach tá sé ag cur síos freisin ar phearsantacht agus ar shúáilcí a mháthar atá á cur sa reilig chéanna. Cuireann sé síos in 'Claustrophobia' ar ghloine fíona agus ar choinneal agus ar dhealbh an Tiarna ar bhord ach tá sé ag tagairt freisin do sceon an íobartaigh atá le hofráil ar altóir.

Ach fanann sé dílis do thraidisiún fhilíocht na Gaeilge mar úsáideann sé na siombailí i gcomhthéacs na scéalaíochta agus na

drámaíochta. Ní bhíonn na samhailtí ann ar a son féin ach eascraíonn siad ón eachtra nó ón ócáid dhrámata. Agus is cuid dhílis de thraidisiún liteartha na Gaeilge, freisin, an greann atá go forleathan ina chuid filíochta.

Bhí an reiligiún lárnach do shaol na bpobal inar tógadh an bheirt fhíle, an Cailbhíneachas i gcás Mhic Gill-Éain agus an Caitliceachas i gcás Uí Ríordáin. Tá tionchar an reiligiúin le feiceáil go láidir ar fhilíocht na beirte. Baineann siad araon feidhm as friotal agus íomhánna reiligiúnacha agus deir Mac Gill-Éain gur chuir seanmhóireacht agus díospóireacht na hEaglaise go mór lena chumas teanga.

Chuaigh teagasc an Réamhordaithe, mar a tuigeadh dó é, go mór i gcion ar Mhac Gill-Éain. Ní fhéadfadh sé creidiúint go ndaorfaí furmhór na ndaoine go hlfreann dá n-ainneoin féin agus shéan sé an Saor-Phreisbitéarachas. Ach d'fhág an teagasc a rian ar a chuid filíochta agus is é is ciontsiocair leis an duairceas atá mar shaintréith di. Thug sé aghaidh ar cheisteanna meitifisiciúla an oilc agus an bháis tré mheán na miotaseolaíochta, na staire agus an bhéaloidis agus tháinig sé ar an tuiscint go bhfuil an t-olc agus an mhaith do-scartha agus go n-eascraíonn siad óna chéile. Ach laistiar den duairceas tá an tnúthán ann gur féidir comhréiteach nó 'Cochur' a dhéanamh idir an t-olc agus an mhaith agus is ionann an tnúthán sin agus an tnúthán leis an Absalóid.

Múnlaíodh córas smaointe Uí Ríordáin ag an gCaitliceachas agus léirítear ina chuid filíochta corthaí creidimh an duine atá ag iarraidh comhréiteach a dhéanamh idir creideamh simplí a óige agus a eispéireas den saol. Tá a theoiric fhíleata bunaithe ar thuiscint an Chaitliceachais go bhfuil eisint bhuan do-athraithe ag gach duine ach go bhfuil an eisint sin truailithe agus folaithe ag an saol. Sé príomhthéama a chuid filíochta ná an tóir ar an eisint, an 'mise ceart' an sainmhúnla. Is féidir le duine a shainmhúnla féin a aimsiú tré shainmhúnla duine nó ruda eile a aimsiú agus nuair a tharlaíonn sin

bíonn filíocht ann.

Tá difríochtaí idir an Caitliceachas agus an Protastúnachas i dtaobh na béime a chuirtear ar ghnéithe áirithe den mhoráltacht agus léirítear na difríochtaí seo i bhfilíocht na beirte.

Cuireann an Protastúnachas an bhéim ar shaoirse choinsias na hindibhíde agus tugtar tús áite don mhoráltacht shóisialta. Sí an phríomhghné den mhoráltacht a phléitear i bhfilíocht Mhic Gill-Éain, ná an dualgas atá ar an duine an ceart a sheasamh do dhaoine eile. Is é an laochas, más ar son an chirt é, caighdeán na moráltachta aige agus is siombail í an bhean den mhian phearsanta a thagann idir an fear agus a dhualgas poiblí. Cé gur shéan sé creideamh a óige, múnlaíodh a choinsias ag an gCailbhíneachas agus sholáthraigh an Sóisialachas córas idé-eolaíoch dó ar ar imir sé an coinsias sin.

I bhfilíocht an Ríordánaigh, go mór mhór ins na dánta in Eireaball Spideoige, léirítear an bhean agus a banúlacht mar bhac idir an fear agus a dhualgas i leith Dé. Is mar oibíocht na collaíochta agus na drúise a léirítear an bhean agus ní mar oibíocht an ghrá. Is ó thuiscint lochtach de theagasc an Chaitliceachais faoin ngnéas, tuiscint atá truaillithe ag claonadh chun an déachais, a eascraíonn an dearcadh sin. Ach eascraíonn sé freisin ó phearsantacht agus íogaireacht an fhile féin. Tá sé suntasach gur ins na dánta luatha is mó a phléitear moráltacht an ghnéis agus go léirítear tuiscint i bhfad níos leithne agus níos daonna agus níos Críostaí den mhoráltacht, ins na dánta deireanacha.

Is mórfhíle iad Somhairle Mac Gill-Éain agus Seán Ó Ríordáin araon. Rinne siad filíocht na Gàidhlig agus filíocht na Gaeilge d'athnuachan agus d'athbheochan. Bhris siad cuibhrigh an traidisiúin ach, ag an am céanna, d'fhan siad dílis don traidisiún. Ghlac siad teicníochtaí agus iomais fhillíocht an Bhéarla agus na hEorpa agus shaibhrigh siad filíocht a dteangacha féin leo. Cé gurb iad a gcúraimí pearsanta agus cúraimí a gcomhaoisigh a phléitear ina

gcuid filíochta, is cúraimí uilíocha iad seo toisc go bhfuil an fhilíocht gafa le buncheistean na beatha, an mhaith agus an t-olc, an grá agus 'crích dheireannach' an duine.

NÓTAÍ

1. Domhnall Mac Amhlaigh, Nua Bhàrdachd Ghàidlig / Modern Scottish Poems, (Dún Éideann: Canongate, 1980), 19.
2. Michael Roberts, The Faber Book of Modern Verse in eagr., Michael Roberts, 3ú heagrán. (London: Faber and Faber, 1979), 3.
3. *ibid.*, 3.
4. Seán Ó Ríordáin, "Teangacha Príobháideacha" in Scríobh 4, 1979, 17.

Leabharliosta

- An Bíobla Naofa - (Máigh Nuad: An Sagart 1981).
- Belloc, Hilaire - The Great Heresies (London: Sheed and Ward 1938).
- Campbell, Angus Peter - ead. Somhairle: Dàin is Deilbh; a Celebration on the 80th. Birthday of Sorley MacLean (Stornoway: Acair 1991).
- Chesterton, G.K. - George Bernard Shaw, (London Guild Books 1949).
- Costello, Mrs. - Amhráin Mhuigh Seóla (Baile Átha Cliath: Talbot Press 1923).
- De Bhaldraithe, Tomás - “File Nua Albanach”, Comhar, Iúil 1944.
- Donoghue, Denis - “A Vocation for Remorse”, léirmheas ar Reothairt is Contraigh in ‘The Times Literary Supplement’, 9 Deireadh Fomhair 1977.
- Dixon, W., Mac Neil and Grierson H.J.C. - ead. The English Parnassus: An Anthology, Chiefly of Longer Poems, (Oxford: Clarendon Press 1909).
- Eliot, T.S. - Collected Poems of T.S. Eliot, (London: Faber and Faber 1956).
- Hendry, Joy - “Sorley MacLean: The Man and His Work”, in Ross and Hendry, Critical Essays
- Herdman, John - “The Ghost seen by the Soul”, in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Hopkins, Gerard Manley - Poems and Prose of Gerard Manley Hopkins, ead. W.H.Gardner (Harmondsworth: Penguin 1963).
- Hyde, Douglas - Abhráin Grádh Chuíge Chonnacht: Love Songs of Connacht, (Baile Átha Cliath: Gill, London: T. Fisher Unwin 1893).
- Joyce, James - A Portrait of the Artist as a Young Man, (London: Jonathan Cape 1952).
- Kavanagh, Patrick - Patrick Kavanagh: The Complete Poems, (Newbridge: The Goldsmith Press 1984).
- Kung, Hans - On Being a Christian, (London: Collins 1977).
- Lee, J.J. - Ireland 1912 - 1985: Politics and Society (Cambridge: University Press 1989).

- Lodge, David, - The Modes of Modern Writing. (London: Arnold 1977).
- MacAmhlaigh, Domhnall - Nua Bhàrdachd Ghàidhlig: Modern Scottish Gaelic Poems: a Bilingual Anthology. (Edinburgh, Canongate 1987).
- Mac Gill-Éain, Somhairle - Ris a' Bhruthaich: Criticism and Prose Writings. in eag., William Gillies (Stornoway: Acair 1985) Dàin do Eimhir agus Dàin Eile. (Glaschu: William MacLellan 1943). Poems to Eimhir aist. Iain Crichton Smith, (Newcastle on Tyne: Northern House 1971). O Choille gu Bearradh / From Wood to Ridge: Collected Poems in Gaelic and English. (London: Vintage 1991).
- Mac Gill-Éain, Somhairle - "Realism in Gaelic Poetry", in Ris a' Bhruthaich. Foilsíodh don chéad uair in Transactions of the Gaelic Society of Inverness. Vol xxxvii. 1934-36 "My Relationship With the Muse" in Ris a' Bhruthaich. Foilsíodh don chéad uair in Chapman. 17 (1976).
- McCaughey, Terence - "Sorley MacLean: Continuity and the Transformation of Symbols" in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Mac Donagh, Enda - Gift and Call. (Dublin: Gill and Macmillan, 1975).
- Mc Grath, Patrick - "Natural Law Ethics - Has it a Future"? The Furrow. Aibreán 1968.
- McInnes, John - "A Radically Traditional Voice: Sorley MacLean and the Evangelical Background", Cencrastus. 7, 1981. "Language, Metre and Diction, in The Poetry of Sorley MacLean", in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Mac Réamoinn, Seán - eag. The Pleasures of Gaelic Poetry. (London: Allen Lane 1982).
- Mhac an tSaoi, Máire - "Filíocht Sheáin Uí Ríordáin", Feasta. Márta 1953.
- Montague, John - "A Northern Vision", in The Pleasures of Gaelic Poetry.
- Mac Síomóin, Tomás - Poet of Conscience: The Old and the New in the Poetry of Somhairle Mac Gill-Éain", in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Mercier, Vivian - The Irish Comic Tradition. (London: Souvenir Press 1991).

- Meyer, Kuno - Ancient Irish Poetry, (London Constable 1913).
- Ní Annracháin, Máire - “An tAinm Dlíis agus an Dílseacht Fhileata”, in Léachtaí Cholm Chille. xviii (1986).
- Ní Annracháin, Máire - Aisling agus Tóir: An Slánú i bhFilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain. (Maigh Nuad: An Sagart 1992).
- Nic Gearailt, Eibhlín - Seán Ó Ríordáin agus ‘An Striapach Allúrach’, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1988).
- O’Brien, Frank - Filíocht Ghaeilge na Linne Seo. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1968).
- O’ Callaghan, Denis - “Moral Principle and Exception”, The Furrow, Samhain 1971.
- Ó Coigligh, Séamus - “Shaun and Shem”, An Duine is Dual.
- Ó Coileáin, Seán - Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1982).
- O’Connor, Joseph - Even The Olives are Bleeding. (Dublin: New Island Books 1992).
- Ó Direáin, Máirtín - Litir in Feasta, Bealtaine 1953.
- Ó Direáin, Máirtín - Máirtín Ó Direáin: Selected Poems: Tacar Dánta. (Newbridge: The Goldsmith Press 1984).
- Ó Doibhlin, Breandán - Aistí Critice agus Cultúir. (Baile Átha Cliath: FNT)
- Ó Doibhlin, Breandán - “Frank O’Brien agus Seán Ó Ríordáin”, in Comhar. 1970. “Seán Ó Ríordáin agus an Spiorad Barócach”, in Aistí Critice agus Cultúir. “Mórfhile Ghael Alban”. *ibid.*, “Téama an Dúchais i Nua Litríocht na Gaeilge”, *ibid.*, “In Spite of Sea and Centuries”, in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Ó Dúshláine, Tadhg - Paidir File: Filíocht Sheáin Uí Ríordáin. (Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta 1993).
- Ó hAirtnéide, Micheál - Dánta Naomh Eoin na Croise. (Baile Átha Cliath: Coiscéim 1991).
- Ó hAnluain, Eoghan - eag., An Duine is Dual. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1980).
- Ó Huallacháin, Colmán - Foclóir Fealsaimh. (Baile Átha Cliath: An Gúm 1993).
- Ó Mórdha, Seán - “Réamhrá”, Scríobh, 4 (1979). “An Púca

- Léannta" in, An Duine is Dual.
- Ó Ríordáin, Seán - "Scríobh na Filíochta", Scríobh, 2 (1975).
"Teangacha Príobháideacha", Scríobh, 4 (1979).
- Ó Ríordáin, Seán - Eireaball Spideoige. (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, An Ceathrú Cló 1976).
Brosna. (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, an Seachtú Cló 1979).
Línte Liombó. (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, an Dara Cló 1974).
Tar Éis Mo Bháis, in eag., Seán Ó Coileáin, (Baile Átha Cliath: Sáirséal. Ó Marcaigh 1981).
- Ó Tuama, Seán - An Grá in Amhráin na nDaoine. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1978).
Filí Faoi Sceimhle. (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair 1978)
eag., An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossed, aist. Thomas Kinsella, (Mountrath: Dolmen 1981).
eag., Nuabhéarsaíocht. (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill 1950).
- Ó Flaithbheartaigh, an tAt.M. D.ré D. aist. Teagasc Críostaí Mhaighe Nuadhat. (Baile Átha Cliath: Dollard 1934).
- Prút, Liam - Máirtín Ó Direáin: File Tréadúil, (Maigh Nuad: An Sagart 1982).
- Roberts, Michael - eag., The Faber Book of Modern Verse, revised, Donald Hall, (London: Faber and Faber 1965).
- Ross, R.J. & Hendry, Joy - Sorley MacLean: Critical Essays, (Edinburgh Academic Press 1986).
- Ross, Raymond J. - "Marx, Mac Diarmaid and MacLean", in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Ross, William - Gaelic Songs by William Ross, cruinnithe ag John MacKenzie, in eag., George Calder, (Edinburgh 1937).
- Sealy, Douglas - "Out From Skye To the World", "Literature, History and the Poet", in Ross and Hendry, Critical Essays.
- Thomson, Derrick - An Introduction to Gaelic Poetry. (London: Victor Gollancz 1977).
- Teilhard de Chardin, Pierre- Le Milieu Divin. (London: Collins, Fontana 1964).
- Williams, J.E. Caerwyn - Traidisiún Liteartha na nGael. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1979).
agus Ní Mhuiríosa, Máirín
- Yeats, W.B. - Collected Poems. (London: Macmillan 1976).

Aqallaimh - le Somhairle Mac Gill-Éain

- Foireann INNTI, - "Scots Steel Tempered Wi' Irish Fire: Cómhrá le Somhairle Mac Gill-Éain", Innti, 10 (1986).
- Hendry, Joy - "An Interview With Sorley MacLean", Chapman, 66 (Autumn 1991).
- Mac Donald,
Donald Archie - "Some Aspects of Family and Local Background: an Interview With Sorley MacLean", in Ross and Hendry, Critical Essays.

Aqallamh le Seán Ó Ríordáin

Seán Ó Mórdha, "Seán Ó Ríordáin ag Caint", Scríobh, 3 (1978).

Clár Saothair

"Seán Ó Ríordáin: Clár Saothair", Comhar, Bealtaine 1977.

Clár Taispeántais

"Somhairle Mac Gill-Éain: - Sorley MacLean", (Edinburgh: National Library of Scotland 1981).